www.gaelsceal.ie

Forlíonadh 8 leathanach saor in aisce! - nós*

Seaimpín den scoth

L. 40

ISSN 2009-3055
€1.65 (£1.50)
Uimh. 27

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge
24.09.2010

"Ceist Cowen thart": Ó Cuív

Treasa Bhreathnach

DÉ réir cosúlachta, tá Aire amháin ar a laghad a shíleann nach bhfuil géarchéim i ndán don rialtas agus go bhfuil, "ceist Cowen thart ar feadh tamall maith," is é sin an tAire Coimirce Sóisialaí Éamon Ó Cuív. Bhí an Taoiseach Brian Cowen i láthair ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta inné, áit ar chuir an pobal fáilte mheasctha roimhe. Mar sin, níl 'ceist Cowen' thart do roinnt acu siúd ar a laghad.

Ach, deir an tAire Ó Cuív, "Bhí mise sa dá rialtas deiridh agus bhí go leor daoine ag tuar leathbhealach tríd an rialtas sin nach dtiocfadh siad an bealach uile, ach tháinig. Ní fheicim cúis ar bith nach dtiocfaidh an rialtas seo an bealach uile. Dar liomsa má thoghfar rialtas, is fearr an clár iomlán a chur i bhfeidhm, tá clár leagtha amach againne, agus creideann muid nuair atá sé curtha i bhfeidhm go hiomlán go bhfeicfidh daoine."

Ar lean ar leathanach 2

Anthony Gorman (5) le Corn Mhic Cárthaigh taobh amuigh de marquee Fhuinneamh Bhord Gáis (Bord Gáis Energy marquee), áit a raibh sé le feiceáil i rith an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta. Tá tuairisc iomlán ón gComórtas ar l. 20-21. (PIC. LEON FARRELL PHOTOCALL IRELAND)

IDIRNÁISIÚNTA

Cúba: Cúl Le Cumannachas?

Anailís le Tomás Mac Síomóin

CÁ bhfuil Cúba ag dul? An gciallaíonn an príobháidiú ar ghnéithe d'eacnamaíocht na tíre a d'fhógair Raúl Castro le deireanas, go bhfuiltear ag tabhairt cúil leis an gcóras sóisialach atá i bhfeidhm i gCúba le beagnach leathchéad bliain?

Óir, choinnigh Cúba bac ar fhiontraíocht phríobháideach ar feadh i bhfad. Síleadh go gcuirfeadh roinnt éagothrom an táirge shóisialta ciorrú ar chothromaíocht shóisialta ina hiomlán, bunluach atá curtha in iúl ag Bunreacht Chúba, atá i bhfeidhm ó 1972 i leith.

Ach, mar a thug stair Chúba le fios cheana, bíonn fírinne shearbh na heacnamaíochta beag beann ar chuspóirí idéalacha an duine.

Ní bhíonn dlí ar an éigean.

Ar lean ar leathanach 5

An féidir le leictreachas geoiteirmeach bochtanas cumhachta a réiteach?

Treasa Bhreathnach

LE níos mó ná 110,000 teaghlach in Éirinn i gcruachás, agus iad ag iarraidh a mbillí leictreachais a íoc, tá eagraíochtaí carthanachta buartha go mbeidh impleachtaí tromchúiseacha ag an chéad bhuiséad eile ar na mílte teaghlach eile.

Deir eagraíochtaí carthanachta *St. Vincent de Paul* agus *Threshold* go bhfuil an baol ann go bhfuil méid áirithe teaghlach ag titim isteach i "mbochtanas cumhachta" agus nach mbeidh siad in ann teacht as an bhochtanas seo i gcaitheamh an gheimhridh. Bhí ar an 110,000 síniú do phlean speisialta chun stop a chur leis na soláthróirí leictreachais a soláthar leictreachais a stopadh. Go dtí seo gearradh an soláthar leictreachais ar 11,000 teaghlach, ba é sin dhá oiread an méid ar gearradh a soláthar orthu in 2009. De bharr na bhfigiúirí a bheith chomh hard sin, iarradh ar na comhlachtaí, Bord Soláthair an Leictreachais, Bord Gáis agus Airtricity teacht os comhair coiste Oireachtais inné chun an fhadhb a phlé.

Tá comhlacht eile, GT Energy, ag iarraidh a bheith mar chuid den ghrúpa comhlachtaí soláthar leictreachais sa tír amach anseo. Is comhlacht geoiteirmeach iad a bhfuil pleananna curtha ar aghaidh acu chuig Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus iad ag iarraidh gléasra geoiteirmeach a thógáil.

Deir an comhlacht go mbeidh an gléasra nua in ann soláthar a dhéanamh ar suas le 8,000 teaghlach, nó ceithre mheigeavata leictreachais. Má éiríonn lena n-iarratas ar chead pleanála tá sé i gceist go dtosófar ar an togra go luath sa bhliain nua agus go mbeidh siad ag feidhmiú faoi 2012. I láthair na huaire níl aon reachtaíocht i bhfeidhm in Éirinn i leith cumhacht gheoiteirmeach ach tá sé i gceist ag an rialtas 'Geothermal Energy Development Bill' a phlé i mí Dheireadh Fómhair.

RÉIGIÚNACH 8
I measc an phobail 14
TUAIRIMÍ 15
CÚRSAI SAOIL 20
nós* FORLÍ ONADH
GNÓ 22
COMHSHAOL 24
BEATHA 26
OIDEACHAS 30
NUACHT NA nÓG 32
SPÓRT 36

1 NUACHT NÁISIÚNTA

"Ceist Cowen thart": Ó Cuív

Ar lean ó leathanach a haon

"TÁ sé deacair ag daoine anois, leis na fadhbanna móra sna bancannna agus fadhbanna móra airgid, an toradh a fheiceáil. Ach, caithfidh tú cuimhneamh ar chluiche an Domhnaigh seo caite, go raibh Corcaigh cúig phointe taobh thiar, ach breathnaigh cén áit a raibh siad ag deireadh an chluiche, bheadh muid ag súil go dtarlóidh an rud céanna linn," a deir an tAire Ó Cuív.

Maíonn an tAire go mbeidh sé ag brath go mór ar vótaí na Gaeltachta sa chéad olltoghchán eile. "Tagann 7 gcinn as 10 gcinn de mo vótaí ón nGaeltacht," ar sé, ach ní shíleann sé go mbeidh olltoghchán againn go dtí 2012.

Cé go bhfuil Fianna Fáil mar pháirtí ag maíomh go bhfuil deireadh leis an gconspóid ar fad a bhain leis an Taoiseach agus an eachtra 'Gaillimhgate' a leag an rialtas beagnach, ní féidir leis an Taoiseach a bheith ar a sháimhín só go hiomlán áfach óir tá spéis á léiriú i ról an Taoisigh taobh istigh dá pháirtí.

Léirigh an tAire Micheál Martin inné a shuim i ról an Taoisigh amach anseo agus ní raibh sé leis féin mar gur luaigh an tAire Mary Hanafin, idir mhagadh agus dáiríre, gur mhaith léi féin a bheith ina 'Taoiseach Mary' amach anseo.

Ní aontaíonn duine de cheannairí an fhreasúra gur cheart an chéad olltoghchán eile a fhágáil chomh fada sin.

Deir ceannaire Shinn Féin, Gerry Adams, "Caithfidh an rialtas seo a bheith imithe, níl aon *mandate* acu faoi láthair. Tá siad ag glacadh airgead na ndaoine agus á thabhairt do na bancanna agus tá siad ag rá arís agus arís eile go gcaithfidh siad a bheith ag gearradh rudaí. Faoin tuath beidh na daoine bochta, na daoine le mortgages, na feirmeoirí beaga, i níos mó trioblóide mar gheall air sin." Tá sé féin muiníneach go mbeidh Sinn Féin sa chéad rialtas eile. "

Tá muid sa rialtas sa tuaisceart, agus tá Michelle Gildernew againn mar aire. Caithfidh muid mandate a fháil ar dtús agus tá muid ag déanamh ár ndíchill. Tá polasaí agus obair déanta againn agus tá fís agus aisling againn faoi shlí dhifriúil."

Cé atá faoi aois?

PIC. PHOTO PHOTOCALL IRELAND

Tá Coimisinéir na nGardaí agus an tAire Dlí chun tús a chur le scéim nua chun bac a chuir ar dhéagóirí alcóil a cheannach. Cuirfidh na Gardaí páistí idir 15-17 bliain d'aois isteach i dtithe tábhairne agus siopaí eischeadúnais ar an 1 Deireadh Fómhair. Cuirfear fíneáil de €3000 ar aon chomhlacht a dhíolann alcól le daoine faoi aois. I gcás an dara ciontú cuirfear fíneáil €5000 agus dúnfar an t-ionad ar feadh 30 lá.

Gaelscéal

Ciarán Dunbar
Eagarthóir
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

Trevor Ó Clochartaigh
Bainisteoir Tionscadail
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

Treasa Bhreathnach
Soláthróir Ábhair
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

Meadhbh Ní Eadhra
Soláthróir Ábhair
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Gráinne McElwain
Soláthróir Ábhair Spóirt
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

Patricia Ní Chonghaile
Comhordaitheoir Táirgíochta
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

Uimhir Oifige :
00353-91-897766
00353-91-536201
nuacht@gaelsceal.ie

Le cabhair ó:
Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

An CLG ag cruthú teannais san UUP

Meadhbh Ní Eadhra

Tá ball sinsearach den UUP, Trevor Ringland, ag maíomh go bhfágfaidh sé an páirtí mura léiríonn ceannaire nua an UUP dearcadh difriúil i leith an Chumann Lúthchleas Gael. Is é Tom Elliott ceannaire nua an pháirtí i ndiaidh dó an bua a fháil ar MLA Basil McCrea oíche Dé Céadaoin. Bhí beagnach 400 vóta sa difríocht idir an bheirt. Deir an tUasal Elliott nach bhfreastalóidh sé ar chluichí CLG mar nach bhfuil suim aige iontu. D'imir Trevor Ringland ar fhoireann Rugbaí na hÉireann agus tá sé den bharúil gur gá do Elliott iarracht a dhéanamh dul i bhfeidhm ar an bpobal Náisiúnach. Beidh le feiceáil cad a tharlóidh sna laethanta amach romhainn, agus ábhar spéise atá ann go bhfuil an teannas seo á léiriú eatarthu. Tá sé 46 bliain d'aois agus is ball tionóla é d'Fhear Manach agus Deisceart Thír Eoghain. Tamall ó shin, d'fhág Sir Reg Empey a phost mar cheannaire ar an bpáirtí, i ndiaidh toghchán ginearálta a bhí go holc ar fad, agus fágadh an UUP gan MP ar bith. Thug go leor de na daoine is sinsearaí sa pháirtí tacaíocht oscailte don Uasal Elliott. Anois agus ceannaire nua ag an bpáirtí, beidh spéis ag go leor daoine a fheiceáil conas mar a ghlacfaidh an páirtí leis agus an mbeidh an páirtí in ann daoine a mhealladh chun vótaí a thabhairt dóibh. Le deich mbliana anuas, tá athrú mhór tagtha ar an bpáirtí. Bhíodh 10 MP acu ag staid amháin agus ansin fágadh gan ceann ar bith iad. Tá an ceannaire nua ag tacú le hiarcheannaire an pháirtí, Sir Reg Empey, agus ceannaire an DUP, Peter Robinson, maidir le litir a scríobh siad chuig an Taoiseach Brian Cowen agus iad ag cur in iúl go bhfuil siad buartha faoin gceannasaíocht atá glactha ag BSL (ESB) ar Leictreachas Thuaisceart na hÉireann. Síleann siad go mbeidh tionchar polaitiúil ag an gcinneadh seo, a fógraíodh an samhradh seo caite, ar chúrsaí ó thuaidh. Cháin an SDLP, Sinn Féin agus Páirtí an Chomhaontais na hAontachtaithe as seo. Tá BSL anois ag feidhmiú ar bhonn uile-Éireann.

Cruinniú beartaithe ag Feighan le Roinn na Gaeltachta

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH an tUasal Frank Feighan, urlabhraí Gaeltachta Fhine Gael, agus Dónal Ó Sé, Cathaoirleach Bhord an Oileáin, ag bualadh le Roinn na Gaeltachta Dé Máirt seo chugainn chun plé a dhéanamh ar scéim Ghaeilge Oileán Chliara. Deir an tUasal Feighan gur cumadh ceistneoir faoi na pleananna atá aige an t-oileán a ghaelú le déanaí, agus gur scaipeadh i measc mhuintir an oileáin é chun a chinntiú go raibh siad ag iarraidh tacú leis agus go raibh siad sásta leis an méid atá ag dul ar aghaidh.

"Beidh torthaí an suirbhé sin againn i gceann cúpla lá," ar sé. "Tá forbairt dhearfach eile tarlaithe le déanaí freisin. Ceapadh múinteoir nua ón Ghaeltacht sa scoil ar an oileán, rud a chuideoidh go mór leis an nGaeilge a chur chun cinn sa scoil."

Deir Feighan go bhfuil go leor oibre á dhéanamh maidir leis an togra seo agus go bhfuil sé ag baint suilt as a bheith ag obair le muintir an oileáin i dtaca leis.

Béim á cur ar Shábháilteacht na nOthar

Meadhbh Ní Eadhra



SHEOL an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, tionscnamh darb ainm Sábháilteacht na nOthar ar dtús (Patient Safety First) inné. Is tionscnamh é seo chun aird a tharraingt ar shábháilteacht othar agus feabhas a chur ar an mbealach a ndéileáiltear leo sa chóras sláinte. Tá an Bord Altranais, Coláiste na Síciatrachta, Éire, agus Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann i measc na ngrúpaí a shínigh an tiomantas do Shábháilteacht Othar. Mar chuid den tionscnamh, bunófar Creatlach Náisiúnta d'Éifeachtacht Chliniciúil, agus tríd seo gealltar cúram ar ardchaighdeán d'othair. Cuirfidh an Chreatlach bunús ar fáil do threoirlínte náisiúnta do chóireáil tinneas agus chomh maith leis sin cuirfear cláir d'iniúchadh cliniciúil i bhfeidhm sa chóras sláinte. Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) ag fáiltiú roimh an togra nua agus deir siad go bhfuil siad tiomanta don chur chuige ilghníomhaireachta atá ar bun, agus go leanfaidh siad ar aghaidh ag díriú ar thionscnaimh agus ar phleananna a fheabhsóidh sábháilteacht agus caighdeán na seirbhísí sláinte in Éirinn. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin tionscnamh seo ar www.patientsafetyfirst.gov.ie.

Mac léinn ag tabhairt Ollscoil na Banríona chun na cúirte faoina thorthaí

Labhair **Meadhbh Ní Eadhra** le triúr Oifigeach Oideachais in Ollscoileanna éagsúla in Éirinn chun a dtuairimí a fháil maidir le torthaí mic léinn, an córas marcála sna hollscoileanna éagsúla, agus céard is féidir a dhéanamh mura bhfuil tú sásta le do thorthaí.

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ iarmhac léinn ó Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste, Andrew Croskery, ag dul chun na hArdchúirte chun cás a thabhairt in aghaidh lucht na hollscoile, mar gheall ar thorthaí a chéime. Tá dlíodóir an Uasail Croskery ag maíomh gur dhiúltaigh an Ollscoil deis a thabhairt dó achomharc a dhéanamh ar thorthaí a chéime san innealtóireacht leictreach, 2:2, mar go raibh sé i ndiaidh céimniú cheana féin. Tá rud neamhghnách déanta ag an bhfear seo, gníomhú in aghaidh na hollscoile ar bhonn dlí, ceann de na chéad chásanna den chineál seo atá feicthe ag an Ardchúirt.

Is as Contae an Dúin do Andrew Croskery. Deir sé go n-éireodh leis 2:1 a fháil sa chéim dá mbeadh maoirseoir (*supervisor*) níos fearr agus níos cothroime aige. Tá Tony McGleenan, dlíodóir Croskery, ag argóint nach raibh seasamh na hollscoile ar aon dul le cearta daonna an mhic léinn.

"Is léir gur rud tábhachtach é seo don mhac léinn," ar sé. "Creideann sé go mbeidh tionchar aige seo ar a chuid deiseanna fostaíochta, i margadh an-iomaíoch. Chomh maith leis sin, is léir gur cás fíorthábhachtach é don ollscoil féin."

Sa chúirt, dúradh go dtugtar bord cuairteoirí isteach san ollscoil chun na hachomhairc agus gearáin a dhéanann mic léinn, a mheas. Dúirt Nicholas Hanna ó Ollscoil na Banríona, nach í an chúirt an áit cheart don chás seo, agus gur cheart deireadh a chur leis an athbhreithniú breithiúnach mar gheall air sin. Shocraigh an breitheamh, an tUasal Justice Treacy, an cás a chur ar athló chun tuilleadh argóintí a cheadú ar an gceist seo, maidir lenar cheart nó nár cheart don chúirt an t-údarás a bheith acu plé leis an gcás. Déanfaidh sé cinneadh an mhí seo chugainn agus go dtí sin ní fios an rachaidh an cás ar aghaidh sa chúirt.

Ollscoil na Banríona – Nathan Anderson

Seo an chéad uair riamh chomh fada agus is eol dúinn go ndearna mac léinn agóid in aghaidh cinnidh faoina stádas céime ag an leibhéal seo. Bíonn céimithe ann a bhíonn míshásta le torthaí a gcéime agus bíonn aiféala orthu nár thug siad dúshlán mar gheall orthu. Bíonn mic léinn ann a chéimníonn ón ollscoil mar go dteastaíonn uathu céimniú lena gcuid cairde in ionad fanacht ar achomharc. Tarlaíonn sé seo in ollscoileanna eile freisin. Réiteach amháin air seo ná go ndéanfadh an Ollscoil an próiseas achomhairc a thabhairt chun tosaigh ionas go mbeadh sé ar siúl roimh bhronnadh na gcéimeanna. Bheadh gá le fiosrúchán a dhéanamh maidir le cé chomh hindéanta is a bheadh sé seo. Tá go leor tacaíochta ar fáil do mhic léinn san ollscoil seo maidir le ceisteanna marcála, cosúil leis an tSeirbhís Forbartha Foghlama, comhairleoireacht, meantóireacht duine ar dhuine agus tuilleadh. Ach cé go bhfuil go leor tacaíochta ann do mhic léinn, seans nach gcuirtear an tacaíocht sin in iúl dóibh ar an mbealach is fearr. Is féidir le mic léinn próiseas achomhairc a úsáid má mhothaíonn siad nár marcáladh a gcuid scrúduithe go cothrom. Ach d'fhéadfaí an próiseas seo a fheabhsú dá mbeadh muid in ann ceann de Bhord na gCuairteoirí (ceann de na coistí achomhairc is deireanaí) a thabhairt i gcomhréir le cinn eile sa Bhreatain chun a nOifig den chóras Moltóra Neamhspleách a léiriú.

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh – Emmet Connolly

Tá córas achomhairc agus athsheiceála ar fáil ó Oifig na Scrúduithe in OÉ Gaillimh. Tá táille €60 ar achomharc agus €25 ar athsheiceáil a fháil, ach is léir go n-oibríonn an córas dóibh siúd a bhaineann úsáid as. Cé gur táillí réasúnta iad seo, is dócha go bhfuil mic léinn ann nach féidir iad a íoc. Ní fhaigheann ach cúpla céad mac léinn achomharc ar a gcuid torthaí, agus ní fhaigheann siad ar fad uasghrádú. Uaireanta, bíonn mic léinn ann le cúinsí an-chrua, mar shampla, bás sa chlann, tinneas, nó deacrachtaí pearsanta eile, agus is féidir le rudaí cosúil leis seo cur isteach ar fheidhmíocht an mhic léinn sna scrúduithe. Is rud úsáideach é an córas achomhairc sa chás sin. Tá scrúdaitheoirí inmheánacha agus seachtracha againn le haghaidh beagnach gach scrúdú, mar sin tá ardchaighdeán marcála ann. Ciallaíonn sé seo nach mbíonn mórán botún ann. Taispeántar é seo sa líon beag mac léinn a fhaigheann athsheiceáil gach bliain. Go bunúsach, tá saoirse acadúil ag na léachtóirí, mar acadóirí buana, sa tslí a gcruthaíonn siad a gcuid cúrsaí, chomh maith lena gceartú. Má bhíonn cleachtais mhíchóra ar siúl ag léachtóir ar bith, is fearr teagmháil a dhéanamh liom i gComhaltas na Mac Léinn agus labhróimid leis an gCeann Scoile ar son an mhic léinn sin, agus déanfaimid iarracht athrú a fháil ar an gcóras marcála atá in úsáid acu.

Coláiste na hOllscoile Corcaigh – Greg Higgins

Tabharfaidh tú faoi deara ó bheith ag labhairt le hoifigigh oideachais ó institiúidí éagsúla go bhfuil difríochtaí móra ann ó thaobh rialacha de, ag brath ar an ollscoil. Is le cásanna leighis nó cruatain a bhain an chuid is mó de na hachomhairc ar dhéileáil mise leo, agus go minic sna cásanna sin éiríonn leis na hachomhairc. Is fíor go bhfuil na léachtóirí éagsúla go léir freagrach as na scrúduithe a mharcáil agus mar sin, go nádúrtha, is féidir leis na marcanna a bheith ag brath ar ghiúmar an léachtóra. Tá próiseas Bologna bunaithe ar chéim uilíoch a chruthú trasna na hEorpa ar fad agus má chuirtear seo i bhfeidhm go hiomlán, dea-rud amach agus amach a bheidh ann. Gheobhaidh mic léinn marc maith má bhreathnaíonn siad ar an ábhar ina iomláine agus má fhreagraíonn siad an cheist ar bhealach iomlán. Ar an drochuair, tá i bhfad an iomarca mic léinn ann a cheapann go bhfuil grád níos fearr tuillte acu nuair nach bhfuil i ndáiríre.

Lá eolais do Theachtaí Dála agus Seanadóirí i mBÁC

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Conradh na Gaeilge agus Guth na Gaeltachta ag eagrú lá eolais do Theachtaí Dála agus do Sheanadóirí in Óstán Buswells i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin 6 Deireadh Fómhair 2010 óna 8 ar maidin go sé sa tráthnóna.

Is é aidhm an lae a chur in iúl do na hionadaithe poiblí go gcaithfidh an Rialtas glacadh le moltaí an Chomhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Freisin, táthar ag iarraidh brú a chur ar na Teachtaí Dála agus Seanadóirí gan glacadh le moltaí na Roinne Airgeadais i leith na Gaeltachta mar atá leagtha amach sa cháipéis 'Tosaíochtaí Infheistíochta Infreastruchtúir 2010-2016'. Deir Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, go bhfuil siad ag iarraidh cuidiú a fháil ó bhaill an Oireachtais lena chinntiú go nglacfaidh an Rialtas leis na moltaí ar fad faoin Straitéis. Beidh cur i bhfeidhm na Straitéise ag brath ar an maoiniú cuí a bheith ar fáil ón Státchiste. Tá éiginnteacht mhór ag baint le foinsí maoinithe, áfach, ó foilsíodh an cháipéis: 'Tosaíochtaí Infheistíochta Infreastruchtúir 2010-2016'.

"Bhain an cháipéis geit as go leor daoine ach chuir sí scanradh ar phobal na Gaeilge," a deir an tUasal de Spáinn. "Tá laghdú ollmhór molta do bhuiséad na Roinne Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta sna blianta amach romhainn.

Leis an fhírinne a rá, má chuirtear na pleananna sin i bhfeidhm, beidh deireadh leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus le hÚdarás na Gaeltachta faoi 2016. Tá sé chomh simplí sin!"

Beidh ionadaithe ó gach Gaeltacht agus ó Dháilcheantair éagsúla ar fud na tíre i láthair le léiriú soiléir a thabhairt go bhfuil pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta aontaithe ag an am cinniúnach seo don teanga. Beidh fáilte roimh chách idir Theachtaí Dála, Sheanadóirí agus an pobal i gcoitinne teacht chuig an ócáid.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair, 2010

Easaontóirí poblachtacha le hionsaithe a dhéanamh sa Bhreatain: M15

Anton Mac Cába

DAR le hArd-Stiúrthóir MI5 go bhfuil easaontóirí poblachtacha le hionsaithe a dhéanamh sa Bhreatain. Dúirt Jonathan Evans go raibh na grúpaí easaontacha ag éirí níos gníomhaí agus níos misniúla.

Chuir seo ceist na n-easaontóirí ar ais sa nuacht. Sa chomhthéacs sin, is fiú cuimhneamh ar fhocail an striapaigh Shasanaigh Christine Keeler 50 bliain ó shin. *"Well, he would say that, wouldn't he?"* a dúirt sí, agus í dá cros-cheistiú.

Tá buiséad £2.358 billiún ag seirbhísí slándála na Breataine. Faoi láthair, tá ciorruithe dá ndéanamh ar gach cuid den earnáil phoiblí.

Cinnte, tá easaontóirí ag déanamh ionsaí sa tseachtain ó thús na bliana. Ainneoin sin, níor mharaigh siad ach duine amháin - comhalta dá gcuid féin.

Dar le McKearney nach bhfuil de straitéis ag na grúpaí seo ach "rud éigin a dhéanamh." Deir Francie Mackey, cathaoirleach Ghluaiseacht Fuascailte na 32 Contae, go bhfuil straitéis ag an Ghluaiseacht.

Chreid poblachtaigh riamh go bhfuil sé tábhachtach buamaí a phléascadh i Sasana. Ní raibh easaontóirí ábalta sin a dhéanamh ó 2001.

Níl na heasaontóirí ábalta feachtas leanúnach a fhearadh. Is sin an bharúil atá ag Tommy McKearney, iar-chime poblachtach a cháineann ceannasaíocht Shinn Féin: "Le feachtas forleathan bheith ann - tá neart tacaíochta de dhíth. Níl sin ann ag an bhomaite. Tromlach an phobail Chaitlicigh, bhí a sáith den streachailt armtha acu."

Dar leis go bhfuil idir na péas agus MI5 ag coinneáil súile ar na grúpaí seo: "In amanna, tá sé úsáideach acu ligean do na grúpaí beaga scaipthe seo leanúint leo. Ansin, in áit fir óga ar míthreoir, tá áit éigin le dul acu, agus is féidir faire a dhéanamh orthu."

Dar le McKearney nach bhfuil de straitéis ag na grúpaí seo ach "rud éigin a dhéanamh."

Deir Francie Mackey, cathaoirleach Ghluaiseacht Fuascailte na 32 Contae, go bhfuil straitéis ag an Ghluaiseacht. "Thaisceamar doiciméad leis na Náisiúin Aontaithe ag agóid in éadan fhlaitheas na Breataine," ar seisean. "Sáraíodh flaitheas na hÉireann, mar a daingníodh in 1918." Tá sé den bharúil go dtiocfaidh an lá mar a shuífidh rialtas na Breataine síos leis an Ghluaiseacht, mar a rinne siad le Sinn Féin. "Agus folús polaitiúil ann, tá grúpaí armtha dá líonadh," ar seisean.

Tá na heasaontóirí ag bailiú tacaíocht áirithe, dar leis. Tá níos mó daoine den bharúil gur theip ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, ó thaobh an bhunreachta agus ó thaobh an gheilleagair.

Tá straitéisí de chuid Shinn Féin den bharúil gur cuid de chlár eile an chaint faoi easaontóirí: "Tá Jimmy Spratt ón DUP ag éileamh go mbeadh 1,000 péas sa bhreis. Níl seans dá laghad ann go dtabharfaidh na Coimeádaigh sin dó - muna mbíonn bagairt mhór ó easaontóirí."

Bratacha an Dúin, níl gach duine sásta

Anton Mac Cába

NÍ raibh áthas ar gach duine ar an Dún agus an contae sa chluiche ceannais. I gceantair Ráth Fraoileann agus an Chill Caol, stróic dílseoirí síos bratacha agus rinne bagairtí ar dhaoine a chuir bratacha in airde.

Tharla ionsaithe ar charranna mar a raibh bratacha an Dúin.

Ní raibh an pobal aontachtach-Protastúnach ar aon intinn faoin bhfoireann. Bhí easaontas i measc polaiteoirí aontachtacha. Bhí Jim Wells, Comhalta den Tionól Reachtach ón Dún Theas de chuid an DUP, diúltach ar fad. Dúirt sé go raibh súil ag an phobal aontachtach go mbeadh deireadh leis an cheiliúradh ar an fhoireann "chomh luath agus is féidir.

Táthar ag cur ina luí ar an phobal aontachtach go bhfuil siad timpeallaithe agus faoi léigear ina dtithe féin."

Bhí sé go láidir in éadan bratacha bheith ar foluain. "Ní féidir glacadh leis, agus tá sé iomlán maslach", ar sé.

A mhalairt de phort a bhí ó chomhalta eile den Tionól Reachtach, John McCallister ó Pháirtí Aontachtach Uladh (UUP). Bhí díomá airsean nach raibh sé ábalta bheith ar an chluiche, de bharr cúrsaí teaghlaigh. "Bhí an t-atmaisféar thart ar an chontae iontach dearfach roimh an chluiche," ar seisean.

Bhí Mike Nesbitt, iarrthóir an UUP i Loch Cuan, níos dearfaí arís. Rinne sé comhghairdeas leis an fhoireann. Ar shuíomh idirlín s'aige, scríobh sé: "Sna laethanta mar a raibh mé le rannóg spóirt an BBC, mothaím go ndearna mé rud beag le clúdach BBC Thuaisceart Éireann (ar an pheil Gaelach) a mhéadú. Leis, chuidigh mé sna hochtóidí le hurraíocht a aimsiú don Dún ó Bhanc Uladh."

Comórtas

TÁ SAOIRE FÓMHAIR IONTACH LE BUACHAN LE LYNCH HOTELS!!

Seo an duais iontach atá le buachan: Saoire Fómhair dhá oíche in áiteanna éagsúla in Iarthar na hÉireann. Fanfaidh sibh i gceann de na hóstáin de chuid Lynch Hotels sa Chlár, i Luimneach nó i Maigh Eo agus beidh dhá oíche leaba agus bricfeasta agaibh chomh maith le dinnéar tráthnóna amháin, é sin ar fad do theaghlach beirt daoine fásta agus beirt pháistí. Beidh sibh in ann na hionaid iontacha fóillíochta agus uisce a úsáid saor in aisce, beidh siamsaíocht bheoga agaibh, clubanna den scoth do na páistí, gníomhaíochtaí spraoi agus a lán eile!!

Tá Lynch Hotels ag tairiscint sosanna dhá oíche den scoth ó phraghas chomh híseal le €99 (in aghaidh an duine agus iad ag roinnt seomra) le haghaidh pacáistí dhá oíche. Mar chuid de sin gheobhaidh sibh lóistín dhá oíche, bricfeasta Éireannach iomlán gach maidin agus béile tráthnóna amháin...ní bheidh sé ar fáil ach ar feadh seal beag, mar sin cuir in áirithe anois é.

Cuir do shaoire in áirithe anois ar www.lynchotels.com. Tá a lán tairiscintí iontacha eile ar fáil freisin an Fómhar seo agus tá rogha 7 n-óstán agaibh, sa Chlár, i Luimneach agus i Maigh Eo. Íosghlao 1890669900"

Chun seans a fháil le buachan, níl le déanamh agat ach an cheist seo a fhreagairt: Tá Luimneach i gCúige Mumhan.....an bhfuil an ráiteas seo **Fíor nó Bréagach?**
Glaoigh ar **1517 999 392** nó is féidir téacs a sheoladh leis an fhocal **BUA** chuig **57272**

1517 calls cost €2 per call. Calls from mobiles may cost more. 57272 messages cost €2. SMS entry requires one message to be delivered. Standard network charges apply. 18+. Calls are recorded. Lines close Wednesday, September 29th 2010. The winners will be contacted by phone on Thursday, September 30th 2010. The prize is as stated and there is no cash alternative.There is one prize to be given away. SP: BDC 0818286600. PO Box 10144, D.2.

Dhá léirsiú mhóra in éadan ciorruithe

Anton Mac Cába

BEIDH dhá léirsiú mhóra in éadan ciorruithe ag ceardchumainn an Tuaiscirt Dé Céadaoin, 29 Meán Fómhair.

Is i mBéal Feirste agus i nDoire a bheidh siad ag am dinnéara. Tá ceardchumainn san earnáil phoiblí ag eagrú busanna le comhaltaí a thabhairt ó gach cearn. Beidh léirsithe níos forleithne ann Dé Sathairn, 23 Deireadh Fómhair.

Tá suas le £1.5 billiún (€1.775 billiún) de chiorruithe le fógairt sa Léirmheas Cuimsitheach ar Chaiteachas Poiblí a fhoilseofar 20 Deireadh Fómhair. Cheana féin i mbliana, fógraíodh ciorruithe de £495 milliún (€585.6 milliún).

Le cúpla mí anuas, tá na ceardchumainn ar na sráideanna sa chuid is mó de na bailte móra. Tá siad ag scaipeadh bileog agus ag bailiú sínithe ar achainithe. Ní raibh siad chomh gníomhach seo ó bhí 1984-5 ann. An t-am sin, bhí siad ag bailiú airgid do mhianadóirí Shasana a bhí ar stailc.

Is ó thuaidh atá an céatadán is airde daoine sna ceardchumainn thar réigiún ar bith sa Ríocht Aontaithe. Is ball de cheardchumann iad beagnach 40% díobh siúd atá ag obair. Is í an chúis atá leis seo ná a mhó agus atá an earnáil phoiblí.

Caithfear a rá go raibh na ceardchumainn in ísle brí le tamall de bhlianta. Ní raibh ionadaithe i gcuid mhór áiteanna oibre ná craobhacha ag teacht le chéile.

Tá athrú áirithe tagtha ar an scéal. Tá an ceardchumann NIPSA, a dhéanann ionadaíocht ar an tseirbhís phoiblí, iontach gnóthach. Dúirt Joan Munton, feidhmeannach le NIPSA, gur le cúpla mí anuas a tharla. "Bhí muid ag obair le go mbeadh daoine níos mó ar an eolas, le go mbeadh páirt níos mó ag na craobhacha," ar sise. "Dealraíonn sé go bhfuil níos mó daoine sásta a bheith rannpháirteach."

Cúba: Cúl Le Cumannachas?

Ar lean ó leathanach a haon

Bhí Cúba sáinnithe cheana. Chaill sí na billiúin dollar i luathnóchaidí an chéid seo caite, nuair a thit an tóin as an Aontas Sóivéadach. Ní raibh margadh mór ann níos mó dá chuid siúcra, táirge mór na tíre, agus bhí deireadh leis an ola saor a tháinig ón Rúis. Ní raibh fasach ann don ghéarchéim a tharla dá bharr. Mar sin, thug an Rialtas údarás do na mílte a ngnólachtaí príobháideacha féin a bhunú.

Cuireadh na leasuithe seo ar ceal nuair a tháinig Veineaséala, faoi cheannas Hugo Chavez, i gcabhair ar Chúba trí ola saor a chur ar fáil di. Chuir an cúnamh seo cosa faoi ghéilleagar stát-smachtaithe Chúba arís.

Ach anois tá géarchéim eile ar an bhfód.

Rinne stoirmeacha móra an-dochar go deo do thalmhaíocht agus d'infreastruchtúr Chúba dhá bhliain ó shin. Agus tá laghdú ar an teacht isteach a rabhthas ag súil leis ón turasóireacht, a bhuíochas leis an éigeandáil eacnamaíoch dhomhanda. Cuir leis sin míéifeacht codanna den earnáil stáit – go speisialta an talmhaíocht–atá admhaithe go hoifigiúil. B'éigin athruithe práinneacha a dhéanamh le buanna sóisialta na Réabhlóide Cúbaí – go speisialta saoroideachas go dtí an leibhéal is airde agus seirbhísí leighis a riartar saor in aisce– a chosaint chomh fada agus ab fhéidir.

I ngeall ar chosúlacht áirithe a bheith ann idir cuid de na hathruithe seo agus gnéithe den chur chuige caipitleach, ba mhaith le tráchtairí áirithe a cheapadh go bhfuil Cúba ag filleadh ar an gcampa caipitleach. Ach an amhlaidh atá?

An ghné is suntasaí de na leasuithe a chuirfear i bhfeidhm ná go bhfuil milliún duine lena bpostanna stáit a chailliúint de réir a chéile de réir mar a bheas postanna á gcruthú san earnáil phríobháideach as seo go ceann trí bliana. Is toradh iad polasaithe nua seo Chúba ar chainteanna fada cuimsitheacha le ceardchumainn agus le heagraíochtaí pobail. Mar sin, beidh oibrithe Chúba ar an eolas faoina bhfuil i ndán dóibh. Tá a fhios acu nach bhfágfar dífhostaithe iad. Tabharfar postanna eile do chuid mhór acu. Leanfaidh cuid eile acu ar aghaidh ina bpostanna reatha ach amháin nach mbeidh siad fostaithe níos mó ag an Stát. Ag an am céanna, spreagfar fonn oibre an tsaoránaigh trí bhónais agus a phá a bhunú ar tháirgiúlacht. Ní bheidh bac feasta ar uasmhéid a thuarastail. Meallfar oibrithe i dtreo na talmhaíochta agus na tógála, earnálacha nach bhfuil éileamh ar phostanna iontu faoi láthair, i ngeall ar phá níos airde a bheith ar fáil iontu. Earnálacha eile atá le bheith méadaithe sna míonna atá romhainn ná tionscal an ola, na bitheicneolaíochta, na gcógaisí agus na turasóireachta.

Raúl Castro, dearthair Fidel Castro agus Uachtarán Chúba.

Eiseofar 250,000 ceadúnas a ligfidh do dhaoine tús a chur lena gcuid fiontar féin. Tá socruithe déanta cheana féin leis na bainc le creidmheas a chur ar fáil dóibh. Cuirfear béim ar leith ar chomharchumainn phríobháideacha a bhunú, ach iad a bheith féinbhainistithe agus féinmhaoinithe.

Fós féin, nach gciallaíonn an príobháidiú seo uilig go bhfuil Cúba ag filleadh — más go drogallach féin é — ar an gcaipitleachas? A mhalairt glan, a deir eacnamaithe agus tráchtairí sóisialta i gCúba. Dar leo siúd, ní lagóidh na leasuithe atá fógraithe ag an rialtas an ceangal bunreachtúil atá ar an Stát na seirbhísí bunúsacha a chinntíonn cothromaíocht shóisialta a chur ar fáil.

Beidh deireadh le rócharthanacht an Stáit. Ní bheidh barántas fostaíochta ar fáil d'oibrithe feasta, cuir i gcás. Beidh orthu féin fostaíocht a lorg nó a chruthú. Beidh orthu a gcuid bia féin a sholáthar seachas bheith taobh le soláthar saor an cheaintín. Ní bhaileoidh bus an chomhlachta iad lena dtabhairt chuig a gcuid oibre; is ar a gconlán féin a bheas siad feasta lena gcuid láithreacha oibre a bhaint amach. Ní haon rud nua i gCúba an lae inniu an fhostaíocht phríobháideach. Saothraíonn 823,000 Cúbach san earnáil úd cheana féin, a bhformhór i gcomharchumainn. Tá 114,000 duine féinfhostaithe: fir thacsaí, teagascóirí, lucht deisithe carranna srl. Leis na leasuithe seo a mheas i gceart, áfach, ní foláir a chur san áireamh go bhfuil 84% de na 5.1m oibrithe i gCúba fostaithe fós ag an Stát. Ach is beag obair a bhíonn le déanamh ag cuid acu siúd. Is airgead amú é, dá réir, na tuarastail a bhíonn á dtarraingt acu. Feictear do Rialtas Chúba gurb é réiteach na faidhbe seo fiontair phríobháideacha a mhéadú. Ag an am céanna, leasóidh na húdaráis an córas cánach, a chuirfidh ar a gcumas sciar mór den saibhreas a chruthóidh na gnólachtaí nua a bhailiú. Sa chaoi seo, beidh ar a gcumas na seirbhísí saora oideachais agus sláinte úd a bhfuil cáil orthu – agus barántas bunreachtúil ag gabháil leo – a choinneáil ag imeacht.

Fós féin, nach gciallaíonn an príobháidiú seo uilig go bhfuil Cúba ag filleadh – más go drogallach féin é – ar an gcaipitleachas?

A mhalairt glan, a deir eacnamaithe agus tráchtairí sóisialta i gCúba. Dar leo siúd, ní lagóidh na leasuithe atá fógraithe ag an rialtas an ceangal bunreachtúil atá ar an Stát na seirbhísí bunúsacha a chinntíonn cothromaíocht shóisialta a chur ar fáil. Ach ciallaíonn siad go bhfuil ról an Stáit i gCúba athraithe go bunúsach agus go buan. Seachas chuile ghné de ghníomhaíocht eacnamaíoch an Stáit a riar, cúram bainistíochta a bheas air feasta. Is féidir leis é sin a dhéanamh trí dhiansmacht a choinneáil ar chinntí infheistíochta na mbanc. Mura mbeidh togra ar leith ag teacht le haidhmeanna sóisialta agus eacnamaíocha an Stáit, ní chuirfear creidmheas ar fáil dó.

Tá cur chuige indíreach den chineál seo chomh fada ón gcaipitleachas agus atá sé ón sóivéadachas.

Tá an tuairim ann freisin gur mó an bhaint atá ag na leasuithe a d'fhógair Raúl Castro le bunús struchtúrtha a leagan síos do chónascadh eacnamaíochtaí Chúba agus Veineaséala ná le clabhsúr samhalta a chur ar an tuargnamh sóisialach i gCúba. Tá an cónascadh seo ar na bacáin i gCaracas agus in La Habana le tamall.

Smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe sáraithe i Manainn : An Conradh Ceilteach

Anton Mac Cába

TÁ comhlacht loingis de chuid stát na hIaráine ag clárú loinge ar Oileán Mhanann le smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a sheachaint. Is le comhlachtaí atá cláraithe ar an oileán na longa.

Is leis an Iaráin na comhlachtaí. Anuraidh sa Mheánmhuir, aistríodh lón cogaidh ó long a bhí cláraithe ar Oileán Mhanann go long eile, an 'Francop'. Bhí an lón cogaidh le seoladh go Hezbollah i nGaza.

Is líomhaintí sin atá an Conradh Ceilteach a dhéanamh. Dúirt Bernard Moffatt, Stiúrthóir Eolais an Chonartha, go raibh "foinsí maithe" acu gur long cláraithe ar Oileán Mhanann a bhí i gceist. Scríobh an Conradh chuig Príomh-Aire Mhanann lena n-imní a chur in iúl.

Dar le Moffatt go bhfuil seasamh an Chonartha Cheiltigh cothrom. Cháin siad Iosrael: "Ní thig linn coinníollacha áirithe a iarraidh ar Iosrael, agus neamhaird a dhéanamh de na mílístigh atá thart timpeall ar an tír." Tá imní air go gcaithfeadh ar tharla smál ar loingeas Mhanann.

Dar leis go dtógann seo ceisteanna maidir le rialú comhlachtaí ar an oileán: "Bhí comhlachtaí ó Oileán Mhanann - agus ó Éirinn - bainteach le trádáil arm chun na hAfraice. B'fhéidir gurb é an ceann ba mhíchlúití ná Mictec, a bhí ag seoladh arm chuig na mílístigh Hutuacha i Ruanda." Nuair a thosaigh an Conradh ag fiosrú, diúltaíodh eolas dóibh.

Ní hé an Conradh amháin atá ag fiosrú. D'ainmnigh an New York Times comhlacht 'Mhanannach' amháin, Shalon, as bheith i seilbh comhlacht loingis de chuid stát na hIaráine. Dúirt urlabhraí thar ceann rialtas Oileán Mhanann nach bhfuil fianaise ar bith ann gur bhris duine ar bith ar an oileán smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair, 2010

Poblacht na Moldóive gan Uachtarán ó bhí 2009 ann

Diarmuid Johnson

Tá Poblacht na Moldóive gan uachtarán le bliain agus ráithe. I mí Iúil 2009, tháinig comhrialtas de cheithre pháirtí i gcumhacht sa tír is boichte san Eoraip agus Vlad Filat ina Phríomhaire uirthi, ach theip orthu cinnire stáit a thoghadh. De réir an bhunreachta, teastaíonn vótaí 60% de na feisirí leis sin a dhéanamh. Agus tá beagnach 50% díobh ag an bPáirtí Cumannach fós.

De bharr gan scaoileadh an ghaid a bheith ag na feisirí féin, socraíodh reifreann a ghairm sa tír ionas go bhféadfadh an pobal uachtarán a roghnú. Lá an reifrinn, an 5 Meán Fómhair, níor vótáil ach 30% den phobal. Dé réir an bhunreachta, caithfidh trian den phobal a bheith páirteach i reifreann má tá toradh dlisteanach le bheith air. Teip arís.

Cén fáth ar caitheadh a laghad sin vótaí?

Tá trí údar á lua leis. Beagnach 15% de lucht oibre na tíre a bheith ina gcónaí san iasacht; feachtas an Pháirtí Chumannaigh faoi Vladimir Voronin in aghaidh an reifrinn; agus an easpa spéise a chuir an tAontas Eorpach sa scéal.

Is é seo a leanas comhthéacs an toghcháin. I bPoblacht na Moldóive, is é an Páirtí Cumannach a bhí i réim ón mbliain 2001 go dtí 2009. I mí Aibreáin 2009 bhí olltoghchán ann. D'éirigh leis na Cumannaigh arís. Ach bhí an toradh idir dhá cheann na meá, agus d'agair lucht tacaíochta an fhreasúra gur bréag a bhí ann.

Bhailigh na sluaite taobh amuigh de theach na Parlaiminte in Chisniau. Bratacha acu. Iad ag fógairt: 'Bréaga, bréaga!' 'Amach leis na Cumannaigh!' agus 'An Rómáinis abú!'. Réabadh an foirgneamh agus cuireadh trí thine é. Ghabh na póilíní na céadta. Bhí sárú ceart daonna ann.

Réabhlóid *twitter* a baisteadh ar an *coup d'état* pobail seo mar is trí mheán fhóram cainte an idirlín a scaipeadh an scéal agus a gairmeadh an slua. Ach is beag trácht ar fad taobh amuigh den Mholdáiv agus den Rómáin a bhí ar an scliúchas. Lá na réabhlóide, dúnadh an teorainn idir an Mholdóiv agus an Rómáin. Bhí cosc ar scaipeadh eolais. Bhí cosc ar an aos óg filleadh abhaile ó choláistí na Rómáine le seasamh sa bhearna bhaoil. Shíl an rialtas Cumannach na daoine a cheansú agus an fhírinne a cheilt.

Ach taispeánadh pictiúir do Gaelscéal de chuid de na daoine a gabhadh idir an 7ú agus an 12ú Aibeán 2009 sa Moldáiv. Arsa Vigiliu Birladeanu, staraí i Chisinau, príomhchathair na Moldóive, 'Thug na póilíní íde na muc dóibh. Maraíodh triúr de dheasca a mbuailte. D'fhoilsigh Amnesty International meamram maidir leis an scéal. Ach cén tacaíocht a fuair muid go hidirnáisiúnta?'

Seans go deimhin nach é dúnadh na teorann i rith na réabhlóide an t-aon chúis le heaspa eolais faoin éirí amach. Dar le Michal Hareslan, eagarthóir *Nine O'Clock* i mBúcairist, ní mian leis an Aontas Eorpach seasamh ar chois ar Mhoscó. Mar is eol dúinn, is iad Gazprom a choinníonn gás le cuid mhaith den Aontas (Gaelscéal 18/06).

Arsa Constantin Mihai (Ollscoil Alba Iulia) le Gaelscéal, 'Is ionann réabhlóid 1989 agus ar tharla sa Mholdóiv in 2009. Is ann atá an Daonlathas agus an Cumannachas ag coimhlint le chéile san Eoraip lenár linn féin.'

Mar gheall ar eachtraí na réabhlóide in Aibreán 2009, athghairmeadh an toghchán i mí Iúil na bliana sin. Baineadh an chumhacht de na Cumannaigh an uair sin. Ach is suarach an tromlach atá ag an gcomhrialtas. Agus theip orthu uachtarán a cheapadh ó shin. Is é Michal Ghimpu an t-ionadaí uachtaráin go fóill.

Céard atá i ndán do Phoblacht na Moldóive más ea - réim na gCumannach arís, nó bua an Daonlathais?

Vlad Filat, Príomhaire na Moldóive.

An Rómáin agus An Mholdóiv - Aon Dúchas Amháin

Diarmuid Johnson

TÍR bheag idir abhainn Pruth agus abhainn Dniestr idir an Rómáin agus an Rúis atá i bPoblacht na Moldóive. 'Bessarabia' an seanainm ar na críocha seo.

Bhí an tSean-Mholdáiv beagán níos mó ná Bessarabia féin. Bhain an dúiche taobh thiar d'abhainn Pruth léi chomh fada le Sléibhte Cairp. Ach is iomaí athrú ar an teorainn le dhá chéad bliain anuas faoi riail na Tuirce agus na hOstaire, agus mar gheall ar an dá chogadh domhanda.

Is í an Rómáinis príomhtheanga Phoblacht na Moldóive. Is í a labhraíonn 64% de phobal na tíre. Ach tugtar Moldóvais uirthi go hoifigiúil sa tír anois, rud a bhfuil cúiseanna polaitiúla leis. Maidir le teangacha eile, labhraíonn 13% de phobal na Moldóive an Úcráinis agus labhraíonn 13% díobh an Rúisis chomh maith. Is in oirthear agus i dtuaisceart na tíre atá lucht labhartha an dá theanga Shlavacha. Maidir le pobal na Rúisise, is ar bhruach thoir an Dniestr atá a bhformhór, i limistéar darb ainm Transdniestria.

Ba chuid den Rómáin an Mholdáiv go dtí an Dara Cogadh Domhanda. Ó glacadh leis an Rómáin san Aontas Eorpach in 2004, bíonn tóir ag muintir na Moldóive ar phasanna Rómánacha ionas gur féidir leo cónaí san AE. Ghlac an Rómáin le hiarratais go leor ar phasanna uathu. Is é sin an t-aon fháth amháin a bhfuil 430 míle díobh ina gcónaí taobh amuigh den tír.

Bhí tionchar aige seo ar thoradh reifreann na huachtarántachta i mí Mheán Fómhair nuair nár vótáil ach 30% de na daoine.

Gaeltacht na hAlban

John Angus MacKay - Ceannasaí nua ar Bhord na Gàidhlig

Meadhbh Ní Eadhra

THOSAIGH Príomhfheidhmeannach nua ar *Bhord na Gàidhlig in Albain*, John Angus MacKay, ar an gcéad lá den mhí seo. Téarma trí bliana ar a laghad atá i gceist, ach ní mórán a bheidh ansin don fhear seo, a bhfuil blianta fada caite aige ag obair go crua ar son Ghaeilge na hAlban. Eisean a bhí mar an chéad Phríomhfheidhmeannach ar *Chomann na Gàidhlig* nuair a bunaíodh in 1985 é, agus chaith sé 15 bliain leis an eagraíocht, chomh maith le 15 bliain mar Phríomhfheidhmeannach ar *Sheirbheis nam Meadhanan Gàidhlig* (Seirbhísí na Meán Cumarsáide Gaeilge).

Céard iad tosaíochtaí MacKay agus é ag tabhairt faoin bpost úr seo?

"Caithfimid plean a forbraíodh le haghaidh an líon cainteoirí Gaeilge a mhéadú a chur i bhfeidhm," ar sé. "Freisin, ba mhaith liom go mbeadh córas tacaíochta níos forbartha i bhfeidhm do thuistí le páistí faoi 5 bliana d'aois. Tá sé tábhachtach níos mó páistí a fháil isteach sna naíonraí agus grúpaí réamhscolaíochta, ionas go mbeidh níos mó acu ag dul isteach in oideachas trí mheán Ghaeilge na hAlban."

Ní ar dhaoine óga amháin atá an bhéim, áfach.

"Ag an taobh eile den speictream, caithfear bealaí a aimsiú chun an líon foghlaimeoirí fásta Gaeilge a mhéadú. Beimid ag díriú ar thuistí atá ag iarraidh tacaíochta agus iad ag tógáil clainne le Gaeilge. Freisin, mar go bhfuil pleananna teanga ann don Ghaeilge i gcuid de na heagraíochtaí poiblí, cuirfimid níos mó béime ar na foirne laistigh de na heagraíochtaí seo an Ghaeilge a fhoghlaim."

Tá plean náisiúnta 5 bliana ann in Albain don Ghaeilge, plean atá i bhfad níos gearrthéarmaí ná plean 20 bliain don Ghaeilge in Éirinn. Tháinig plean na hAlban i bhfeidhm in 2006, i ndiaidh gur tháinig an Acht Gàidhlig i bhfeidhm in 2005.

De réir an daonáirimh is deireanaí, tá 56,000 cainteoir Gaeilge ann, agus 40,000 eile a deir go dtuigeann siad an teanga. Cad é an dúshlán is mó roimh an Phríomhfheidhmeannach nua anois?

"An cúlú eacnamaíochta!" ar sé láithreach. "Is cás no-win atá ann faoi láthair. Cibé pleananna atá againn, braitheann siad ar mhaoiniú. Bhí na húdaráis áitiúla a ritheann na scoileanna ag súil le níos mó daltaí a fheiceáil ag dul isteach go scoileanna Gaeilge, ach tá go leor ciorruithe curtha i bhfeidhm orthu féin, i dtaobh fostaíochta de, agus mar sin tá sé deacair orthu bheith ag díriú ar an nGaeilge. Beidh sé an-deacair le haghaidh cúpla bliain. Beidh orainn a bheith iontach dírithe ar cá háit is éifeachtaí agus is fearr lenár n-acmhainní a úsáid. Freisin, caithfimid breathnú as an nua ar phleanáil don todhchaí chun an líon scoileanna Gaeilge a mhéadú. Caithfidh sé sin tarlú i dtimpeallacht nach bhfuil daoine ag mothú dóchasach mar gheall ar staid na heacnamaíochta. Ach cuireadh i gcuimhne dom cúpla mí ó shin go ndúirt duine éigin uair amháin: Fortunes are not made in the good times, fortunes are made by those who plan in the bad times. Sin an dearcadh atá againn agus muid ag dul chun tosaigh."

Deir sé gur eagraíocht bheag é *Bord na Gàidhlig* le clár oibre mór, agus braitheann siad go mór ar chomhpháirtíochtaí. Tá dáréag duine fostaithe ann.

Níl aon pháipéar nuachtáin i n*Gàidhlig*, cé go mbíonn ailt i nGaeilge na hAlban foilsithe i bpáipéir éagsúla cosúil le The Scotsman. Ar mhaith le John Angus go mbeadh páipéar ann i nGaeilge na hAlban?

"Bhuel tá an giúiré fós amuigh air sin," ar sé. "Ar dtús, mar gheall ar chostas na clódóireachta, agus freisin, mar go bhfuil an oiread sin stuif a bhíodh ar fáil sna nuachtáin amháin anois ar fáil ar an idirlíon freisin. Seachtain nó dhó ó shin bhí cruinniú againn agus bhí an tuairim ann go mbeadh nuachtán, nó leathanach nuachta dírithe ar mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí, níos oiriúnaí dár riachtanais, ná nuachtán ginearálta. Tá seirbhís nuachta ar líne i nGaeilge á cur ar fáil ag an BBC. An rud is práinní ná nuachtlitir de chineál éigin a chur ar fáil do thuismitheoirí atá buartha faoina gcuid páistí a chur chuig scoileanna Gaeilge, mar shampla. Ceapaim go mbeadh éileamh ann don chineál sin ruda."

Is as Leódhas do John Angus ó dhúchas agus cé go ndeachaigh sé a chónaí in Obar Dheathain, Glaschú agus áiteanna eile, tá sé ina chónaí i Leódhas arís anois, áit a mothaíonn sé go bhfuil sé i bhfad níos airdeallaí ar riachtanais mhuintir na tuaithe.

Ceann de na dualgais a bheidh air sna seachtainí amach romham ná athnuachan agus athbhreithniú a dhéanamh ar phlean corparáideach *Bhord na Gàidhlig*.

"Braitheann gach rud ar chúrsaí airgeadais," ar sé. "Beidh rialtas na Breataine ag fógairt a mbuiséid ar 25 Deireadh Fómhair. Ag an staid sin, beidh a fhios ag Dún Éideann cé mhéad airgead a gheobhaidh siad ó Londain. Ní bheidh a fhios againn go deireadh mhí na Samhna nó tús mhí na Nollag cén buiséad a bheidh againn don chéad bhliain eile, agus ní tharlóidh faomhadh an bhuiséid sin go dtí mí Feabhra nó Mhárta. Táimid in áit dheacair ó thaobh pleanáil don todhchaí de."

Tá go leor athruithe curtha i bhfeidhm idir 1985, nuair a thosaigh John Angus mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomunn na Gàidhlig, agus 2010, agus é ag tosú mar Phríomhfheidhmeannach ar Bhord na Gàidhlig. An bhfeiceann sé mórán athrú ar staid na Gaeilge ó shin?

"Athrú ollmhór," ar sé. "Ní raibh aon scoileanna Gaeilge ann in 1985, agus anois tá scoil Ghaeilge i nGlaschú, in Inbhir Nis, aonad scoile Gaeilge i nDún Éideann, chomh maith le hoideachas trí Ghaeilge sna ceantair thuaithe. In 1985, ní fhéadfainn a bheith ag brionglóidí fiú go mbeadh an scéal amhlaidh 25 bliain níos déanaí. Freisin, bhí sé fíordheacair brú a chur ar chraoltóirí éisteacht linn agus muid ag lorg níos mó clár teilifíse Gaeilge. Ar deireadh, d'éirigh linn cainéal Gaeilge a fháil, i ndiaidh 20 bliain d'obair chrua."

Luann sé na forbairtí móra atá tarlaithe ó thaobh na n-ealaíon Gaeilge de freisin, cosúil le bunú na Gníomhaireachta Náisiúnta d'Ealaíona na Gaeilge, agus an méadú atá tagtha ar fhoilsitheoireacht i nGaeilge, sna scoileanna agus lasmuigh de na scoileanna.

Tá an Príomhfheidhmeannach nua réidh do na dúshláin atá roimhe agus is cinnte go mbeidh sé deacair air agus muid ag maireachtáil sna cúinsí deacra eacnamaíochta seo.

'Pota Focal'

Aonghus Ó hAlmhain

TÁ athnuachan ó bhun déanta ag Michal Boleslav Měchura ar a thogra foclóra, Pota Focal (www.potafocal.com).

Sa bhreis ar an ngluais tí atá á chnuasach aige le roinnt blianta anois, tá teacht tríd an suíomh ar theasáras de chuid saorálaí idirlín eile, Kevin Scannell, agus ar an togra comhoibríoch idirlín www.irishionary.com, i measc foinsí eile.

Gné a thaitníonn go mór liomsa ná an nasc le gluais na hirise idirlín Beo.ie. Tugann sé sin deis do dhuine an focal a fheiceáil i gcomhthéacs - agus a bheith muiníneach go bhfuil eagarthóireacht mar is ceart déanta ar an ábhar! Is é Michal, ar ndóigh, an duine a dhear Beo mar atá anois air, agus is ailtire eolais é ar na tograí focal.ie agus logainm.ie.

Tá an faobhar a chuir sé ar a scileanna ríomhaireachta sna tograí sin imithe chun tairbhe do Pota Focal, suíomh a chuireann sé ar fáil as a stuaim agus as a acmhainní féin, gan aon deontas ná spreagadh.

Feidhmíonn Pota Focal mar thairseach do roinnt eile acmhainní freisin. Is féidir focal a lorg ar focal.ie nó in An Foclóir Beag ar líne díreach ó shuíomh Michal.

Seo bua an idirlín - is féidir le saorálaithe cur le chéile chun rudaí nua, iontacha a chur ar fáil, agus ansin iad a nascadh le chéile chun rud níos iontaí fós a chur ar fáil. I gcás mionteanga mar an Ghaeilge, le pobal scaipthe, is iontach an deis atá ann.

Tá muid i bhfiacha ag ceannródaithe fearacht Michal agus Kevin sa chás seo.Tá breis eolais ar shaothar gairmiúil Michal, idir deonach agus íoctha, le fáil ag: http://www.prettydata.eu/mbm/.

2 NUACHT RÉIGIÚNACH

Na fir bhruscair, Oisín agus Parisch Browne, a scríobh an t-amhrán 'That's What You Do', ar mhaithe le hairgead a bhailiú do charthanacht.

Uimhir a haon sna cairteanna do dhéagóir óg Gaillimheach?

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ John Gaughan, buaiteoir chomórtas tallainne RTÉ, ICE Star Search, agus aisteoir le hamharclann an Druid, ag obair in éineacht le beirt fhear bruscair, Oisín agus Parisch Browne, chun amhrán a thaifeadadh agus airgead a bhailiú do charthanacht. "That's What You Do" an t-ainm atá ar an singil, agus beidh sé á eisiúint Dé hAoine seo chugainn in Zhivago, HMV agus Tower Records. Is féidir an t-amhrán a íoslódáil freisin ar downloadmusic.ie agus iTunes.

Rachaidh an t-airgead go léir i dtreo na carthanachta do pháistí le hailse, CD's Helping Hands. Tá an t-amhránaí óg seo díreach i ndiaidh a chuid torthaí Teastais Shóisearaigh a fháil agus tá sé díreach críochnaithe le bheith ag aisteoireacht ar stáitse mar chuid de dhráma Seán O'Casey, The Silver Tassie. Tháinig na deartháireacha, Oisín agus Parisch, aníos leis an smaoineamh seo sé mhí ó shin. Oibríonn siad leis an gcomhlacht City Bin.

"Ba mhinic gur thug mé airgead do charthanais éagsúla agus mar sin de. Lá amháin, shuigh mé síos agus dúirt mé liom féin gur fearr rud éigin gníomhach a dhéanamh ó thús go deireadh, chun airgead a bhailiú do charthanas ar leith. Caithfidh mé a rá gur fhoghlaim mé go leor ón tionscnamh seo, agus an chéad uair eile a thabharfaidh mé euro nó dhó do charthanacht, beidh tuiscint i bhfad níos fearr agam ar an oiread oibre a dhéanann siad," a deir Oisín Browne. Is Gaillimhigh an triúr acu agus táthar ag súil go mbeidh slua mór i láthair i mbeár The Cellar i nGaillimh oíche Dé Sathairn seo chugainn ag 9in, nuair a sheolfar an tsingil. Beidh bia saor in aisce ar fáil agus tá fáilte roimh chách.

Is iad Oisín agus Parisch a scríobh an t-amhrán agus shocraigh siad é a thaifeadadh i stiúideo baile Oisín.

Táthar ag iarraidh an t-amhrán a chur go huimhir a haon sna cairteanna.

"Táimid ag iarraidh ar gach duine an t-amhrán seo a cheannach agus cabhrú linn airgead a bhailiú," a deir Oisín. Is é Hector Ó hEochagáin an patrún ar an gcarthanas, a bunaíodh in 2006 agus a chuireann seirbhísí ar fáil do theaghlaigh a bhfuil páistí le hailse acu. Tá an t-amhrán a bheidh á chanadh ag John Gaughan lán de dhóchas agus is féidir éisteacht leis agus breathnú ar an bhfíseán ag http://www.youtube.com/user/jonnygaughan.

CONNACHTA NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Maoiniú ar fáil do chlubanna

Meadhbh Ní Eadhra

TEASTAÍONN ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go ndéanfadh clubanna spóirt a gcuid iarratas a chur faoina mbráid don scéim Deontais do Chlubanna Spóirt na bliana seo.

Cuidíonn an scéim seo chun tacaíocht a thabhairt do chlubanna sa chathair leanúint leis an dea-obair a bhíonn ar siúl acu ag cur deiseanna spóirt ar fáil do chách.

Fuair 25 club maoiniú faoin scéim seo anuraidh. Tá ciste iomlán de €60,000 ar fáil i mbliana agus beidh uasmhéid €3,000 ar fáil do gach aon chlub. Iarrtar ar chlubanna na foirmeacha iarratais deontais a líonadh roimh an spriocdháta ar an Aoine 1 Deireadh Fómhair 2010 roimh 4.00in. Is féidir critéir na scéime agus foirm iarratais an deontais a fháil ón Roinn Pobail & Cultúir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste nó iad a íoslódáil ón láithreán gréasáin www.galwaycity.ie/AllServices/CommunityCulture/Forms/. Tá an scéim deontas seo á seachadadh i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Chathair na Gaillimhe.

Scéal Báis : Joe Neylon

BHÍ ardmheas ag an Uasal Joe Neylon ar an nGaeilge. Bhí sé anbhródúil as a bheith in ann seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil ina ghnó agus labhair sé í go rialta le meas agus le honóir.

Bhí sé ina bhall de Chairde Ghaillimh le Gaeilge le cúpla bliain anuas agus ghlac sé páirt ghníomhach sna himeachtaí go léir.

Ag labhairt faoin Uasal Neylon, dúirt Bríd Ní Chonghaile ó Ghaillimh le Gaeilge, "Is minic a d'fhreastail Joe ar na lónta gnó a bhíonn á n-eagrú againn anseo sa chathair. Ba e a mheangadh gáire mór a d'fheicfeá i dtosach agus é ag teacht isteach chuig an ócáid.

Bhí sé i gcónaí i ndea-ghiúmar agus thug sé ábhar misnigh agus dóchais dóibh siúd a bhíodh ina chomhluadar. Mar fhear gnó sa chathair, bhí aithne mhaith aige ar roinnt mhaith daoine agus chuir sé go leor de na daoine sin in aithne do Ghaillimh le Gaeilge.

Beimid i gcónaí fíorbhuíoch dó as an tacaíocht leanúnach a thug sé dúinn agus cuimhneoimid go deo ar a chairdeas agus ar a chineáltas.

Thar ceann Choiste Stiúrtha, Fhoireann agus Chairde Ghaillimh le Gaeilge, comhbhrón ó chroí lena chlann go léir. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

Colman Ó Flatharta ag cur comhairle ar dhornálaithe i rith na seachtaine. Thosaigh an traenáil an tseachtain seo dóibh siúd atá ag glacadh páirte in oíche dhornálaíochta nó 'White Collar Boxing' a bheidh ar siúl i Spórtlann Naomh Anna, Leitir Móir ar an 23 Deireadh Fómhair.

An t-amhránaí óg John Gaughan.

www.connemara-south.com

Treasa Bhreathnach

IS é Eoin Walsh, as Baile Átha Cliath, a bhfuil scór bliain caite aige le tionscal theicneolaíocht na faisnéise, atá taobh thiar den togra nua idirlín www.connemarasouth.com.

"Bhíos ag cuardach eolais lá amháin in Indreabhán ar an gceantar agus chuaigh mé isteach chuig oifig eolais chun bróisiúr nó rud éigin a fháil. Chuir mé an cheist céard atá le déanamh timpeall na háite seo agus ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an bhfreagra a fuair mé - 'níl tada le déanamh timpeall anseo'. Tá an oiread le déanamh timpeall an cheantair seo - cadhcáil den scoth, slatiascaireacht, siúlóidí - gur chuir an freagra seo iontas orm. Shocraigh mé an t-eolas ar fad a bhailiú mé féin agus é a chur ar fáil don phobal, ar mhaithe leis an bpobal féin agus ar mhaithe le turasóireacht nó gnó a ghiniúint. Tá mac 15 mhí d'aois agam agus táim ag iarraidh iarracht a dhéanamh go mbeadh fostaíocht ar fáil dó sa cheantar nuair a bheidh sé 15 bliana d'aois."

Deir Eoin gur shocraigh sé ar an mbóthar ó Bhearna go Ros an Mhíl a shiúl chun eolas, seanchas agus scéalaíocht a bhailiú. An áit ar thosaigh sé amach ná 'Mag's Boithrín' i mBearna agus chun tuilleadh eolais a fháil faoi Mags féin, téigh chuig an suíomh idirlín. Tá scéalta na háite faighte aige chomh maith: an mianach in Indreabhán i 1917, an séipéal i mBearna a dódh, an séipéal sna Minne a bhfuil conspóid ollmhór i measc an phobail faoi agus 'Lóiste Crumlin' in Indreabhán, áit ar tógadh foirgneamh a raibh sé beartaithe a thógáil san India. Ba le hathair céile Bryan Ferry an Lóiste agus maraíodh é nuair a dódh an Lóiste go talamh. Beidh na scéalta seo agus tuilleadh ar fáil ar an suíomh go luath agus iad ar fad i bhfoirm seanchais. Ní hé go bhfuil sé i gceist aige a bheith ag caitheamh súil siar amháin - beidh an t-eolas is deireanaí faoi imeachtaí sa cheantar le fáil ar an suíomh. Beidh eolas eile le fáil chomh maith, mar shampla clár ama na mbusanna, réamhaisnéis na haimsire a dhéanfar a nuashonrú gach ceithre huaire an chloig agus eolas ar an gcóras iompair uile. Tá sé i gceist ag Eoin cuairt a thabhairt ar gach bialann, teach ósta agus teach lóistín ar an mbóthar chun deis fógraíochta a thabhairt dóibh ar an suíomh. Beidh Eoin ag scríobh blaganna léirmheastóireachta ar an suíomh faoi ghnóthaí éagsúla timpeall an cheantair. Cheana féin, cé nach bhfuil an suíomh féin seolta go fóill tá lóistín curtha san áirithe ag lánúin ó Delaware in Indreabhán do cheolchoirm Johnny McEvoy. Beidh Johnny McEvoy ag seoladh an tsuímh go hoifigiúil ar 30 Deireadh Fómhair agus tabharfar tuilleadh eolais an oíche sin faoin suíomh féin agus faoi na féidearthachtaí atá ann do ghnólachtaí. Is féidir cur isteach ar an gcomórtas ar lch.....chun ticéid a bhuachan agus chun agallamh le Johnny McEvoy féin a léamh. Nó, is féidir ticéad a cheannach don cheolchoirm ag www.connemarasouth.com, ó Óstán na Páirce sa Spidéal, ó Zhivago i nGaillimh, ó Thigh Neil in Indreabhán, nó ó Shiopa an Phobail in Indreabhán.

Maigh Eo

Athbhreithniú ar Phlean Oidhreachta Mhaigh Eo

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ Comhairle Contae Mhaigh Eo ag déanamh athbhreithniú ar an bPlean Oidhreachta faoi láthair. Ba mhaith le Fóram Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo do thuairimí agus do smaointe i leith oidhreacht Mhaigh Eo a fháil, ionas go gcuirfear san áireamh iad sa Phlean nua Oidhreachta do Chontae Mhaigh Eo. Plean cúig bliana a bhaineann le gach cearn den chontae is ea an Plean Oidhreachta. Tá sé mar chuspóir aige oidhreacht Mhaigh Eo a chosaint, a chaomhnú, agus feasacht uirthi a chur chun cinn. I dtreo is go gcuirfear le héachtaí Phlean Oidhreachta Mhaigh Eo 2006-2010, agus chun a chinntiú go mbeidh an chéad Phlean eile oiriúnaithe do riachtanais oidhreachta an chontae, tá an tOifigeach Oidhreachta ag tabhairt cuiridh duit páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin agus an deis a thapú chun ceisteanna agus riachtanais áitiúla oidhreachta a aithint, agus moltaí a thabhairt ina leith. Ní mór d'aighneachtaí scríofa agus/nó ceistneoirí líonta a bheith curtha faoi bhráid an Fhóraim Oidhreachta, f/c an tOifigeach Oidhreachta, faoin Aoine 15 Deireadh Fómhair 2010.

LAIGHIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Ceatharlach

John Spillane & ASPIRO

Meadhbh Ní Eadhra

MAR chuid d'Fhéile an Fhómhair 2010 cuirfidh Glór Cheatharlach i gcomhar le hAmharclann GB Shaw ceolchoirm an-speisialta i láthair le John Spillane agus Cór ASPIRO, ar an Aoine 8 Deireadh Fómhair 2010 ag 8.00in. Is ceolchoirm dhátheangach í seo leis an gceoltóir aitheanta as Corcaigh agus é ag déanamh comhoibriú leis an gcór rathúil áitiúil ASPIRO faoi stiúir Mary Amond O'Brien.

Beidh John agus an cór ar an stáitse i dteannta a chéile chun roinnt amhrán ón dá albam le Spillane '*Irish Songs we learned at school*' agus 'More Irish Songs we learned at school' a chasadh. Tá clú agus cáil ar John timpeall na tíre dá scéalaíocht, dá chuid filíochta agus don fhuinneamh a chuireann sé isteach ina seónna beo. Tá an gradam Meteor do '*Best Irish Male*' buaite aige faoi dhó anois. Bhain John an-cháil amach le cúpla bliain anuas le hamhráin cosúil le *Dunnes Stores Girl* agus *Hey Dreamer* agus bhain na sluaite taitneamh as an dá albam Gaeilge atá déanta aige le hamhráin cosúil le Dilín Ó Deamhas, Báidín Fhelimí, Siúl a Rún agus An Poc ar Buile. Fuair John cabhair ó dhaltaí Ghaelcholáiste Choilm i mBaile an Chollaigh, Co. Chorcaí agus é ag déanamh taifeadadh ar na halbaim Ghaeilge. Tá amhránaithe óga ASPIRO ag súil go mór le bheith ar an stáitse céanna le John Spillane ag an seó beo speisialta seo a bheidh i gCeatharlach d'aon oíche amháin i rith Fhéile an Fhómhair 2010. Beidh an-éileamh ar an gceolchoirm seo agus ní foláir áiteanna a chur in áirithe roimh ré. Tá ticéid ar díol anois ag VISUAL ar phraghas €15 / €10 ar (059) 9172400 nó ar líne ar www.gbstheatre.ie.

Cill Chainnigh

Daonscoil Osraí ar siúl go luath

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH Daonscoil Osraí ar siúl i mbliana idir an chéad agus an tríú lá de mhí Dheireadh Fómhair, i gCill Chainnigh. Tá siad ag ceiliúradh 100 bliain ó rugadh Dubhghlas de hÍde, agus Clann Smithwick, mar go bhfuil siad mar fhostóirí i gCill Chainnigh le 300 bliain anuas. Beidh an oscailt oifigiúil ar siúl i ngrúdlann Smithwick ag a hocht a chlog ar an Aoine 1 Deireadh Fómhair, agus is é Ian Hamilton ó Smithwicks a bheidh ina bun.

Beidh an Dr Gearóid Ó Tuathaigh ag tabhairt léachta faoi Dhubhghlas de hÍde agus an athbheochan chultúrtha ina dhiaidh sin, agus leanfaidh neart cainte agus ceoil. Beidh turas bus ag fágáil ó Shráid Déan Dé Sathairn ag a 2.30in. Pádraig Ó Nualláin a bheidh mar threoraí ar an turas.

Ag 7.30 an oíche sin, beidh dinnéar Ceilteach ar siúl in Óstán Springhill. Dé Domhnaigh, tiocfaidh deireadh le himeachtaí na Daonscoile agus beidh Aifreann i nGaeilge ann ar maidin ag 10.30rn, i Mainistir na gCaipisíneach, chomh maith le léacht ag 2.30in leis an mbreitheamh Peter Smithwick, faoin tréimhse fhada de 300 bliain a bhfuil Smithwicks lonnaithe i gCill Chainnigh.

Contae na Mí

Éileamh ar Chúrsaí Gaeilge i mBaile Átha Troim

Meadhbh Ní Eadhra

TÁ an-éileamh ann i mbliana ar ranganna oíche Gaeilge do dhaoine fásta i mBaile Átha Troim i gContae na Mí. Chláraigh líon mór daoine do na ranganna a bhíonn ar siúl i bPobalscoil na Bóinne. In ainneoin iarrachtaí a rinneadh anuraidh chun ranganna a bhunú, níor éirigh leo mar gheall ar easpa suime, ach tá athrú mór tagtha air sin i mbliana. Ar cheann de na ranganna atá á reáchtáil san Fhómhar tá rang Comhrá, agus cheana féin tá sé beagnach lán. Tá rang Gaeilge á chur ar fáil freisin do dhaltaí na hArdteiste atá ag tabhairt faoin scrúdú ardleibhéil, mar go raibh an oiread sin daoine ag lorg ranga den chineál sin. Is í an múinteoir Eibhlín Ó Crualaoi a bheidh ag múineadh an chúrsa i mbliana. Is múinteoir í a bhfuil anchur amach aici ar an gcúrsa cheana féin. Beidh na ranganna ar siúl ar an

Seán Mac Mathúna, Anna Heussaff, Catherine Foley, Micheál Ó Conghaile agus Mícheál Ó Ruairc ag seoladh 'Buille Marfach' le hAnna Heussaff agus 'Daoine a Itheann Daoine' le Mícheál Ó Ruairc, leabhair nua-fhoilsithe ag Cló Iar-Chonnachta, in Áras na Scríbhneoirí, Cearnóg Parnell i mBaile Átha Cliath mar chuid d'IMRAM. (Pic. Seán Ó Mainnín)

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair, 2010

Cuid de Chór Aspiro i gCeatharlach, a bheidh ag casadh in éineacht le John Spillane ar an 8 Deireadh Fómhair.

Máirt, ó 7.00 go dtí 10.00 san oíche, ag tosú Dé Máirt seo chugainn. Má tá suim ag daoine sa chúrsa is féidir leo clárú ar an idirlíon trí www.boyneadulteducation.com.

Baile Átha Cliath

Meadhbh Ní Eadhra

Ceolchoirm in Áras Chrónáin

Beidh ceolchoirm le Gerry O'Connor, Cathal Mac Connell agus Dónal Ó Connor ar siúl in Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath ar an Satharn 2 Deireadh Fómhair ag a 8in. Tá costas €18 ar thicéid, nó €15 más ball den Áras tú. Tá imeachtaí rialta an Árais fós ar siúl, le seisiúin cheoil gach oíche Chéadaoin, Dhéardaoin, Shathairn agus Dhomhnaigh óna 8.30in ar aghaidh, chomh maith le rince seite ar an Aoine ó 7.30 go 9.15in. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó www.araschronain.ie nó 014574847.

DIT ag cur ranganna Gaeilge ar fáil saor in aisce

BEIDH ranganna Gaeilge do mhic léinn agus don fhoireann á reáchtáil in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an Fómhar seo i gcúig ionad éagsúla. Is í Oifig na Gaeilge san institiúid atá ag eagrú na ranganna, le tacaíocht ón Aonad Traenála Foirne agus Forbartha.

Cuirfear naoi rang san iomlán ar fáil, agus freastlóidh na ranganna ar ghlantosaitheoirí agus ar leibhéil níos airde freisin. Tá na ranganna saor in aisce agus beidh siad ar siúl ó 1 go 2 a chlog i rith na seachtaine agus ó 5.30 go 7in. Tosóidh siad Dé Luain seo chugainn agus mairfidh siad ar feadh 8 seachtaine. Ranganna neamhfhoirmiúla a bheidh iontu, bunaithe ar chomhrá, agus beidh na leibhéil i gcomhréir le Teastas Eorpach na Gaeilge. Go dtí seo, tá beagnach 350 ball foirne i ndiaidh freastal ar ranganna Gaeilge san institiúid agus an Samhradh seo, d'fhreastail 35 ball foirne agus mic léinn ar chúrsaí Gaeltachta timpeall na tíre.

Tá Ciorcail Chomhrá á n-eagrú ag baill foirne i Sráid Bolton agus Sráid Aungier chomh maith an téarma seo agus tá fáilte mhór roimh chách. Beidh na ciorcail chomhrá ar siúl i Sráid Aungier i gCúl an Tí, sa chúinne Gaeilge atá suite ag doras Shráid an Easbuig gach maidin Dé Máirt ón 28 Meán Fómhair ar aghaidh ag 11rn agus i Sráid Bolton gach maidin Déardaoin ón 30 Meán Fómhair ar aghaidh ag 11rn sa bhialann. Tá Oifig na Gaeilge ag eagrú clár d'imeachtaí cultúrtha agus sóisialta faoi láthair mar thacaíocht leis na ranganna Gaeilge. San áireamh ar an gclár tá ceardlanna damhsa agus bodhráin, lón Gaeilge uair sa mhí, imeachtaí ceoil, aoichainteoirí agus go leor eile. Coinnigh súil ar www.dit.ie/services/gaeilge/imeachtai le haghaidh tuilleadh sonraí. Is féidir clárú do na ranganna Gaeilge ar www.dit.ie/services/gaeilge/ranganna nó dul i dteagmháil le Siobhán in Oifig na Gaeilge ar 01 4027043.

Tá grá sa spéir. Tá Emma Higson ag fáil taithí ar eitilt balúin the den chéad uair lena buachaill Alex Mackinnon. Balún a athar atá ann agus é 5000 troigh os cionn an Longfoirt agus na hIar-Mhí i gcomhair iarracht thrialach roimh chraobhchomórtas balún té na hÉireann i Co. an Longfoirt. (PIC. EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND)

Teacht le chéile Aisteoirí Bulfin

BEIDH teacht le chéile ag baill reatha agus iarbhaill Aisteoirí Bulfin amárach i gClub Chonradh na Gaeilge, 6 Sráid Fhearchair (thíos staighre), i mBaile Átha Cliath 2. Beidh sé ar siúl ag 8.30in, ach ar ndóigh tá fáilte roimh dhaoine teacht pé uair a oireann dóibh féin. Beidh fáilte speisialta ag an ócáid seo roimh dhuine ar bith a bhí páirteach le hAisteoirí Bulfin ó bunaíodh an cumann drámaíochta in 1968.

Má tá seanghrianghraif agat sa bhaile tabhair leat iad go dtí an ócáid! Má tá breis eolais uait maidir leis an ócáid is féidir teagmháil a dhéanamh le Méabh ag 087 2940476 nó aisteoiribulfin@gmail.com.

MUMHAIN NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

Scoil Fómhair na Poblachta le hoscailt ag Martin McGuinness i mBaile Bhúirne

Seán Ó Loingsigh

OSCLÓIDH LeasChéad-Aire an Tuaiscirt Martin McGuinness Scoil Fómhair nuabhunaithe a reachtálfar i mBaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo.

Is é seo an chéad tionól dá leithéid atá eagraithe faoi choimirce nuachtán An Phoblacht. '*Tá sé in am Éire d'athrú*' a atá mar théama ar an scoil a osclófar go hoifigiúil ar a 8.00 anocht oíche Dé hAoine i dtábhairne agus i mbialann An Muileann.

Tá na baill shinsearacha de chuid Shinn Féin - an Leasuachtarán Mary Lou McDonald agus an Teachta Dála Martin Ferris - le bheith i láthair ag an dtionól, chomh maith le haoichainteoirí aitheanta eile a chuirfidh síos ar chúrsaí teanga, cultúir, eacnamaíochta agus Gaeltachta.

Ar a 6.30 tráthnóna Dé hAoine cuirfidh an cumadóir Peadar Ó Riada i láthair an scannán Mise Éire. Ba é a athair Seán Ó Riada a chum an scór don scannán cáiliúil a chuireann síos ar imeachtaí Chogadh na Saoirse.

Níos déanaí ar a 8.30 cuirfidh ball de Chomthionól an Tuaiscirt agus iar-stailceoir ocrais Raymond McCartney síos ar an stailc ocrais in 1980. Maidin Dé Sathairn sa Mhuileann beidh '*Todhchaí na Gaeltachta*' mar ábhar ag Bainisteoir Tionscadail Gaelscéal, Trevor Ó Clochartaigh, agus oifigeach de chuid Ógras, Risteárd Ó Fuaráin.

'*The case for an All Ireland economy*' a bheidh mar theideal ar dhíospóireacht roimh am lóin ar an Satharn leis na haoichainteoirí Tom O'Connor atá mar léachtóir le heacmamaíocht agus polasaí sóisialta in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, agus an comhairleoir eacnamaíochta Michael Burke a chaith tréimhse mar eacnamaí le Citybank i Londain.

Beidh príomh-dhíospóireacht Scoil an Fhómhair ann san iarnóin Dé Sathairn nuair a labhróidh Mary Lou McDonald, comhairleoir de chuid Shinn Féin, Chris O'Leary ó chathair Chorcaí, agus cúl báire fhoireann iomána Chorcaí Dónal Óg Cusack ar '*What kind of Ireland do we want*'?

Tá turas timpeall go láithreacha áitiúla a bhaineann le Cogadh na Saoirse le bheith ann ar a 5.00 tráthnóna Dé Sathairn agus cuirfear críoch le Scoil an Fhómhair le haitheasc ó Martin Ferris ag dinnéar agus ócáid cheoil níos déanaí sa Mhuileann.

Patrick O'Donoghue, The Gleneagle Hotel, Micheál de Mórdha, Uachtarán Oireachtas na Gaeilge, Donal Grady, Méara Chill Airne agus Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir an Oireachtais. PIC. DON MACMONAGLE

Ann agus Derry Murphy in éineacht le Siobhán Fahy, An Daingean ag seoladh Oireachtas na Gaeilge i gCill Airne an tseachtain seo caite. Meastar gur fiú €5.5 milliún don gheilleagar áitiúil é an tOireachtas.
PIC DON MACMONAGLE

Scéalta Mhúscraí

Seán Ó Loingsigh

Oiliúnóir ceapaithe ag CLG i nGaeltacht Mhúscraí

TRÁTHÚIL go maith tá oiliúnóir ceapaithe ag an gCumann Lútchleas Gael chun scileanna sna cluichí Gaelacha d'fhorbairt i nGaeltacht Mhúscraí.

Chuaigh peileadóir ó fhoireann sinsir Naomh Abán Bhaile Bhúirne, Séamus Ó Mathúna, i mbun oibre an tseachtain seo chun scileanna peile, iománaíochta agus camógaíochta a theagasc sna scoileanna go léir i nGaeltacht intíre Chorcaí.

Tá na bunscoileanna i Réidh na nDoirí, Cill na Martra, Baile Bhúirne, Cúil Aodha agus Béal Átha 'n Ghaorthaidh i gceist, chomh maith leis na meánscoileanna Coláiste Ghobnatan Bhaile Bhúirne agus Scoil Mhuire Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, i gcomhar le Coiste Chontae Chorcaí agus Comhairle na Mumhan de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael.

Leagadh clár oibre amach an tseachtain seo caite i gcomhar leis na scoileanna agus na trí chumann CLG i bparóistí Chill na Martra, Bhaile Bhúirne agus Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh.

Tá an scéim á cur i bhfeidhm sa dá mheánscoil i gcomhar lena múinteorí corpoideachais - na traenálaithe aitheanta Mickey Ned Ó Súilleabháin (Coláiste Ghobnatan) agus Pádraig Ó hIarfhlaithe (Coláiste Ghobnatan agus Scoil Mhuire).

PJ Sheehan, Fine Gael, TD do Chorcaigh Thiar Theas. Bhí ar PJ Sheehan leithscéal a ghabháil an tseachtain seo tar éis gur tuairiscíodh gur thug sé bagairt ar Gharda a stop é nuair a rinne sé iarracht tiomáint ar shiúil ó Theach Laighean agus é faoi thionchar an óil ar 18/9/2008. (PIC. EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND)

Is imreoir le foireann sinsir Naomh Abán é Séamus Ó Mathúna agus tá céim i gcúrsaí caitheamh aimsire bainte amach aige in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí mar a raibh sé ina bhall den fhoireann pheile idirmheánach agus de phainéal na sinsear i mbliana. Tá tráchtas maidir le cúrsaí spóirt agus an óige díreach críochnaithe aige mar chuid de chéim mháistreachta.

Tús maith a bhí ann ina phost nua nuair a thosnaigh Séamus a chuid oibre Dé Luain seo caite leis na leanaí ríméadacha i Scoil Náisiúnta Réidh na nDoirí, áit dúchais an pheileadóra Noel Ó Laoire, imreoir le foireann pheile Chill na Martra a bhuaigh bonn uile-Éireann le Corcaigh an lá roimis, agus bhí sé i mbun teagaisc scileanna chomh maith i gColáiste Ghobnatan i mBaile Bhúirne mar ar fhreastalaíodh laoch Chorcaí ar an mheánscoil.

Is iardhalta de chuid Choláiste Ghobnatan chomh maith é Anthony Ó Loingsigh, imreoir ó chumann peile Naomh Abán a bhain bonn mar bhall de phainéal Chorcaí Dé Domhnaigh seo caite, agus cúis eile áthais go háitiúil ná go raibh Peadar Ó hÉalaithe ó Bhaile Bhúirne ar dhuine des na roghnóirí leis an bhfoireann bhainistíochta. Táthar ag súil go mbeidh Sam ag teacht ar cuairt go Coláiste Ghobnatan sna laethanta amach romhainn.

Ciallaíonn bua Chorcaí ar an nDomhnach go bhfuil cúig bhonn sinsir uile-Éireann sa pheil buaite ag ceathrar imreoirí ó Ghaeltacht Mhúscraí le foireann an chontae le beagnach 40 bliain anuas - Ó Laoire agus an Loingseach, Seán Ó Drisceoil ó Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh a bhuaigh boinn le Corcaigh in 1989 agus 1990 agus ball tofa Údarás na Gaeltachta an lae atá inniu ann Micheál Ó Scanaill a d'imir mar fhear ionaid leis an bhfoireann a bhuaigh ar an nGaillimh in 1973. Bhí oíche mhór cheiliúrtha ann nuair a tugadh Sam go Baile Bhúirne an oíche úd, agus bhí turas fánach aige breis is 20 bliain dár gcionn nuair a tháinig foireann Bhaile Átha Cliath a bhuaigh Craobh na hÉireann in 1995 ar cuairt leis an gcorn. Chuaigh sé ar iarraidh ar feadh tamaill an oíche chéanna, ach sin scéal eile.

Tá ardáthas ar mhuintir Mhúscraí de bharr an éachta a rinne Noel Ó Laoire ach go háirithe i bPáirc an Chrócaigh. Tá srian curtha beagáinín leis an gceiliúradh ar feadh tamaillín mar go bhfuil cluichí cinniúnacha ag cumainn Chill na Martra agus Bhaile Bhúirne an deireadh seachtaine seo. Táthar ag súil go mbeidh Anthony Ó Loingsigh aclaí go leor chun imirt in aghaidh na bPiarsach sa chraobhchomórtas sinsir i gCloch Dubh oíche Dé hAoine ós rud é go mbeidh an fhoireann a chaillfidh ag dul síos go dtí an roinn idirmheánach an bhliain seo chugainn. "Beidh antionchar ag an gcluiche sin ar thodhchaí an chumainn seo," a dúirt cathaoirleach Chumann Peile Naomh Abán, Seán Ó Cróinín, i rith na seachtaine. Seans go mbeidh tionchar ag an oiliúnóir scileanna Séamus Ó Mathúna ar an dtoradh agus ar an dtodhchaí ós rud é go bhfuiltear ag súil go n-imreoidh an peileadóir 22 bliain d'aois mar lánchúlaí nó leathchúlaí láir ar an bhfoireann.

Beidh deis ag Cumann Chill na Martra dul chun cinn i gcluiche

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair, 2010

ceathrú ceannais in aghaidh Éire Óg sa chraobhchomórtas idirmheánach i gCarraig a' Droichid tráthnóna Dé Sathairn nuair a bheidh Noel Ó Laoire agus a chomhghleacaithe caithréimeacha ó fhoireann an chontae, Daniel Goulding agus Ciarán Sheehan, ag imirt in aghaidh a chéile an babhta seo. Tá Sam Maguire sa bhaile ach leanann an choimhlint áitiúil chomh maith leis an oiliúint.

Ionad Lae nua do sheanóirí le hoscailt i mBaile Bhúirne

TÁTHAR ag súil go mbeidh Ionad Lae nua do sheanóirí á oscailt i mBaile Bhuirne an mhí seo chugainn.

Tá an foirgneamh á thógáil laistiar d'Ionad Sláinte Bhaile Bhúirne le bliain anuas beagnach réidh.

Is í an eagraíocht áitiúil Comhlacht Tithe Sóisialta agus Forbairt an tSuláin Teo atá i mbun na forbartha a chosnaigh €0.5 milliún.

Tá an tIonad tógtha ar shuíomh 0.12 acra atá ceannaithe ag an eagraíocht dheonach ó Chomhairle Contae Chorcaí ar chostas €5,000.

I rith thógáil an Ionaid Lae cuireadh seirbhísí ar fáil chomh maith do shuíomh taobh leis mar a bhfuil cead pleanála ag an eagraíocht chun suas le deich dtigh cónaithe do sheanóirí a thógaint.

Ó cuireadh Comhalcht Tithe Sóisialta agus Forbairt an tSuláin ar bun in 1999, tá Ionad Lae Cois Cille agus naoi dtigh shóisialta tógtha ag an eagraíocht i gCill na Martra chomh maith le sé thigh i gCúil Aodha.

Cosúil le hIonad Lae Chill na Martra, beidh béilí do sheanóirí á gcur ar fáil san Ionad Lae nua i mBaile Bhúirne, chomh maith le háiseanna caitheamh aimsire agus seirbhísí leighis, cosliachta agus gruagaireachta.

Chorca Dhuibhne

Breandán Mac Gearailt

CHUIR rúnaí Bhanríon na Breataine in iúl do Choiste Tom Crean, in Abhainn an Scáil i gCorca Dhuibhne an tseachtain seo, i litir, nach raibh aon socruithe ann faoi láthair An Bhanríon Eibhlís II a thabhairt go hÉirinn. Chuir an rúnaí, Sonia Bonici, in iúl go raibh an bhanríon anshásta cuireadh a fháil agus gur bhain sí sásamh as an leabhar faoi Abhainn an Scáil a seoladh chuici. Dúirt sí gurb í an Roinn Comhlathais agus Gnóthaí Eachtracha a réitíonn turais idirnáisiúnta don bhanríon agus nach raibh aon turas ar na bioráin faoi láthair.

Sheol an coiste áitiúil an cuireadh chuig an mbanríon mar go raibh Tom Crean ar fhoireann Shackelton. Mheas sé siúd agus a fhoireann taiscéalaithe go mbeadh siad ar an gcéad dream chun an Mol Theas a shroichint.

Tá dealbh taibhseach den tábhairneoir ó Bhaile na Cúirte in Abhainn an Scáil i ngairdín leis féin trasna an bhóthair ón tábhairne, South Pole Inn in Abhainn an Scáil.

Dúirt urlabhraí ón gcoiste le *Gaelscéal* gur thuigeadar don bhanríon ach pé acu a bhí sí ar an eolas faoi Tom Crean roimhe sin nó nach raibh, agus a ndein sé fad agus a bhí sé ina thaiscéalaí le Shackelton, bheadh anois agus faoi bhaile Abhainn an Scáil chomh maith.

Buaileann gaolta do Shackelton agus a fhoireann le baill de Choiste Tom Crean gach bliain. Maireann beirt iníon do Crean.

"Táimid ag treabhadh linn,' arsa an t-urlabhraí agus mar atá a fhios agat tá

ceoldráma scríofa ag Rachel Holsted agus tá beart againn comóradh a dhéanamh ar Crean i mBaile Átha Cliath agus cur lena aitheantas go fada fairsing, rud atá tuillte aige."

BIM

TUIGTEAR go bhfuil Bord Iascaigh Mhara (BIM) ag súil go dtógfaidh duine nó dream éigin an t-aonad oighir atá acu sa Daingean ar láimh.

Bhí, agus tá, an-chuid iascairí ardbhailithe de thoradh ráflaí go bhfuil an t-aonad, a tógadh ní go rófhada ó shin, le hiamh.

Dar le daoine a bheadh ag plé le BIM gurb í tuairim BIM ná go bhfuil soláthar, nó córas le hoighear á chur ar fáil ar bord scata bád agus go bhfuil aonaid bheaga i roinnt áiteanna sa cheantar le hoighear a chur ar fáil do bháid bheaga.

Is beag cluas a thugtar dó seo agus is é an gearán is minice atá le clos ná gur aisteach é mar scéal nach mbeadh aonad oighir ag feidhmiú go leanúnach i gceann de na mórchuanta iascaireachta sa tír, gradam a bronnadh ar Chuan an Daingin breis agus bliain ó shin.

Is léir go mbeidh sé seo mar ábhar díospóireachta go dtiocfar ar réiteach comhaontaithe.

Buailtín

TIOCFAIDH gasra mór ball de Chonradh na Gaeilge le chéile in Óstán Cheann Sibéal ar an mBuailtín oíche Dé Sathairn 2 Deireadh Fómhair ar 8.30in. Beidh Uachtarán an Chonartha, Pádraig Mac Fhearghusa, agus timpeall ar fhiche duine ag taisteal ó Thrá Lí agus meastar go mbeidh an staraí/foilsitheoir agus Iar-Uachtarán an Chonartha, Pádraig Ó Snodaigh, ar an láthair chomh maith. Meastar, leis, go bhfuil aitheantas agus ómós ar na bioráin.

Dar le Seosamh Ó Conchúir ó Chraobh Chorca Dhuibhne gur ócáid í ar a mbuailfeadh daoine gur mór acu an teanga agus a mbaineann léi le chéile agus go gcuirfidís misneach ar a chéile, mar aon le hoíche shuáilceach cheolmhar a bheith acu. "Ó, beidh sólaistí ar fáil," ar sé.

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

An tlúr

Ranganna Gaeilge sa Bhaile Mór

BEIDH oíche clárúcháin ann do ranganna do dhaoine fásta atá á n-eagrú ag Conradh na Gaeilge sa Gateway Club ar an Iúr, Dé Luain 27 Meán Fómhair ar 7.30 in. Beidh caint ann le Risteard Mac Gabhann as Doire, údar an chúrsa Ghaeilge Tús Maith. Tá Risteard ag obair le fada an lá ar dhóigheanna chun foghlaim na Gaeilge a éascú agus cuirfidh foghlaimeoirí de gach grád spéis sa chaint seo. Tá an chaint saor in aisce agus tá fáilte roimh chách.

Ciorcal Comhrá Dhroim an Tí

BEIDH Ciorcal Comhrá Dhroim an Tí ar siúl gach dara hAoine ar 8in i gClubtheach CLG Dhroim an Tí.

Beidh an chéad chiorcal eile ar siúl ar 1 Deireadh Fómhair.

Bíonn deis ag lucht na Gaeilge, idir thosaitheoirí agus dhaoine a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu, teacht le chéile chun comhrá a dhéanamh.

Beidh fearadh na fáilte roimh chách.

Tír Chonaill

Judy Ní Ógáin

Sagart as an mBrasaíl chun cuairt a thabhairt ar Ghaoth Dobhair

TÁ sagart a chaith 30 bliain ag obair le páistí sráide in Sao Paulo na Brasaíle, chun cuairt a thabhairt ar Ghaoth Dobhair an deireadh seachtaine beag seo - 25 & 26 Meán Fómhair, chun labhairt faoina chuid oibre sa Bhrasaíl agus chun airgead a bhailiú dá Ionad Cultúrtha i gceantar 'Vile Prudente', a d'oscail sé sa tír sin in 1990. Beidh an tAthair Pat Clarke i láthair ag na haifrinn uilig le linn an deireadh seachtaine, áit a ndéanfaidh sé cur síos ar a chuid oibre, faoin Ionad Cultúrtha agus faoi na páistí sráide.

Tugann an tIonad Cultúrtha dídean do pháistí sráide agus deis dul i dtreo eile lena saol, seachas titim isteach i saol le drugaí agus coiriúlacht.

Is iad Nellie Uí Cholla (ó Charraig Airt) agus a deirfiúr Máire Uí Bhaoill (ó Choitín i nDoirí Beaga) a d'eagraigh an t-imeacht chun airgead a bhailiú don Ionad agus do na páistí sráide.

Beidh oíche shóisialta saor in aisce, le buifé, in onóir don Athair Pat ar siúl i dTeach Mhicí, Doirí Beaga san oíche amárach (Dé Sathairn), le neart duaiseanna móra le buachaint ar raifil ar an oíche chomh maith.

Bréifne

Glór Bhréifne

DUINE ar bith arbh mhaith leo cabhrú le forbairt na Gaeilge sa Chabhán, is féidir leo freastal ar Chruinniú Cinn Bliana Ghlór Bhréifne, Dé Céadaoin 29 Meán Fómhair ar 8.00in in Óstán Fearnáin, an Cabhán.

San óstán céanna, gach oíche Dé Céadaoin ar 8.00in ag toiseacht Dé Céadaoin 6 Deireadh Fómhair, beidh ciorcal comhrá ann.

Tá fáilte roimh dhaoine atá líofa

Conor Clarke agus Conan Grugan, ag ceiliúradh tar éis d'fhoireann mhionúir Thír Eoghain an bua a fháil ar Chorcaigh i gCraobh Cheannais Mhionúir Pheile BSL/CLG na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh. GRIANGHRAF: PAUL MOHAN / SPORTSFILE

Feachtas mór turasóireachta in Albain

Eoin Mac Garvey

BHÍ feachtas mór turasóireachta ar siúl i nGlaschú an tseachtain seo le hiarracht a dhéanamh bunadh na hAlban a mhealladh go Tír Chonaill ar laethanta saoire agus le heolas a chur ar fáil fá na háiseanna turasóireachta atá sa chontae.

I mí na Bealtaine i mbliana rinneadh a macasamhail chéanna d'ócáid a reáchtáil i mBaile Átha Cliath áit a raibh lucht lóistín, tithe tábhairne agus gnó turasóireachta sa phríomhchathair leis an chontae a dhíol mar áis turasóireachta. Dúradh go ndearna suas le 75,000 daoine freastal ar an ócáid i gceantar Bharra an Teampaill sa phríomhchathair agus bhí lucht gnó an chontae sásta go maith leis an gcaoi ar éirigh leo.

Mheas Pól Mc Loone ó Fáilte Éireann ag an am go dtiocfadh le suas le €50 milliún teacht as an lá i mBaile Átha Cliath ó thaobh gnó turasóireachta don chontae.

Is iad Fáilte Éireann, Cumann Turasóireachta Dhún na nGall agus Cumann Thír Chonaill i mBaile Átha Cliath atá ag tacú leis na hócáidí seo i ndiaidh smaoinimh a chur iar-phearsan Thír Chonaill John Carr chun tosaigh.

Tá lucht gnó turasóireachta sa chontae dóchasach go mbeidh ócáid mhaith acu i nGlaschú agus go dtiocfaidh go leor gnó as.

Cosúil le go leor áiteanna sa tír chonaic an chontae laghdú ó thaobh turasóirí agus tá lucht lóistín agus gnó turasóireachta sásta iarracht ar bith a dhéanamh le tuilleadh turasóirí a mhealladh chun na háite ag am ar bith den bhliain.

Tá na pleananna faoi lán tseoil cheana féin le hócáid eile a reáchtáil i mBaile Átha Cliath ar an bhliain seo chugainn.

nó ar bheagán Gaeilge. Comhrá, tae agus caifé ar €3.00. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Glór Bhréifne ar (087) 640 1682 / (049) 437 1530.

Tóir ar Thír Chonaill mar shuíomh do ghearrscannáin

DE bharr srianta agus an gearradh siar atá á dhéanamh ar scannáin le buiséid mhóra, go mór mór sna Stáit Aontaithe, tá go leor spéise á léiriú i dTír Chonaill mar shuíomh do thaifeadadh gearrscannán agus cláracha faisnéise agus ardú tagtha ar líon na bhfiosrúchán faoi shuíomhanna sa gContae.

Dheimhnigh Aideen Ní Dhochartaigh, Bainisteoir Ceantair d'Aonad Pobail, Cultúir & Fiontar Chomhairle Chontae Dhún na nGall an tseachtain seo, gur tháinig ardú ar líon na bhfiosruithe dá leithéid d'fhiontair le tamall anuas, de barr an chúlaithe eacnamaíochta agus eile.

"Bhí fiosrúcháin againn ó BBC agus 'Discovery' faoi ghearrscannáin agus cláracha faisnéise a dhéanamh anseo i nDún na nGall", a dúirt sí.

"Tá muid ag iarraidh Dún na nGall a chur chun cinn mar shuíomh scannáin faisnéise agus táimid ar bís le taispeáint go bhfuil muid ábalta na háiseanna cuí a chur ar fáil dá leithéid d'fhiontair".

Rinneadh taifeadadh ar roinnt scannán sa chontae roimhe seo, ina measc: '*A Shine of Rainbows*', '*The Hanging Gale*', '*The Wake Wood*', agus '*Dancing At Lughnasa*'.

Oíche Chultúir ar siúl i dTír Chonaill

TÁ an Oíche Chultúir Náisiúnta ar ais i dTír Chonaill i mbliana, le himeachtaí ar siúl ar fud an Chontae.

Thosaigh an Oíche Chultúir Náisiúnta i Leitir Ceanainn den chéad uair anuraidh.

Tar éis don imeacht 3,000 duine a mhealladh le clár imeachtaí 2009, beartaíodh breis imeachtaí a chur ar siúl ar fud an Chontae i mbliana, ag leathnú amach go ceantair ar nós: Na Rosa, Gaoth Dobhair, Cloich Cheannfhaola, Cill Chartha, Na Cruacha agus Oileán Thoraí.

Tá na himeachtaí cultúrtha seo ar fad (ar siúl anocht - 24 Meán Fómhair), saor in aisce agus fabhrach do theaghlaigh.

I measc na n-imeachtaí tá: taispeántas grianghrafadóireachta ar Oileán Thoraí, taispeántas ealaíne agus ceardaíochta le 'Cuisle' chomh maith le hoíche scéalaíochta agus áirneáin le seanchaithe Dhún na nGall ar siúl i nGaoth Dobhair; oíche ceoil, filíochta agus scéalaíochta i gCill Chartha agus taispeántas grianghrafadóireachta le Declan Ó Dochartaigh dar teideal 'An N56 ón Aer' ar siúl san nGailearaí ar an Fhál Carrach. Is féidir breis eolais a fháil faoi na himeachtaí ar fad ar an suíomh idirlín: www.culturenight.ie

De réir an suirbhé a d'fhoilsigh an RSPB ar na mallaibh go bhfuil gairdíní an Tuaiscirt ar cheann de na háiteanna is fearr chun an t-iora rua a fheiceáil. I mí an Mheithimh d'iarr an RSPB ar dhaoine na hainimhithe a chomhaireamh i ngairdíní, i bpáirceanna áitiúla agus i scoileanna. Chomh maith leis sin feictear go leor glasán, cág agus meatán dubh i ngairdíní an Tuaiscirt.

Tír Eoghain Abú!

GRIANGHRAF: PAUL MOHAN / SPORTSFILE

Foireann bhuacach mhionúir Thír Eoghain ag ceiliúradh tar éis dóibh an bua a fháil ar Chorcaigh i gCraobh Cheannais Mhionúir Pheile BSL/CLG na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh.

3 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa in Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **pic@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**

Angela De Mórdha, Marcas Mac Domhnaill, Risteard Mac Fhlancaigh, Caitríona Ní Ghráinne agus Muiris Ó Céilleachair, i láthair ag seoladh Oireachtas na Samhna i gCill Airne an tseachtain seo.

Sean Looney, Máire Ní Chinnéide agus Maidhc Dainín Ó Sé i láthair ag seoladh Oireachtas na Samhna in Óstán INEC i gCill Airne i gCiarraí an tseachtain seo.

An tAire Mary Hanafin in éineacht leis an bhfile Micheál Ó Siadhail in Ionad Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath an tseachtain seo, áit a seoladh a leabhar nua filíochta, 'Tongues'.

Nóra Ní Ógáin, Philomena Ní Fhlatharta & Edel de Paor ag Speáráil sa spórtlann i gCeantar na nOileán i rith na seachtaine.

D'imir ceathrar cailín as an gCeathrú Rua ar fhoireann cailín na Gaillimhe faoi 11 i gcomórtas idirchondae i gCo. an Chláir Dé Domhnaigh. Sa phictiúr ó chlé tá Aoibhe Ní Chualáin as an gCaorán Beag, Katie Nic Dhonnacha as Doire Fhatharta, Aoife Ní Chualáin as na Lathaí Dubha agus Niamh Ní Loideáin ón mBóthar Buí. Bhí an bua ag cailíní na Gaillimhe ar Chontae An Chláir le 0 -6 in aghaidh 1 -2. Imríonn an ceathrar cailín seo d'fhoireann faoi 12 na Ceathrún Rua faoi stiúir Íde Nic Dhonnacha.

Ag seoladh an leabhair "Seanchas Jimmí Chearra Chois Fharraige" Dé hAoine seo caite sa Phoitín Stil bhí, ó chlé, Máirtín Phatch Ó Cualáin, údar an leabhair agus an tAthair Colm Ó Ceannabháin.

4 TUAIRIMÍ

Tá an DUP chomh mí-aibí inniu agus a bhí siad 40 bliain ó shin

Eoghan Ó Néill

Is comhartha na haibíochta é nuair a thig le polaiteoir an mórphictiúr a fheiceáil seachas a bheith sáinnithe istigh ina gheiteo beag féin. Ach de réir slat tomhais ar bith tá an DUP chomh mí-aibí inniu agus a bhí siad 40 bliain ó shin am a mbunaithe.

Roinnt míonna ó shin thug siad droim láimhe don phlean chun staid spóirt nua a thógáil ar shuíomh na Ceise Fada.

Ba é an chiall a bhí leis an chinneadh sin ná gur cailleadh na milliúin punt a bhí caite ar an fhiontar cheana féin, ar staidéir féidearthachtaí, ar earcadh daoine, ar dhearadh staide is áiseanna srl. Agus lena chois sin cailleadh suas le 10,000 post a bhí le cruthú mar chuid den fhorbairt. Lá maith déanta acu!

Ach ní raibh sé ach ina thús. Ansin dhiúltaigh páirtí Peter Robinson do phacáiste a bhí aontaithe chun an córas rialtais áitiúil ó thuaidh a athea-grú ó bhun go barr. Faoin leagan amach nua laghdófaí líon na gcomhairlí ó 17 go 11 agus bheadh laghdú £400m ar an chaiteachas ar chomhairlí áitiúla. Ana-phlean dar leat.

Ach ag an bhomaite deiridh tharraing an DUP siar agus sheol an ceann sin go tóin poill fosta.

Agus an tseachtain seo, nuair a fógraíodh go bhfuil Bord Soláthair an Leictreachais chun 'Northern Ireland Electricity' a cheannach – rud a chiallaíonn infheistíocht na milliún euro ó cháiníocóirí na 26 contae chun jabanna fhostaithe NIE a choinneáil slán sábháilte – bhí an DUP is an UUP ag sárú ar a chéile chun a insint ar bhealach drochmhúinte do Brian Cowen cén áit a dtiocfadh leis a chuid airgid a chur.

Ba chuma le Peter is Sammy is Nigel an infheistíocht agus go raibh na mílte oibrí le bheith sábháilte ina bpost.

Seachas glacadh le hairgead an Taoisigh thiontaigh Sammy Wilson droim leis agus ghlac go fonnmhar le ciorruithe George Osborne.

B'fhearr le Sammy £2 bhilliún de chiorruithe a chur i bhfeidhm orainn seachas a bheith ag glacadh le hairgead smálaithe an Taoisigh.

Níor lorg Sammy cead an phobail agus é ag déanamh na socruithe seo ar a son.

An pobal sin a bheidh anois, de thairbhe chiorruithe Sammy, ag triall ar an mhalartán dífhostaíochta, ag gearán faoin mheath ar an chóras sláinte, agus ag iarraidh a oibriú amach cén chaoi a mbeidh siad in ann an morgáiste a íoc agus iad ar bheagán airgid.

Beidh seans ag an phobal a dtuairim a nochtadh ar ball beag.

Agus tá seans go n-íocfaidh Sammy agus a chairde as na ciorruithe seo.

Cimí na staire iad an DUP.

In ainneoin daoine áirithe tallannacha a bheith ina measc tá siad sáinnithe san áit nach dtig leo bogadh go deo.

Seicteachas a thug orthu droim láimhe a thabhairt do na fiontair thuasluaite.

Chuir siad an fiontar ag an Cheis Fhada go tóin poill cionn is go mbeadh an CLG ag imirt sa staid nua agus go mbeadh cuimhneachán do stailceoirí na Ceise Fada in iarsmalann in aice báire.

Dhiúltaigh siad d'atheagar na gcomhairlí cionn is go raibh eagla orthu go gcaillfeadh siad smacht ar roinnt comhairlí dá ndéanfaí an t-atheagar sin.

Agus tá siad ag diúltú d'airgead BSL ..... cionn is gurb iad an DUP iad.

Sin an rud a dhéanann siad.

Diúltaíonn siad do rudaí.

Páirtí a rinneadh faoi shamhail a gceannaire.

Dr No a bhrostaigh go hAlbain an tseachtain seo caite chun cur i gcoinne an Phápa cionn is go raibh sé buartha faoi na híospartaigh sin a d'fhulaing drochíde ghnéasúil ó shagairt.

Aisteach go leor ní cuimhin liom é féin ná an DUP ag cur picéid ar an Ord Oráisteach cionn is go raibh baint ag Oráisteach le scannal ag institiúid Kincora i mBéal Feirste feadh na 1970í-1980í. Tá an DUP bródúil as a bheith ar an dream is frith-Éireannaí in Éirinn. Agus b'amaideach smaoineamh gur sin an dearcadh atá ag gach aontachtaí.

Ar na mallaibh lasc an colúnaí aontachtach Roy Garland a chomh-Aontachtaithe as a bheith ag déanamh neamhiontais den fhírinne go bhfuil siad frith-Éireannach.

Chuir sé i gcuimhne dóibh gurb é an Grand Orange Lodge 'of Ireland' é. Go raibh Protastúnaigh chun tosaigh in athbheochan na Gaeilge. An dúil mhór a bhí ag Carson san iomáint agus mar sin de.

Ach gan amhras chas an DUP an chluas bhodhar leis.

Bíodh acu.

Bíonn an DUP ag labhairt faoi 'Pravance', 'Provincial' sa chiall is measa den fhocal.

Ní thig leo breathnú ach ar a stáitín beag féin. Ní thig leo amharc níos faide ná é – an dá chontae go leith de atá fágtha acu! – nó dar leo go bhfuil gach rud taobh amuigh de olc.

Nach iad seo na daoine a dhiúltaigh glacadh le táille ar mhálaí plaisteacha ar eagla go smaoineofaí gur ghlac siad le polasaí uile-Éireann.

Tá súil agam go leanfaidh Sammy Wilson lena chuid iarrachtaí ciorruithe George Osborne a chur i gcrích. Ar a laghad spreagfaidh sé plé sa phobal Protastúnach faoi na polaiteoirí ardtuarastail seo le hardphrionsabail atá ag iarraidh ar an chosmhuintir íoc as a n-ardphrionsabail.

Agus ba dheas dá dtiocfadh rud éigin maith as na ciorruithe sin atá romhainn.



Ní bheidh piolóin tarchuir chumhachta de chuid Bhord Soláthair an Leictreachais ag dul ó thuaidh má bhíonn an lá ag an UUP agus an DUP.

Agus an tseachtain seo, nuair a fógraíodh go bhfuil Bord Soláthair an Leictreachais chun 'Northern Ireland Electricity' a cheannach – rud a chiallaíonn infheistíocht na milliún euro ó cháiníocóirí na 26 contae chun jabanna fhostaithe NIE a choinneáil slán sábháilte – bhí an DUP is an UUP ag sárú ar a chéile chun a insint ar bhealach drochmhúinte do Brian Cowen cén áit a dtiocfadh leis a chuid airgid a chur.

Sammy Wilson DUP, an tAire Airgeadais ó thuaidh.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair, 2010

Ná BÁC le Manchain!

Conall Ó Móráin

Uaireanta cuireann sé isteach go mór orm nuair a fhéachann an rialtas againn thar sáile, i dtreo na Breataine Móire de ghnáth, agus glacann siad leis an bheart is deireanaí atá ar siúl acu mar a dhéanfadh seoinín.

Cuirtear Éire, nó na sé chontae is fiche di chun bheith níos cruinne, i gcomparáid le Manchain Shasana go minic de bharr é bheith cóngarach, go bhfuil aithne againn air agus deirtear go bhfuil sé ar an daonra céanna linn féin. Tá sé fíor go bhfuil Manchain gar dúinn, go mbeadh cur amach de shórt éigin ag tromlach na tíre ar Manchester United, ach tá thart ar leath an daonra acu, laistigh de limistéar mhórcheantar Mhanchain, agus atá againne.

Ní féidir bheith iomlán cruinn faoi ach de réir mar atá léite agamsa tá fiche hocht comhalta parlaiminte acu chun freastal ar an daonra úd. Is limistéar faoi riail é ag Comhairle Mhanchain agus tá 96 comhairleoir acu. I mBaile Átha Cliath tá, a bheag nó a mhór, faoi bhun leath dhaonra Mhanchain, mar nach bhfuil sa chathair ach thart ar mhilliún duine. Ach de bharr gurb í seo Éire tá 102 comhairleoir contae agus cathrach againn ag tabhairt aire dúinne. Díoltar gach aon duine acu siúd. Níl méara tofa acu áfach.

Drochscéal don aicme pholaitíochta anseo. Ach tá an Páirtí Glas ar tí é sin d'athrú agus poist eile, nach bhfuil gá in aon chor leo, a chruthú.

Seo an pointe, seoiníneacht. De bharr go bhfuil méara tofa ag Londain, atá breis agus seacht n-uaire níos mó ó thaobh daonra de ná Baile Átha Cliath, tá brú mór anseo chun méara tofa a chur i gceannas ar ár bPríomh-Chathair. Smaoinigh go bhfuil ceithre chomhairle riaracháin againn cheana féin chun riaradh a dhéanamh ar an mhilliún duine – Deisceart an Chontae, Dún Laoghaire, Fine Gall agus Cathair Átha Cliath.

Agus i gceannas orthu siúd tá ceathrar bainisteoir contae, nó pé rud a thugtar orthu nuair nach bhfuil siad i gceannas ar chontae iomlán, againn. Tá ioncam thart ar €200,000 an duine ag an gceathrar. Agus ar nós nach mbeadh an ceathrar sin in ann an riarachán a dhéanamh, tá méara ag gach ceann de na ceithre limistéar, a phioctar as líon na gcomhairleoirí tofa. Tá airgead le caitheamh orthu siúd freisin ar ndóigh.

Ní hiad na bainc amháin atá dár mbancbhriseadh. Tá an cur amú airgid sa chóras riaracháin náireach. Níl aon fhocal eile air.



Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath. An féidir comparáid a dhéanamh idir ár bpríomhchathair agus Manchain Shasana mar shampla?

(PIC : SASKO LAZAROV/PHOTOCALL IRELAND)

Seo an pointe, seoiníneacht. De bharr go bhfuil méara tofa ag Londain, atá breis agus seacht n-uaire níos mó ó thaobh daonra de ná Baile Átha Cliath, tá brú mór anseo chun méara tofa a chur i gceannas ar ár bPríomh-Chathair. Smaoinigh go bhfuil ceithre chomhairle riaracháin againn cheana féin chun riaradh a dhéanamh ar an mhilliún duine – Deisceart an Chontae, Dún Laoghaire, Fine Gall agus Cathair Átha Cliath.

Faoin reachtaíocht atá molta ag an Aire John Gormley, "Beidh réimse cumhachtaí substaintiúla ag an méara agus beidh air nó uirthi abhcóideacht a dhéanamh ar son na hArdchathrach."

Ach cad atá ar siúl cheana féin ag an gcéad agus a dó comhairleoir nó na Teachtaí Dála a fhreastalaíonn ar mhuintir na cathrach nó fiú Ivor Callely nach bhfuil BÁC fada óna chroí fiú nuair a bhíonn sé in Iarthar Chorcaí?

De réir na reachtaíochta beidh cúramaí ag an méara maidir le pleanáil (tá rannóga a bhfuil anchuid daoine sárcáilithe iontu againn cheana féin laistigh des na comhairlí contae agus sa Roinn Comhshaoil), tithíocht (féach thuas), bainistiú dramhaíola (mar a dúirt) agus seirbhísí uisce (ó mo Dhia!). Beidh ról 'mór' ag an sár-Mhéara seo 'i dtaca le hiompar agus bainistiú tráchta ar fud an réigiúin' a deir Gormley (cé go bhfuil an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ar fad sáite san obair cheannann chéanna seo cheana féin). Cé mhéad duine nó Údarás go dtógann sé chun bóithre Bhaile Átha Cliath a smachtú nó a rialú?

Arís, de réir na reachtaíochta beidh ar an méara seo súil a choimeád ar bhuiséid na gceithre chomhairle. Ciallaíonn sé sin go bhfuil ciseal eile le cur isteach sa chóras mar beidh an sár-Mhéara amuigh ag socrú na mbóithre, mar sin beidh ar bhuíon dá chomhghleacaithe fanacht san oifig (costas eile) chun na suimeanna a dhéanamh i rith an lae.

Beidh an méara seo 'mar chathaoirleach ar Bhord Forbartha Réigiúnach chun cúrsaí fiontair sa réigiún (BÁC, ina bhfuil tromlach phoist na tíre cheana féin) a chur chun cinn. Sin in ainneoin go bhfuil an rud seo díreach ar siúl ag an IDA, Enterprise Ireland, na CEBs, Dublin Chamber srl...

Beidh ar oifig an mhéara comhairleoirí a bheith acu freisin, ní fiú dada méara gan dlíodóirí, cuntasóirí, comhairleoirí comhionannais, comhairleoirí sláinte agus gan dabht buíon dheas mhór de chomhairleoirí cumarsáide (sin deireadh le haon seans agamsa an 'gig' d'fháil). Ní féidir bheith i do mhéara ach an oiread mura dtaistealaíonn sé nó sí le breathnú cad atá ar siúl ag méaraí eile an domhain. Cuir ticéid in áirithe ar an bpointe le heitilt (ardaicme ar ndóigh) go dtí San Francisco, Rio agus Nua-Eabhrac. Mar a deir an seanfhocal nua 'Nuair a dhúnann Dia doras FÁS osclaíonn sé doras an 'tsár-Mhéara'.

Tá na fir bhuile fós inár measc.

Impleachtaí ag an rialú i gcás na Romach dúinne

Páidí Ó Lionáird

Cailín óg Romach ag roinnt milseán a fuair sí ó choisí fad atá siad ina suí ar Shráid na Life, Baile Átha Cliath. Le tamall anuas, díbríodh na mílte Romach as an Fhrainc. (Pic. Mark Stedman/Photocall Ireland.)

"NACH ait an áit é sin le bheith ag campáil?" a d'iarr mo mhac Naoise orainn cúig bliana déag ó shin. Bhíomar díreach i ndiaidh filleadh ó laethanta saoire in iar-dheisceart na Fraince. Coicís cois Atlantaigh, grian, trá, snámh, beatha bbq agus comhluadar na gcéadta eile a bhí ar aon intinn saoire linn féin.

I dteach so-ghluaiste agus b'shin a chéad taithí siúd ar shaoire cheart shamhraidh cuma an puball, carrabhán, teach so-ghluaiste, árasán nó aon ní eile a bhí i gceist. Agus bhí na sluaite ann, iad tagtha ó Chríoch Lochlann, ón nGearmáin, ón Ísiltír, ón mBeilg, ón bPolainn agus ar ndóigh bhí muintir na Fraince féin ann go tiubh.

Bhí saoire an-bhreá againn ach i ndiaidh dúinn teacht i dtír i Ros Láir Loch Garman, níorbh fhada go bhfacamar clann de mhór-sheisear nó níos mó den lucht siúil, le carrabháin páirceáilte ar thaobh timpealláin. B'shin a spreag an cheist thuas. Mhíníomar dó gur chlann de chuid an lucht siúil iad a bhí ina gcónaí ar thaobh an bhóthair.

Níor chuireamar aon téarmaíocht ró-dheacair ar nós grúpa eitneach, mionlaigh nó aon ní eile mar sin lenár bhfreagra ach ba léir nach raibh sé iomlán sásta leis an míniú go fóill. D'fhiafraigh sé ceist eile dínn ach tuilleadh faoi sin níos déanaí.

Tháinig an scéilín sin chun cuimhne chugam i gcomhthéacs an méid atá ag tarlú sa bhFrainc. Bhíos sa Bhruiséil le déanaí, an lá i ndiaidh don gCoimisinéir Valerie Reding dian-ionsaí a dhéanamh ar rialtas na Fraince de bharr a bhfeachtais díbeartha. Bhí na meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta dearg agus dubh le teann tuairimíochta faoin mbagairt dlí agus smachtbhannaí a bhí iniata i bpreas-óráid an Choimisinéara chuig na meáin.

Shamhlófá ag an bpointe sin, agus cheapas féin, go mbeadh deireadh leis mar chonspóid agus go gcloífeadh rialtas na Fraince le rialacha agus moltaí an AE.

Deireadh déanta mar sin. Ní hea ná é. A mhalairt scéil ar fad a bheadh i ndán dúinn. B'as san amach a neartódh an scéal agus a chuirfí dlús leis an gcomhfhreagras feargach idir an AE agus an Assemblée Nationale sa Palais Elyssés. Ansan d'éirigh cúrsaí níos teasaí fós nuair a chuir a nUachtarán, Nicolas Sarkozy, a ladhar sa scéal. Dúirt sé go ndúirt Angela Merkel, Príomh-Aire na Gearmáine, leis go raibh sé i gceist aici an ruaig a chur ar líon Romach na Gearmáine freisin.

Níorbh fhada go raibh oifigigh phreasa an Reichstag ar a ndícheall ag iarraidh gach a ndúirt Sarkozy a shéanadh agus talamh slán a dhéanamh de gur dearmad agus "míthuiscint" a bhí sa scéal ar fad. Bhí bunús an-mhaith lena shéanadh - níl aon champaí Romacha sa Ghearmáin in aon chor.

Ba bheag nach raibh cogadh eatarthu. É sin go dtí gur réitigh an bheirt acu a "míthuiscint" mar a thug an Palais Elyssés ar an scéal nuair a bhuail siad lena chéile ag cruinniú na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac.

Sa lá ata inniu ann ní thiteann tíortha an AE amach lena chéile. Tá a gcuimhní maith a ndóthain go gcuimhníonn siad ar an slad agus ar an sléacht a deineadh le linn na gcogaí sa chéad seo caite. Ag an am céanna, níl réiteach fachta fós acu ar an bhfeachtas díbeartha seo. Tá saorchead taistil dlite d'aon saoránach as ballstáit an Aontais Eorpaigh, na Roma ina measc. Tá thart fá 8,000 díobh sa Fhrainc. Fíorbheagán i gcomhthéacs mhéid an daonra sa tír sin (65 milliún) agus a laghad is go bhféadfaí iad a chailliúint i measc an phobail ann.

Ta teipthe go hiomlán ar an Fhrainc imeascadh d'aon sórt a chur chun cinn. Chonaiceamar cúig bliana ó shin cad a tharla i Clichy-sous-Bois i bPáras nuair a bhí scliúchas agus léirsiú i measc saoránaigh Mhoslamacha de bhunús Afraiceach. Ní hí an Fhrainc amháin atá ciontach sa teip seo ó thaobh imeascadh de. Táimid ar fad ciontach.

Agus is anseo atá na fadhbanna móra. Ta teipthe go hiomlán ar an Fhrainc imeascadh d'aon sórt a chur chun cinn. Chonaiceamar cúig bliana ó shin cad a tharla i Clichy-sous-Bois i bPáras nuair a bhí scliúchas agus léirsiú i measc saoránaigh Mhoslamacha de bhunús Afraiceach. Ní hí an Fhrainc amháin atá ciontach sa teip seo ó thaobh imeascadh de.

Táimid ar fad ciontach. Tá an AE ciontach. Táimidne ciontach. Ní gá ach smaoineamh air i dtéarmaí ár lucht siúil féin. Agus is saoránaigh Éireannacha cosúil linne iadsan!

Mar sin, ní mór féachaint ar an gcás is déanaí seo, cás shaor-chead gluaiseachta lucht siúil na Rómáine agus na Bulgáire, mar eiseamláir don gcuid eile den Eoraip.

Tá an Fhrainc cáinte go dian ag go leor tráchtairí ar fud na hEorpa dá bhfeachtas díbeartha, agus an ceart acu. Ba chóir dúinn bheith ag faire go cúramach.

Agus an cheist eile a chur mo mhac cúig bliana déag ó shin? Nuair a dúramar leis gurbh é rogha an lucht siúil é gan cur fúthu i dtithe ach fanacht i gcarrabháin ar thaobh bóthair, d'fhiafraigh sé le héad an bhfeadfaimis ballraíocht a lorg sa ghrúpa seo!

Beidh impleachtaí dúinne ins an tslí go réiteofar an scéal seo. Impleachtaí ins an tslí go láimhseálfaimid ár lucht siúil féin anseo. Ar deireadh thiar thall, nach den chine céanna muid?

Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

Fothoghcháin anois!

TÁ trí dháilcheantar sa stát fágtha gan ionadaíocht dhaonlathach cheart, Dún na nGall Thiar Theas, Baile Átha Cliath Theas agus Port Láirge, de bhrí go bhfuil suíochán ina luí folamh iontu go léir. Tá sé go hiomlán frith-dhaonlathach gan na suíocháin seo a líonadh agus níl aon leithscéal inchreidte ag an rialtas gan ligean don phróiseas daonlathach sna ceantair seo.

Ba cheart go reáchtálfar fothoghcháin láithreach chun an t-easnamh seo inár gcóras daonlathach a réiteach gan mhoill.

Níl leithscéal dá laghad ann.

Dualgais an fhreasúra

TÁ sé de dhualgas ar an fhreasúra scrúdú a dhéanamh ar pholasaithe agus ar ghnímh an rialtais agus rogha eile a chur ar fáil.

I saol na linne dorcha seo ó thaobh an gheilleagair de, ní leor focail agus cáineadh áfach, tá clár oibre rialtais de dhíth ó pháirtithe an fhreasúra. Caithfear deis a thabhairt do dhaoine scrúdú a dhéanamh ar an chlár rialtais céanna sula dtoghfaí aon rialtas nua.

Mar sin de, caithfidh Páirtí an Lucht Oibre a bheith níos soiléire maidir le polasaithe s'acu sa chás is go gcaithfeadh siad dul i mbun comhrialtais le Fine Gael, rud atá beagnach cinnte muna n-éiríonn le Fianna Fáil teacht chucu féin.

I gcomhthéacs deacrachtaí eacnamaíochta, tá dualgas ar leith ar an fhreasúra. Agus na páirtithe ag déanamh imscrúdú ar pholasaithe an rialtais, caithfidh siad sin a dhéanamh gan cur isteach ar mhuinín na ndaoine sa gheilleagar, gan a bheith ag déanamh amach go bhfuil rudaí níos measa ná mar atá siad fiú.

Tá muinín an tomhaltóra tábhachtach chun cuidiú le biseach sa gheilleagar, tá sé de dhualgas ar an fhreasúra cuidiú leis an mhisneach sin a chothú.

Is dona go leor staid reatha gheilleagar na hÉireann agus caithfear na fadhbanna sin a réiteach, ní haon chabhair é a bheith apacailipteach faoi áfach.

Tá sé de dhualgas orthu leas na tíre a chur roimh leas a bpáirtithe, tá an dualgas céanna ar an rialtas ar ndóigh.

Tom Elliot

TOGHADH an "traidisiúnaí" Tom Elliot oíche Dé Céadaoin mar cheannaire úr Pháirtí Aontachtach Uladh, bhí bua cuimsitheach aige ar an "liobrálaí" Basil McCrea.

Go bunúsach, tá trí pháirtí Aontachtacha thraidisiúnta anois ann agus tá sé deacair a thuigbheáil cén dóigh arbh fhéidir leis an Uasal Elliot rath a chur ar an UUP an athuair gan difear suntasach a bheith eatarthu agus na páirtithe Aontachacha eile. Mar sin féin, tá deis aige anois, agus é daingnithe i gcumhacht, athruithe a dhéanamh chun dul i ngleic leis an mheath atá ar an Pháirtí Aontachtach le fada agus chun vótaí a mhealladh ó Aontachtóirí Liobrálacha agus ó Chaitlicigh atá ar son an Aontais.

Thiocfadh leis, mar shampla, deireadh a chur leis an 'chogadh cultúrtha' i gcoinne gach léiriú de chultúr Gaelach nó Éireannach sa Tuaisceart, mar shampla cluichí, ceol agus teanga.

Níl ciall ná réasún leis agus ní dhéanann sé ach dochar do chúis na n-Aontachtach san fhadtéarma, is é sin an tAontas idir an Bhreatain agus Tuaisceart Éireann.

Nuacht na nÓg agus nós*

AN tseachtain seo, tá lúcháir orainn mar fhoireann gur tháinig méadú is forbairt ar *Gaelscéal*. Tá an páipéar tar éis fás go 40 leathanach chun freastal níos fearr a dhéanamh ar nuacht réigiúnach agus ar na Gaeltachtaí ach go háirithe agus chun spás a chruthú do *Nuacht na nÓg*.

Tá súil againn gur féidir linn glúin úr de léitheoirí *Gaelscéal* agus na Gaeilge a spreagadh le *Nuacht na nÓg*. Ní amháin sin ach tá súil againn glúin úr de scríbhneoirí a mhealladh i mbun pinn iad féin.

Tá gliondar orainn fosta go bhfuil 8 leathanach den tsár-iris *nós** ar fáil saor in aisce mar fhorlíonadh neamhspleách chomh maith. Tá dóchas againn gur féidir leis an chomh-oibriú seo idir *Gaelscéal* agus *nós** dul i bhfeidhm ar aos óg na Gaeilge agus go mbeidh sé ar leas ár bpobail agus ar leas ár bhfoilseacháin mar aon.

LITREACHA chuig an Eagarthóir

Mícheál Ó Muircheartaigh mar Uachtarán!

A Eagarthóir, a chara,
Molann do cholúnaí Páidí ó Lionaird an tUasal Máirtín Mac Giolla Íosa le seasamh d'Uachtarántacht. Is é Mícheál Ó Muircheartaigh mo roghasa. Is léir go bhfuil tacaíocht aige sa bhaile agus thar lear. Molaim do léitheoirí Mícheál a ainmniú mar Uachtarán na hÉireann i 2011.
Is mise,
Le meas,
Tomás Ó hhAoláin
Ceathrú Bán,
Cathair na Mart,
Co. Mhaigh Eo.

Litir fíorbheag!

A Chara,
Brian Cowen: Taoiseach, iarthaoiseach nó printíseach ?
Is Mise,
Sean Mac Gearailt.

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**. Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

CEIST na Seachtaine

Ba cheart scéim labhairt na Gaeilge a leathnú amach ar fud na tíre: Lucht Léite Gaelscéal

Róisín Ní Ealaí

Dar le hanailís Dhonncha Uí Éallaithe ar fhigiúirí Scéim Labhairt na Gaeilge ar Gaelscéal Dé hAoine 17 Meán Fómhair, tá Gaeilge ag 30% de pháistí na Gaeltachta. Dar leis is cúis imní é go bhfuil creimeadh sa teanga ag leanúint ar aghaidh i gceantair ar nós Chois Fharraige agus na Ceathrún Rua i nGaeltacht na Gaillimhe, Ghaoth Dobhair i nDún na nGall agus Iarthar Dhuibhneach i gCiarraí. Ar cheart deis a thabhairt do theaghlaigh Ghalltachta a bhfuil an Ghaeilge acu mar phríomhtheanga sa bhaile cur isteach ar an scéim?

D'fhiafraigh Gaelscéal dá léitheoirí an tseachtain seo, "Ar cheart scéim labhairt na Gaeilge a leathnú amach ar fud na tíre?" Cheap tromlach na ndaoine a chaith vóta 77%, go mba cheart an scéim a leathnú amach ar fud na tíre. A mhalairt a cheap 18% de dhaoine a chaith vóta ar www.gaelsceal.ie. Bhí mionlach na ndaoine a chaith vóta idir dhá chomhairle agus ní raibh a fhios ag 5% acu. Bhí neart le rá ag cairde Facebook Gaelscéal agus bhí soiléireacht ag teastáil uathu i leith cén chuid den tír a bhí i gceist againn. Dála an scéil, an t-oileán ar fad a bhí i gceist leis "an tír" sa suirbhé seo.



Ceist na Seachtaine seo :
An raibh an ceart ag Nicolas Sarkozy na mílte Roma a dhíbirt as an Fhrainc?

Ag dul siar ar bhóithrín na smaointe ...

Bernie Ní Flatharta

Tá na duilleoga ar an talamh cheana féin, tá an tráthnóna ag fáil níos dorcha gach uile lá agus tá na buataisí tagtha amach agus na flip flops curtha i leataobh go dtí an samhradh seo chugainn.

An bhfuil mé ag tiontú isteach i m'fhile nó an é go bhfuil mé ag cur fáilte mhór roimh an gheimhreadh?

Ní hé go deimhin agus scread mhaidine gur imithe an bhliain thart chomh sciobtha. Cá ndeachaigh an samhradh nó an raibh samhradh ar bith againn - ó bhí cúpla lá ansin ag tús an tsamhraidh nach raibh.

Deirtear go dtéann na blianta thart níos sciobtha de réir mar a théann tú in aois agus is fíor sin cinnte. Cheap mise agus mé i mo ghasúr go raibh bliain sa samhradh nuair a bhí laethanta saoire againn.

Agus bhí an aimsir níos fearr. Bhíodh laethanta fada ar an bportach. Roinnt oibre ag brath ar an aois ina raibh muid ag an am ach gruaigeadh móna an rud ab fhearr liom féin, cé go raibh an chraic freisin ar an lá inar thug muid an mhóin abhaile.

Ach cén mhaith a bheith ag breathnú siar cé nach bhfuil aon dochar ann ach oiread. Is dóigh an fáth gur maith le go leor daoine a bheith ag dul siar ar bhóithrín na smaointe, mé féin ina measc, ná gur maith linn an mothú a fuair muid agus muid níos óige.

Ceapann an óige i gcónaí go bhfuil an saol fada, go bhfuil an domhan mór amach rompu agus é ag fanacht leo agus nach dtiocfaidh an lá go deo go mbeidh siad sean nó tinn, nó sean-nósach ina n-aigne.

Is cosúil gur cleas é seo a chuirtear orainn ar fad agus nach dtuigfidh an ghlúin nua an tseanghlúin go deo. Agus dá mbeadh an saol ar ais againn arís an ndéanfadh muid aon athrú air?

Ní dóigh liom go mbeadh aon mhaith aon athrú a dhéanamh mar go mbeadh na botúin chéanna amach romhainn ar bhealach amháin nó ar bhealach eile.

An t-am seo i mbliana i gcónaí tagann an fonn fealsúnachta seo sa mullach orm. Nuair a bhíonn na laethanta fada agus an ghrian ard sa spéir ní bhíonn na ceisteanna seo ag cur isteach orm.

Tá rudaí níos measa ná bheith ag déanamh staidéir orainn féin, ar an saol agus ag dul siar ar bhóithrín na smaointe sna hoícheanta dorcha, fada seo.

Agus bhí an aimsir níos fearr. Bhíodh laethanta fada ar an bportach. Roinnt oibre ag brath ar an aois ina raibh muid ag an am ach gruaigeadh móna an rud ab fhearr liom féin, cé go raibh an chraic freisin ar an lá inar thug muid an mhóin abhaile.

SÚIL SIAR na Seachtaine

Inniu 8 Meán Fómhair 1978

An Dlí A Bhriseadh Fós ag na hudarais lena gcuid comharthai bothair!

CÉ gur chuir an tAire Rialtais Áitiúil a ainm le hIonstraim Riaracháin Uimh. 164 inar leagadh síos gur i nGaeilge amháin a bheadh na logainmneacha ar chomharthaí bóthair sa Ghaeltacht feasta, níl forálacha na hIonstraime sin curtha i bhfeidhm go fóill ag an Roinn Chomhshaoil, ag an Roinn Dlí agus Cirt, ag na nGarda Síochána, ná ag an Ard-Aighne.

Mar thoradh ar na húdaráis éagsúla bheith ag sárú an dlí seo, le gníomh nó le faillí, is minic, le hocht mbliana anuas, a scrios ógánaigh fheargacha na leaganacha Béarla ar chomharthaí bóthair i gceantair Ghaeltachta le péint nó le tarra.

Bhí tuairiscí i gcló ar Inniu ó am go ham, faoin ngíomhaíocht sin.

Foilsíodh tuairiscí ar nuachtáin le déanaí faoina leithéid bheith ar siúl i nGaeltacht Chiarraí, mar ar scriosadh le péint an Bhéarla ar leathcéad nó ma sin de na comharthaí bóthair.

An t-ábhar iontais

TÁ an Fochoiste Cearta de Chonradh na Gaeilge i ndiaidh ráiteas a eisiúint ina ndeirtear nach cóir go mbeadh iontas ar éinne go bhfuil an smearadh seo ar chomharthaí bóthair ar siúl i gceantair Ghaeltachta:

"Is é an t-ábhar iontas atá ann ná go bhfuil na húdaráis éagsúla ag ligean do Chomhairle Chontae Chiarraí agus d'údaráis áitiúla eile comharthaí bóthair a chur in airde bíodh is go bhfuil na comharthaí sin ag briseadh rialacha na nIonstram Riaracháin a bhaineann le crochadh na gcomharthaí."

Deir an ráiteas freisin go measfadh duine go mbeadh Rialtas buartha faoi údaráis Stáit bheith "ag briseadh an dlí i ndóigh shoiléir dá shórt" agus faoi airgead poiblí bheith á úsáid chun "comharthaí mídhleathacha" a chur in airde ar bhóithre.

Is iad na ceantair ina ndlíonn Alt 2 de Ionstraim Riaracháin Uimh. 164 gur i nGaeilge amháin a bheadh na logainmneacha feasta, aon "limistéar a mbeidh sé cinnte le hordú faoi Alt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1956 (Uimh. 21 de 1956) gur limistéar Gaeltachta é".

Sa chathair freisin

LE cois comharthaí bóthair bheith á smearadh le péint nó tarra nó aol i gceantair Ghaeltachta, bíonn toradh ghníomhaíocht den chinéal céanna le feiceáil i limistéir eile thall agus abhus ar fud na tíre.

Tá sé coitianta go maith i mBaile Átha Cliath, go mór-mhór i gceantair áirithe sa taobh ó thuaidh den phríomhchathair.

5 CÚRSAÍ SAOIL

200,000 feirmeoir san aon

TREASA BHREATHNACH

Don chéad lá de Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta na tíre bhí an aimsir tirim agus grianmhar ach níor stop sé sin muid a bheith i bhfostú sa phuiteach agus muid ag tiomáint trasna na bpáirceanna ar thóir an charrchlóis. Tá os cionn 700 acra de thalamh á úsáid le haghaidh an Chomórtais Náisiúnta, 200 acu siúd don treabhdóireacht agus teastaíonn 400 acu do na clóis pháirceála uile.

Dar le hAnna May McHugh, stiúrthóir bainistíochta an Chomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta, "Tá dhá fheirmeoir san áit a ndéanann muid idirbheartaíocht leo chun na suímh a fháil ar cíos, agus timpeall orthu siúd tá comharsa iontach acu a thugann talamh dúinn do na carrchlóis. Gan grúpa maith daoine ag obair ar son rath an chomórtais ní éireodh linn." Tá Anna May ag obair ar an gcomórtas seo le 50 bliain anuas agus deir sí go bhfuil sé athraithe go mór ón uair a reáchtáladh an chéad lá riamh é, "Tá mise tar éis fás aníos leis an fhéile agus is cuimhin liom an lá nach raibh ann ach 25 seastán againn agus gan ach méid beag iomaitheoirí. I mbliana tá os cionn 1100 seastán againn agus níos mó ná 350 iomaitheoir. Ní raibh againn ar dtús ach trealamh feirmeoireachta ach anois tá sé sin go hiomlán athraithe againn chun imeachtaí ar chur ar bun taobh leis an fheirmeoireacht. Tá rásaíocht seilge againn, cluichí pónaí, taispeántais, foraoiseacht agus bithfhuinneamh. Cruthaítear rud éigin duit; mura bhfuil suim agat san fheirmeoireacht is féidir leat dul chuig an lomadh caora, seó faisin, seó garraíodóireachta agus tá an pháirc shiamsaíochta againn do na páistí." Is é seo an dara bliain don fhéile a bheith suite i mBaile Átha Í i gCill Dara as an 79 uair a reáchtáladh an fhéile agus is fiú os cionn €10 milliún an fhéile d'eacnamaíocht an cheantair.

Bhí an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa agus a fear céile Martin i láthair chun an fhéile a oscailt go hoifigiúil agus cé nach raibh sí ag caitheamh *wellies* ní raibh siad ag teastáil ós rud é nach ag siúl ar an bpuiteach a bhí sí ach ag taisteal timpeall na féile i gcarr. Agus í ag lainseáil an fhéile dúirt sí, "Is é seo ár n-ardchathair shealadach an fhad is atá an fhéile seo ar siúl agus tá muid ag cuir Éire ar ais ar mapa eacnamaíocht na hEorpa leis an fhéile." Bhí focail misnigh aici do lucht na treabhdóireachta chomh maith agus í ag rá gurb iad na fir agus mná treabhdóireachta atá ag déanamh infheistiú inár dtodhchaí. Deir sí, "Dúirt Mahatma Ghandhi "*when we forget how to dig the soil and to toil then we forget ourselves.*"

Bhí sise agus muidne i measc an 66,000 duine a d'fhreastail ar an gcéad lá den chomórtas agus go traidisiúnta ní hé an chéad lá an lá is gnóthaí. Deir Benson Gleeson, feirmeoir ó Chontae Uíbh Fhailí, "Tháinig mé i ndáiríre leis an lá a chaitheamh agus píosa craic a bheith agam." Dar le Tom Houlihan, feirmeoir ó Chontae Ros Comáin a d'fhreastail ar an ócáid, "Is traidisiún é domsa teacht gach bliain i gcomhair lá amháin, agus níl ann ach go mbím ag féachaint timpeall ar an trealamh agus rudaí nua atá ag tarlú." As an 1100 seastán atá ar taispeáint íocann siad na mílte Euro ach síleann siad go bhfuil tairbhe as an méid sin airgid a íoc chun a bheith ann. Mar shampla bhí seastáin bheaga le píosa amháin trealaimh iontu agus seastán an Eaglais Phreispitéirigh ann chomh maith leis na seastáin mhóra ar chruth cruinneacháin ar nós EA Games nó an Chomhairle Náisiúnta Déiríochta. Ar ndóigh bhí neart taispeántas acu chomh maith, taispeántas búistéireachta, taispeántas cócaireachta, agus na hainmhithe uile áit a raibh tú in ann breathnú ar an mbó Angus a bhí ina seasamh in aice leis an seastán ag a raibh tú in ann an bhó a ithe i bhfoirm burgar, nó muca gleoite ag foráiste agus paicéid muiceola ar díol in aice leo. Deir Seosamh Ó Ceallacháin ón gcomhlacht Alta a mbíonn seastán acu gach bliain, "Tá muid ag teacht anseo le hos cionn 15 bliain agus is é seo an t-imeacht is fearr dúinne chun muid féin a nochtadh do chustaiméir nua. Is comhlacht inseamhnú shaorga (*artificial insemination*) muid ó Cheanada agus tagann ár dtáirgí uile ó Mheiriceá Theas, an Astráil, an Ísiltír agus Ceanada. Tá muid anseo don trí lá agus ón taobh sóisialta tá sé iontach, cé go mbíonn na torainn ó na seomraí leapa suimiúil in amanna!" Tá sé cloiste againn ar fad faoin drochstaid ina bhfuil an tionscal feirmeoireachta sa tír seo agus an chúis le cuid den díomá atá ar fheirmeoirí ná go nairíonn siad nach bhfuil tacaíocht á léiriú ag an rialtas dá dtionscal. Deir Frank Conroy, feirmeoir stoic thirim as Ros Comáin, "Is é an dúshlán is mó d'fheirmeoirí inniu ná a gcloigne a choinneáil os cionn uisce mar gur am deacair é d'fheirmeoirí faoi láthair. Is cuma más feirm mhór nó beag atá agat, tá muid ar fad buailte faoi láthair. Tá an rialtas tar éis muid a ligean síos, ó thaobh na bainc agus gach rud."

Cé nach raibh an tAire Talmhaíochta ann don chéad lá den fhéile bhí iar-Aire Talmhaíochta ann atá anois ina chathaoirleach ar Anglo Irish Bank, Alan Dukes. Dar le hAlan faoi thodhchaí thionscal na talmhaíochta, "Is é ceann de na deacrachtaí a bhíonn againn ná go gcuireann muid an iomarca spéise sna scéimeanna náisiúnta a bhíonn againn agus nach mbreathnaíonn muid rómhór ar cad atá ar siúl sa domhan mórthimpeall orainn. Táim ag súil, ar an gcéad dul síos, le deireadh leis na mioncuótaí a thabharfaidh deis d'fheirmeoirí na tíre seo borradh a dhéanamh ar a gcuid táirgíochta agus measaim go mbeidh margaí maithe ann amach anseo. Anuas air sin tá claonadh ginearálta sa domhan anois níos mó feoil a ithe agus mar sin cuirfidh sé sin go mór le margadh na mairteola agus b'fhéidir margadh na caoireola freisin. Is é an tionchar a bheidh aige sin orainn ná go mbeidh sé thar a bheith tábhachtach dúinne rudaí a eagrú anseo i dtreo is go mbeidh ábaltacht againn a bheith iomaíoch. Tá costais ar tháirgíocht go ginearálta sa tír seo ró-ard, measaim go bhfuil tús curtha againn go ginearálta anois chun greim

Figiúiri na féile

€20: Ticéad in aghaidh an lae
Páirceáil: saor in aisce
€2.50: Cupán tae/caife
(nó saor in aisce i gcampai na páirtithe polaitiochta)
€17: Dinnéar Stéig
€10: Burgar & Scallóga:

500: fostaithe sealadach
100: moltóir
1,000: fostaithe beatha

15: ciliméadar cosán leagtha
45,000: méadar cábhla leictreachas

180,000: freastálaithe
13: méid tiortha ón Eorap san iomaiocht

nós*

iris ghaeilge don nua-aois

RÉ NA bhFRESHERS
Comhairle sheanfondúra do lucht na hollscoile

GÀIDHLIG AGUS GALLACH
The Illusionist, sárbheochan dhátheangach

ÁR bPUBALL LEICTREACH FÉIN
Gaeil na Picnice ag brú chun tosaigh i gcónaí

meán fómhair 10 eag. 14



fáilte

éabhlóid na réabhlóide

Tá sé de sprioc ag Gaeil ó cheann ceann na tíre cur le fás ár dteanga agus tógáil ar an mhuinín úr dóchasach atá le mothú i saol na Gaeilge san am i láthair. Go deimhin, bhí sé sin i measc na n-aidhmeanna a bhí againne i nós* nuair a seoladh an iris ar líne ar Lá Fhéile Pádraig 2008 agus nuair a cuireadh an chéad eagrán clóite i gcló ag tús 2009. Ba réabhlóid é an beart sin ar bhealach - díreach mar an gcéanna leis na hiarrachtaí ar fad a dhéantar chun forbairt a dhéanamh ar earnáil na meán in aon teanga mhionlaithe - agus réabhlóid gan mhaoiniú, gan infheistíocht a bhí ann lena chois.

Mar a chonaic foilseacháin eile Ghaeilge thar na blianta, dúshlán a bhí ann ag an iris leanúint ar aghaidh mar a bhí ach is féidir a rá go bhfuil éabhlóid tagtha ar an réabhlóid áirithe seo, agus tá sé á léamh agat i do lámha inniu.

Tá gliondar mór orainn go bhfuil nós* i gcló arís agus á fhoilsiú anois mar fhorlíonadh speisialta neamhspleách leis an nuachtán náisiúnta Gaelscéal. Ar an Aoine dheiridh de gach mí beidh léitheoirí dílse nós*, agus pobal léitheoireachta Gaelscéal féin, in ann theacht ar an ghnáthmheascán de cheol, scannáin, taisteal, teicneolaíocht, beatha agus eile ar na leathanaigh seo.

Sa chéad eagrán nua seo tá léirmheasanna scannáin agus ceoil, réamhamharc ar Fhéile Bhéal Feirste, tuairisc ar an atmaisféar Gaeilge ag Electric Picnic na bliana seo agus comhairle do mhic léinn atá ag tosnú ar choláiste den chéad uair. Tá baile idirlín nós* faoi seoil arís chomh maith agus beifear in ann theacht ar na scéalta seo agus tuilleadh ar www.nosmag.com

Tá buíochas mór ag dul do gach duine - rannpháirtithe, síntiúsóirí agus eile - a chuidigh le nós* na forbairtí ar fad go dtí seo a bhaint amach agus tá muid ag súil go mór leis an chaibidil nua seo i neartú agus dul chun cinn na meán Gaeilge.

Tá forlíonadh nós* réidh daoibh, léimigí isteach!

Tomaí Ó Conghaile
Eagarthóir nós*

nós*

EAGARTHÓIR
Tomaí Ó Conghaile

RANNPHÁIRTITHE
Seanán Ó Coistín, Ben Ó Faoláin, Ian Mac Murchaidh, Joanne Ní Riain, Cillian de Búrca

TEAGMHÁIL
www.nosmag.com
eolas@nosmag.com

FÓGRA
Is é nós* atá freagrach as gach ábhar san fhorlíonadh seo.

F*CKPONY
Let The Love Flow (BPitch Control)

3.5/5

Ní inniu nó inné a sciob Beirlín aitheantas mar Mheice clubála na hEorpa ó Londain.

Tá príomhchathair na Gearmáine anois dílithe ag na sluaite ceoltóirí, dj-anna agus ealaíontóirí de gach saghas, meallta chun maireachtáil ann ag cíosanna ísle, sochaí liobrálach agus an bonhomie ginearálta múscailte ag athaontú na cathrach ag deireadh na n-ochtóidí.

Ina measc siúd tá **Jay 'Fuckpony' Haze** as Philidelphia, léiritheor ceoil house par excellence agus úinéir an lipéid, Tuning Spork.

Ach mar Mheiriceánach le tuiscint dhomhain aige ar na fréamhacha Meiriceánacha atá ag ceol house, tá bua luachmhar tugtha ag Haze do chóisir-gan-chríoch Bheirlín.

Tá **Let The Love Flow** ar nós cárta poist seolta chugat ag cara a bhfuil deireadh seachtaine fada á chaitheamh acu ar urláir rince chlubanna Bheirlín.

Mar is léir ó na teidil, is beag an iarracht atá déanta ag Haze bunfheidhm rianta mar **Orgasm On The Dancefloor Saturday Night** agus **A Pills Medley** a cheilt, agus is deacair gan 7 a' chlog maidin Dé Domhnaigh i gclub lán de dhaoine atá tar éis an oíche a chaitheamh ag rince (agus nach bhfuil ag iarraidh stopadh!) a shamhlú le **Always Sunday**.

An méid sin ráite, tá fíneáltacht agus oirirceas ag baint leis an gceol a chumann **Fuckpony** chun an t-urlár rince a ghriogadh chun áthais, sa tslí a nochtaíonn port mar **I'm Burning Inside** a ghnaíúlacht diaidh ar ndiaidh

Tá nóiméad milis nó dhó amuigh ón urlár rince ann freisin, i bhfoirm an traic inbhreathnaithigh **R U Feeling Abroad** ach go háirithe, ach go príomha is saothar don gclubálaí foirfeach é **Let The Love Flow**.

Má thaithin sé seo leat, bain triail as... Ellen Allien & Apparat – Orchestra of Bubbles (Bpitch Control) nó Ewan Pearson – Sci. Fi.Hi.Fi. Volume 1 (Soma)

THE RAAH PROJECT
Score (Summer Dawn)

4.5/5

Deirtí, agus an scríbhneoir seo ag fás aníos, go raibh An Astráil i gconaí deich mbliana laistiar den Eoraip ó thaobh forbairtí popcheoil de.

Fiú má bhí an méid sin fíor sna hochtóidí, tá deireadh curtha ag an idirlíon le moililú cultúrtha an leathsféir theas.

Níl de bhac ar chumadóirí ceoil an lae inniu ach easpa samhlaíochta agus easpa glóirmhéine.

Ní fhéadfá a leithéid a chur i leith na beirte atá freagrach as **The Raah Project** áfach, mar atá **Ryan Ritchie** agus **Tamil Rogeon**.

Bunaíodh an tógra chun na paistí liatha sin idir seánraí ceoil a mhionscrúdú - chun léamh nua a thabhairt ar hip hop, electronica, ceol anama, abair, ach gan dearmad a dhéanamh ar na bunphrionsabail a bhaineann le cruth an amhráin, tobchumadh snagcheoil agus cóiriú don gceolfhoireann.

Ábhairín ardaidhmeannach?

Sea, ach chuige sin thug Ritche agus Rogeon ceolfhoireann de sheacht mball déag, banna mór (The Australian Big Band) agus scoth na gceoltóirí snagcheoil agus func i Melbourne isteach sa stiúideo leo chun **Score** a thaifeadadh.

Níos minicí ná a mhalairt, teipeann ar a leithéid de thógra, ach i gcás **The Raah Project** is saibhre an toradh ná luach na mbun-eilimintí a infheistíodh ann.

Ní ó eisíodh **Everyday** le **The Cinematic Orchestra** ar éirígh le grúpa cónascadh chomh mealltach a chruthú idir ceol comhaimseartha na cathrach agus oidhreacht shnagcheol, cheol anama agus cheol scannáin na seachtóidí.

Is furasta an rud é aithris a dhéanamh ar do laochra - agus sa chás seo is léir go bhfuil **Nat King Cole, Sun Ra** agus **David Axelrod** i measc laochra Ritche agus Rogeon - is é an rud deacair ná na foinsí inspioráide sin a shníomh le chéile chun rud nua a nochtadh agus do rian féin a fhágaint ar an saothar.

Ní hamháin go mbaineann **The Raah Project** an méid sin amach, cinntíonn draíodóireacht fuaime Ritchie go bhfuil peirspictíocht nua ar sheánraí seanbhunaithe ceoil timpeall gach darna cúinne.

Murach go bhfuil glór Ritchie ró-chosúil le **Sting** in amannta, bheadh **Score** ní b'fhaide fós i dtreo na foirfeachta.

Má thaithin sé seo leat, bain triail as... The Cinematic Orchestra – Everyday (Ninja Tune) nó Jazzanova – In Between (Jazzanova/Compost)

an puball leictreach

"ag tógáil an crowbar amach as tóin na teanga"

Thuirling breis agus 30,000 ragairneálaí – 1,000 a rothaigh ó Staid Thamhlachta do Ospidéal na Leanaí, Sráid Temple san áireamh - ar An Sráidbhaile i gContae Laoise ar 3 Méan Fomhair i gcomhair an seachtú féile eicléictiúil ceoil agus ealaíona, 'Electric Picnic'.

Ag iompar málaí troma líonta le coiscíní, uachtar gréinne (bhuel, caithfidh tú bheith dóchasach), agus slabaí beorach, bhí an sula ar aon intinn amháin maidin De hAoine; a bpubaill a chur in airde chomh gasta agus is féidir agus tús a chur leis an trí lá is spreagúla i bhféilire ceoil na hÉireann .

Le príomh-thaibheoirí ar nós Roxy Music, Hot Chip, Massive Attack, Imelda May, LCD Soundsystem agus Leftfield ar na stáitsí móra le linn an deireadh seachtaine, is beag an t-iontas go ndéanann Rolling Stone cur síos ar an bPicnic mar cheann de na féilte raic is fearr ar domhain.

Ach cé go dtéann cuid mhaith den bhéim (agus an €240 táille chumhdaigh ar ndóigh) i dtreo na bpríomh-réaltaí seo, bíonn i bhfad níos mó ná ceol amháin i gcéist leis an bPicnic i gcónaí.

Agus ní raibh athrú ar bith ar an scéal i mbliana.

Bhí bia beadaí ar fáil i ngach áit (lámha suas má thriail tú an burgar ostraise), taispeántais cheardaíochta agus ealaíon, geamaireacht, damhsa, biongó, agus fiú sorcas ann.

Bhí suathaireacht, Reiki agus córacha iomlánaíocha eile ar fáil sa zón chill out, Body and Soul, chun do phóit a mhaolú agus áit álainn súgartha le haghaidh páistí agus a dtuistí króga.

San airéine MindField bhí díospóireachaí idir trom agus éadrom (ceist an Mheánoirthir le George Galloway ar an Satharn, brunch le Ryan Tubridy ar an Domhnach), filíocht, drámaíocht, rap agus greann.

Agus an áit inár féidir blas a fháil orthu seo uilig trí mhean ár dteanga féin ná An Puball Gaeilge.

Is é seo an tríú bliain don Phuball Gaeilge bheith ag Electric Picnic, agus is cosúil, agus é lán ó chúl go doras go tráthrialta ar feadh an deireadh seachtaine, go bhfuil sé ag dul ó neart go neart i gcónaí.

Bhí Rossa Ó Snodaigh ón ngrúpa Kíla ar ais arís i mbliana mar stiúrthóir ardochtáin an Phubaill, agus rinne sé iarracht shuntasach na himeachtaí ilghnéitheacha a chur i láthair le fuinneamh agus greann.

Thosaigh an t-aicsean sa phuball ag 5in ar an Aoine le craoladh beo ón bPicnic le Raidió na Lífe. Ina dhiadh sin, bhí seó drumaí agus rince na hAfraice agus sheinn an banna The Dirty 9s, agus an t-amhránaí Bhleá Cliathach, Fiach.

Tar éis an ghig, bhí Fiach ag tnúth leis an chéad Phicnic eile cheana féin.

"Má chuirfear cuireadh orm, bheinn iontach sásta casadh anseo arís go dearfa," a luaigh sé liom.

"Is aoibhnn liom Electric Picnic agus tá sé i gcónaí thar barr sa Phuball Gaeilge".

Bhí an fhéile faoi lán seoil Dé Satharn nuair a shroich mé féin an phríomhairéine, ag slogadh siar mo bhricfeasta fhéiltiúil- canna Bavaria - agus ag cuartú clár ama, rud a chuir an méid céanna iontais agus feirge orm mar go raibh siad ag iarraidh €12 breise le haghaidh sceideal na féile, ach sin scéal eile.

Bhí lá gnóthach ag lucht an Phubaill Ghaeilge le ceardlann sorcais le Deartháireacha Fanzani, craoladh beo eile ar Raidió na Lífe agus Iomrascáil Sumo le Fíbín.

Ansin, bhain an sula taithneamh as gigs iontach bríomhara ó Mo Hat Mo Gheansaí, beirt deartháireacha as Contae Chill Mhantáin, agus Henrietta Game, atá tar éis ainm a chruthú dóibh féin le tamall anuas lena n-amháin Bhéarla agus Ghaeilge.

> **"Bhí an slua an-mhaith agus bhí an-atmaisféar go deo ann. Is fógra iontach é an Puball don Ghaeilge mar theanga bheo."**
>
> **Christy Leech, Henrietta Game**

Dúirt Christy Leech ó Henrietta Game liom go raibh sé an-sásta leis an ghig agus gur thaitin an Puball Gaeilge go mór leis.

"Bhí an slua an-mhaith agus bhí an-atmaisféar go deo ann i gcónaí," a dúirt sé.

"Is fógra iontach é an Puball don Ghaeilge mar theanga bheo."

Um thrathnóna bhí an Cabaret Craiceáilte le Rónán 'Beo @ 3in' Mac Aodha Bhuí ar cuairt ann, geabaireacht an-ghreannmhar le MC Muipéad agus Bubba Shakespeare agus seó nua ó Mhanchán Magan ag plé cúrsaí Gaeilge le rince agus taifeadtaí.

Bhuaigh Manchán duais Irish Times cheana, ach ní dóigh liom go mbronnfar aon duais air don saothar is déanaí seo. Níor chuir sé sin isteach ar an bhfear, áfach.

"An rud gur brea liom faoin áit seo, ná go dtugann sé deis do dhaoine rúdaí nua a thriail," a mhínigh sé liom. "Theip ar fhórmhór an ruda a chuir mise i láthair inniu, ach b'fhiú é a thriail. Tá cúpla ceacht maith ann."

Dé Domhnaigh bhí filíocht le Louis de Paor agus uile, dráma saoithiúil ó aisteoirí Bulfin, ceol clasaiceach agus taispeántais rince Sean Nós ó bhuaiteoir Glas

FOCAIL **JOANNE NÍ RIAIN**

Vegas Sibéal Davitt.

"Bhí sé dóchreidthe!" arsa sí tar éis a céilí impromptu sa Phuball. "Bhí sé pacáilte agus ní dóigh liom go raibh éinne fághta ina shuí ag an deireadh!"

Le linn na féile chualas cainteoirí líofa ag comhrá le ceile, daoine nach raibh mórán Gaeilge acu ag baint triail as an teanga agus daoine nach raibh focal ar bith acu ag baint suilt as an gceol agus na léirithe eile i suíomh dearfach, spraíúil agus beoga.

Níl aon amhras ach go dtogann an Puball "an crowbar amach as tóin na teanga" mar a dúirt bean amháin liom ar an Satharn!

Thosaigh sé ag cur de dhíon is de dheora tráthnóna Dé Domhnaigh ar an drochuair, ach ní raibh an bháisteach ná an láib in ann soirbhíochas Tomas Doodue, 76, an duine ba shine (agus ba mheidhrí) ar bhuail mé leis sa Phuball a mhaolú.

"Tagaim anseo chuile bhliain le haghaidh an craic agus na mban" arsa sé liom.

Agus an mbeidh sé ag campáil ag an bhféile? a d'fhiafraigh mé de.

"Tá súil agam go mbeidh!" a d'fhreagair sé le caochadh ollmhór súl... *

JINX LENNON & MISS PAULA FLYNN 4/5

Magic Rawness & Rage - Live At The Sugar Club

Tá Jinx Lennon in áirde ar an stáitse.

Níl ag éirí go maith leis - is griogaire d'amhránaí an fear as Dún Dealgan agus b'fhearr leis an chuid is mó atá i láthair go mbaileodh sé leis abhaile.

Tá a ndromanna casta ag formhór acu leis an ardán, iad ag béiceadh os ard thar an gceol.

Iadsan atá casta i dtreo an stáitse, táid ag stánadh go naimhdeach ar Lennon.

Ach leanann Jinx ar aghaidh, fiú agus an chuma air go mbrisfidh an gol air.

Ní radharc ó **Magic Rawness & Rage - Live At The Sugar Club** an méid thuas ach cuimhneamh an scríbhneora seo ar ghig de chuid Jinx Lennon i dtabháirne beag brocach i dTrá Lí siar in 2003.

Is léiriú níos fearr an eachtra úd ná aon rud atá le feiscint i **Magic Rawness & Rage** ar an ndeamhianach a bhainneann le Jinx Lennon.

Creideann sé 100% i bhfiúntas a theachtaireachta, agus nuair atá sé ar an stáitse cuireann sé a chroí isteach ann go hiomlán, bíodh an lucht éisteachta ina choinne nó ar a shon.

Tá mórán tar éis athrú ó '03 - tá Jinx Lennon anois ina pheata neamhfhonnmhar ag na meáin náisiúnta agus tá lucht leanúna dílis gnóthaithe aige, buíochas dá dhianghigeáil suas-síos na tíre.

Tá snas curtha ag Lennon ar a sheó stáitse agus caitheann sé cultacha níos deise, ach tá an fuinneamh agus faobhar céanna ann is a bhí riamh.

Tá Jinx in ann focail a chur ar an bhfrustrachas a mhothaíonn mórán de dhaoine macánta na tíre seo - é ag iompú ó scread go siosóg san am a thógfadh sé ort súil a bhobáil, amhránaíocht mhiliúil Paula Flynn mar chuntraphointe sóúil ag a ghlór gairgeach.

Saghas rogha den gcuid is fearr a bhfuil taifeadta ag Lennon atá i **Magic Rawness & Rage**, sa mhéid is go bhfuil amhráin (25 ar fad!) idir shean agus nua ann, seoda mar **RAW-W-W, The Batchelors Of Pearse Park** agus **Stop Giving Out About Nigerians** ag suí taobh le hamhráin nua mar **Houses Everywhere**.

Ní hionann é agus bheith i láthair ag gig de chuid na tallainne eisceachtúla seo, ach bí cinnte go bhfuil cumhacht spreagúil fós ag baint leis an DVD seo de sheó beo an uasail Lennon.

FOCAIL **BEN Ó FAOLÁIN**

DRUMA MÓR COIS CUAIN

I measc na bhféilte éagsúla atá ag titim amach anseo in Éirinn le linn na míosa seo chugainn tá Féile Bhéal Feirste ag Ollscoil na Ríona/Belfast Festival at Queen's, atá ag cur siamsa ar fáil sa chathair cois cuain ó bhí na 1970í ann.

Tá réimse leathan imeachtaí ar an chlár arís i mbliana, ó cheol clasaiceach agus ceoldrámaí go díospóireachtaí, amharcealaín agus taispeántais scannán.

Do dhuine ar bith áfach a bhfuil spéis acu i gceol gasta funcaíáilte na hAfraice, níl ach tarraingt amháin ar chlár na bliana seo, agus is é sin Tony Allen.

De bhunadh Lagos na Nigéire, rugadh Allen sa bhliain 1940 agus thosaigh sé amach ar bhealach an cheoil i ndiaidh dó bheith ag éisteacht le drumadóirí snagcheoil na Stát Aontaithe ar nós Art Blakey agus Max Roach.

Níorbh fhada go raibh an drumadóir beoga ag meascadh stíleanna difriúla ceoil leis an cheoltóir clúiteach agus gníomhaí cearta, Fela Kuti, agus bhí síol gluaiseachta nua curtha acu - Afrobeat.

Ní hamháin gur chuir na buillí cumhachtacha a bhí á gcruthú acu tús le réabhlóid cheoil san Afraic agus níos faide i gcéin, ach bhí teachtaireacht láidir pholaitiúil á scaipeadh acu chomh maith a chuaigh i bhfeidhm ar ghlúin úr de dhaoine gorma ar fud an domhain.

Tá go leor déanta ag Allen ó bhlianta órga sin Afrobeat - comhoibriú le Damon Albarn de chuid Blur san áireamh - ach tá a chuid tuairimí go fóill aige faoi cá háit a bhfuil a thír dhúchais ag dul i láthair na huaire.

Mar a deir sé féin: "Níl an Nigéir ag éirí níos fearr."

"Sin an fáth a bhfuil gach duine ag iarraidh theacht chun na hEorpa.

"Níl ann ach mí-riarachán agus breabaireacht, bua na hoiriúnachta.

"Bitseach d'áit atá ann."

Fiú muna bhfuil sé sásta cur faoi sa Nigéir a thuilleadh, tá inspioráid cheoil á fáil aige in áiteanna éagsúla i gcónaí agus tá beocht nach beag le mothú ina mhaidí druma go fóill.

"Is é ceol an misean atá agam", arsa sé.

"Ní bhím iomlán sásta in am ar bith agus tá mé go fóill ag foghlaim ó dhaoine eile.

"Tá saol an cheoil an-spioradalta ar fad agus ní dóigh liom go bhfuil críoch leis.

"Mar cheoltóirí, is é an misean atá againn ná leanúint ar aghaidh."

Beidh Allen ag leanúint leis i Halla Mandella, Béal Feirste, ar 29 Deireadh Fómhair.

www.belfastfestival.com

scáileán

THE ILLUSIONIST 4.5/5
Sylvain Chomet , **12A**

Chuir an beochantóir Sylvain Chomet draíocht ar lucht féachana ar fud an domhain lena shár-scannán **Belleville Rendezvous** (aka Les Triplettes de Belleville) roinnt blianta ó shin ach tá sé ar ais anois le saothar a sháraíonn fiú an chéad iarracht sin.

Leanann **The Illusionist** scéal an draíodóra ardáin, Tatischeff (ainmnithe in ómós don scannánóir Francach Jacques Tati, a scríobh an bhunscript), a fhágann slán ag Páras chun aghaidh a thabhairt ar Alba, é ag súil go mbeidh níos mó ratha ar a cheird i hallaí siamsa Dhún Éideann ná mar a bhí ina thír dhúchais féin.

Ar an bhealach casann Tatischeff ar chailín óg as Inse Ghall, Alice, nach labhraíonn ach Gaeilge na hAlban leis agus a chreideann go fíor ina chleasa draíochta.

Agus é mar chineál athar ag a chara nua, déanann an draíodóir gach iarracht airgead sa bhreis a thuilleadh lena mbeatha a thabhairt i dtír, is é sin sula mealltar an Gael óg isteach ag tarraingtí eile na cathrach móire.

Suite ag deireadh na 50í, tá pictiúr draíochta cruthaithe ag Chomet de phríomhchathair na hAlban, é ag úsáid líníochtaí traidisiúnta seachas na teicnící nua 3D atá i mbarr réime i saol na beochana le tamall de bhlianta anuas.

Agus sin díreach an áit a bhfuil bua an scannáin seo.

Caitear go fíneálta le hábhar agus le carachtair araon, íomhánna gleoite curtha os comhair an bhreathnóra ó thús deireadh a fhágann gur deacair an rud é gan bheith tarraingte isteach ag an saothar álainn seo.

Cé go bhfuil brón áirithe le mothú i dtreo an deiridh, tá greann go leor le fáil ann chomh maith, ó choinín bán Tatischeff a chruthaíonn trioblóid dó agus é ar ardán go dtí an comhartha i gcaife a fhógraíonn "Full Scottish Breakfast (battered)".

Agus ar bharr na háilleachta ar fad tá an sult breise sin a bhainfidh aon Ghael a amharcann ar **The Illusionist** nuair a chloiseann siad a dteanga féin á labhairt i saothar ardchaighdeáin a mheallfaidh lucht féachana i gcéin agus i gcóngar.

Seoid scannáin.

BURRIED

Músclaíonn fear (Ryan Reynolds – Two guys and a girl, X-men Origins) agus é gafa i gcónra faoin talamh.

Gan mórán cumhachta fágtha i nguthán s'aige agus easpa aeir ag cur brú air, tá dúshlán mór roimhe chun maireachtáil.

WALL STREET: MONEY NEVER SLEEPS

An dara scannán i ndiaidh Wall street a tháinig amach i 1987.

Tá Michael Douglas mar Gordon Gekko arís, tugadh duais Academy dó i ndiaidh an chéad scannán.

Bunaithe ar an saol sa ghéarchéim eacnamaíochta, tá saol gnó Gekko agus a shaol teaghlaigh fite fuaite, rud a chuireann dúshlán mór roimhe.

SALT

Brathadóir de chuid an CIA Salt (Angelina Jolie) go dtí go dtugtar brathadóir Sóivéadach uirthi agus go gcreidtear go bhfuil sé de rún aici Uachtarán na Stát Aontaithe a mharú.

Téann sí ar an chaomhnú agus gan aon duine cinnte faoin fhírinne.

Thiocfadh leat a rá gurb í an Bourne baininscneach atá sa charachtar Salt.

Bíonn sé deacair fios bheith agat cad é atá le teacht sa scannán agus tú ag amharc air, rud nach bhfuil fíor faoi chuid mhór scannán.

SCOTT PILGRIM VS THE WORLD

Is fear éadóchasach 22 bliain d'aois Scott Pilgrim (Michael Cera, ar dheis - Juno, Superbad) nach bhfuil post aige ach atá ina bhall de ghrúpa roc ceoil.

Siúlann sé amach le cailín scoile darb ainm Knives go dtí go mbuaileann sé le bean chasta, Ramona Flowers

(Mary Elizabeth Winsted - The Ring 2, Final Destination 3).

Beidh go leor dúshláin roimhe áfach ó 7 seanbhuachaill s'aici, agus cumhachtaí speisialta acu, sula dtig leis dul amach léi.

Bunaithe ar leabhair, tá stíl ghreannáin go mór le feiceáil sa scannán, rud a chuireann leis agus a chiallaíonn gur scannán é atá go hiomlán éagsúil ó na cinn eile atá ag teacht amach as Hollywood faoi láthair.

Deirtear go dtiocfaidh a thuilleadh dá mhacasamhail amach go luath agus tá muidne anseo ag nós* ar intinn leis an tuairim sin.

DINNER FOR SHMUCKS

Fear gnó é Tim Wagner (Paul Rudd - Anchorman) agus é ag cuartú ardú céime ina phost.

Téann sé chuig dinnéar le daoine eile ón obair agus faigheann sé amach go mbeidh duais don duine a ghlacann an duine is amaidí leo. Sin an áit a thagann Barry (Steve Carrell - Anchorman) isteach. Tá caighdeán i bhfad níos airde bainte amach ag na haisteoirí seo i scannáin ghrinn eile ach tá maitheas áirithe ann, cé nach mbeimid ag caint faoi cuid mhór sa todhchaí.

comhairle do leasa!

tugann cillian de búrca nod dóibh síud atá ag tosnú amach ar thuras na hollscoile

Seo é, an rud a raibh tú ag fanacht leis le (ar a laghad) bliain anuas!

Tá na coláistí ag tosnú arís, agus tá mic léinn nua fud fad na tíre ag bogadh isteach sna hallaí, ag bualadh le cairde nua, agus ag dul amach corr-oíche fosta!

Ach tabhair aird anois má tá tusa ina measc, nó tá rud beag comhairle agam a dhéanfaidh cinnte go mbeidh do chéad bhliain de shaoirse chomh sultmhar agus is féidir!

buail le daoine nua

Nuair a bhogann tú go háit choimhthíoch ar nós coláiste, bíonn an cathú ann fanacht le seanchairde ón bhaile.

Gabh amach agus buail le daoine nua!

Tá saol an choláiste lán de dhaoine ó háiteanna agus cúlraí difriúla - ná bíodh eagla ort cairde nua a dhéanamh.

bí i do bhall de chumann nó club

Tá níos mó le déanamh ar choláiste ná freastal ar ranganna agus dul ar an drabhlás.

Bí páirteach i gcumann a bhfuil dúil agat ann, bíodh sé An Cumann Gaelach nó club spóirt, is seans ann bualadh le daoine nua, agus bíonn leithéidí 'An Turas Mistéireach' mar pháirt den choláiste nach ndéanfar dearmad air choíche (ag brath ar líon na Jagerbombs a bhí agat sa chlub deireanach sin!)

cuir glas ar dhoras do sheomra leapa!

Samhlaigh anois é, bhí oíche spraoiúil agat leis na leaids, tá tú spianta agus tá léacht agat i gceann 2 uaire - ach tagann tú abhaile le feiceáil go bhfuil paipéar leithris gach áit, agus do leaba sa seomra folctha.

Ní féidir an phrancáil a sheachaint don bhliain ar fad, mar sin cén chomhairle atá agam? Déan tusa ar tús é, agus bíodh céim chun tosaigh agat ar do chairde!

Ar an drochuair, is féidir le gadaíocht tarlú minic go leor ar champas fosta - cosain tú féin chomh maith agus is fédir, níl mothúchán níos measa le feiceáil go bhfuil do ríomhaire agus iPod imithe as radharc in aon lá amháin.

ná tit i ngrá sa chéad seachtain

Do chéad bhliain de shaoirse, agus tá tú ag iarraidh cailín nó buachaill bheith leat gach uile nóiméad?

Bain sult as na hoícheanta amuigh, gabh go háiteanna éagsúla ach ná bí ag pleanáil aon bhainis go fóill.

Is iad laethanta na hollscoile an t-am nuair a fhaigheann tú amach cuid mhór fút féin.

Déan do rogha ruda ar feadh tamaill. Agus má tharlaíonn sé go bhfuil do theanga amuigh mar gheall ar líon na mbuachaillí/ailíní i mbéar an SU, in ainm Dé bí slán!

Bíonn go leor feachtas ar siúl ag Seachtain na bhFreshers agus gnéas slán á chur chun cinn acu, mar sin níl aon leithscéal agat!

gabh chuig na ranganna

Maith go leor, b'fhéidir nár thóg mé mo chomhairle féin agus mé sa chéad bhliain, ach beidh tú buíoch ag deireadh na bliana nuair nach bhfuil oiread agus nóta ag na daoine eile sa rang!

Déan iarracht freastal ar an chuid is mó acu, nó ar a laghad déan socrú go mbeidh tú ábalta cóip a dhéanamh de nótaí do charad.

bí slán

Seans maith nach bhfuil mórán eolais agat ar do cheantar nua, mar sin ní hé an smaoineamh is fearr le bheith as do mheabhair i d'aonar!

Gabh amach le grúpa agus tar abhaile le grúpa i gcónaí más féidir. Má tá tú ag fáil tacsaí abhaile, níl aon dochar téacs a chur chuig do chairde faoin chineál carr fiú.

seachain cóisirí i do theach féin!

Is smaoineamh iontach é ag an am - tabharfaidh muid cuireadh do 50 dár gcairde is fearr teacht chun tí do chóisir roimh an oíche mhór sa chlub.

Ar an drochuair, ní bhíonn tú ag smaoineamh ar ghloine bhriste gach áit, poill dóite sa chairpéad (damnú ar thoitíní), agus cibé amadán a chaith amach sa chúinne!

Feicfidh tú roimh i bhfad nach mbeidh na daoine céanna go fóill ann nuair a chaithfear an áit a ghlanadh, agus fágtar tusa bocht leis an teach ina chac. *

TEIC: EXPONO.COM

Más aoibhinn leat grianghraif a ghlacadh agus iad a thaispeáint do dhaoine eile, tá suíomh iontach ann duit chun sin a dhéanamh.

Expono is ainm dó agus cuireann sé ar do chumas grianghraif a fhoilsiú agus a roinnt leis an saol mór.

Agus, ceann de na rudaí is fearr faoi, ná go bhfuil sé ar fáil as Gaeilge!

Téigh go dtí an roghchlár ag bun an leathanaigh agus roghnaigh Gaeilge ansin.

Is féidir cuntas saor in aisce a chruthú ar Expono nó más mian leat an leas is fearr a bhaint as, is féidir íoc as cuntas níos cuimsithí.

Nascann Expono le Facebook agus Twitter, mar sin is féidir do ghrianghraif a fhoilsiú go huathoibríoch áiteanna eile nuair a fhoilsíonn tú ar Expono iad.

Má bhíonn tú ag taisteal timpeall na cruinne agus ag tógáil grianghraf, is féidir a léiriú cár tógadh na grianghraif trí bhiorán a chur ar léarscáil de chuid Google.

Mar aon leis sin is féidir clibeanna a chur ar dhaoine agus cuirí a thabhairt do dhaoine chun do ghrianghraif a fheiceáil agus chun cuntas a chruthú ar an suíomh.

Níl teorainn leis an méid grianghraf ar féidir a fhoilsiú ar do chuntas.

Agus is féidir na grianghraif a fheiceáil ar an méid a bhíonn siad de ghnáth... is é sin le rá, mór!

Tá 'Balla' ar an suíomh ar ar féidir grianghraif a d'fhoilsigh daoine eile le déanaí a fheiceáil agus is minic a fheictear íomhánna áille ar an mballa seo.

Mura dteastaíonn uait go mbeidh daoine nach bhfuil aithne agat orthu ag breathnú ar do ghrianghraif is féidir na socruithe a athrú agus iad a chur faoi cheilt.

Mar sin ar aghaidh leat - cruthaigh cuntas agus foilsigh do ghrianghraif, i do theanga féin!

Chun teacht ar an leagan Gaeilge, téigh go **www.expono.com/?set_language=ga_IE**

pobal

10.10.10
Cearta agus Ceiliúradh
Rights and Revelry

An Lá Gaeilge is Mó sa Bhliain!
The Biggest Irish Language Day of the Year!

Dé Domhnaigh 10 Deireadh Fómhair 1 – 5 i.n.
Aonach Naomh Seoirse, Béal Feirste

1.00	**Seó míre Cannonball leis na Fanzini Brothers**
2.00	**Oll- eachtraí sorcais le Sorcas Bhéal Feirste!**
	An ceol is an damhsa is fearr le Gaeilgeoirí óga
3.30	**Céilí mór**
Ar fáil 1-5:	**Ceardlanna damhsa agus ealaíon; aghaidh phéinteáil; taispeántais; bia agus go leor, leor eile!**

Saor chead isteach

4 bliana ó ghealltanas Chill Rimhinn maidir le hAcht na Gaeilge, bígí linn don rí-rá agus don ruaille buaille!

Sunday 10th October 1 – 5 pm
St George's Market, Belfast

1.00	**The hilarious Cannonball Show with the Fanzini Brothers**
2.00	**High flying circus spectacle with Belfast Circus**
	The best of music and dance from young Gaeilgeoirí
3.30	**Grand céilí**
Also from 1-5:	**Dance and arts workshops; face painting, exhibitions, food and much, much more!**

Free admission

4 years since St Andrews' Agreement promised the Irish Language Act, let's rock the market!

pobal

POBAL, Aonad 6, Teach Uí Chorráin, Ionad an Dá Spuaic,
155 Sráid Northumberland, Béal Feirste BT13 2JF.
Teil: +44 (0)28 438 132 eolas@pobal.org, www.pobal.org

Foras na Gaeilge
arts council of Northern Ireland
Grúpa Meán Bhéal Feirste.
DSD Department for Social Development www.dsdni.gov.uk

CÚRSAÍ SAOIL

pháirc amháin

a fháil ar na costais sin, agus má éiríonn linn é sin a dhéanamh rachaidh sé sin chun tairbhe, ní amháin ar fheirmeoirí ach ar thalmhaíocht go ginearálta sa tír seo .” Nuair a chuir mé an cheist air ar cheart dúinn níos lú airgid a chaitheamh ar an ngnó agraibhia mar gheall go bhfuil níos lú airgid ag muintir na tíre seo, is é a dúirt Alan, “Téann an dá rud le chéile, má theastaíonn uainn borradh a dhéanamh ar tháirgíocht bainne agus feola ní mór an borradh céanna a dhéanamh leis an tionscal próiseála. Ach tá siad ceangailte leis na margaí céanna agus measaim go bhfuil todhchaí an-mhaith ann don tionscal próiseáil bia agus don talmhaíocht sa tír seo.” Ní raibh Alan ach ag spaisteoireacht timpeall ar feadh an chéad lá den fhéile agus mar a deir sé féin, “Is breá liom é mar bhriseadh agus tugann sé deis dom bualadh le seanchairde.”

Mar go raibh an oiread imeachtaí agus seastáin eolais ann bhí gach seans ann go ndéanfaí dearmad ar an bpríomhimeacht - an comórtas treabhdóireachta. Bhí sé seo ar siúl i bpáirceanna móra ina raibh tarracóirí de gach uile chineál ag treabhdóireacht agus feirmeoirí ag deasú a dtarracóirí. Bhí Jarlath Colleran, a bhfuil feirm ag a mhuintir i Maigh Eo, in iomaíocht sa chatagóir faoi 28 bliain d’aois agus mhínigh sé dom na gnéithe a theastaíonn uaidh na moltóirí sa gcomórtas. Deir sé, “Tá sé an-tábhachtach i dtreabhdóireacht go mbíonn tú díreach, go mbíonn na hiomairí (*furrows*) díreach agus go mbíonn siad aonfhoirmeach. Tá dhá uair go leith agat le treabhdóireacht a dhéanamh ar do phíosa talún agus ag tús na hama sin bíonn scoilt oscailte agat i lár do phíosa talún a chaithfidh tú treabhdóireacht a dhéanamh ar gach aon taobh de agus tar éis sin stopann tú ar feadh leathuair an chloig chun ligean do na moltóirí moltóireacht a dhéanamh air sin. Is é an chéad phíosa treabhdóireacht seo an píosa lár den phaintéar (*plot*) agus caithfidh tú treabhdóireacht a dhéanamh ar an dá phíosa taobh leis seo chun go mbreathnóidh sé ar fad díreach mar an gcéanna. Ag an deireadh caithfidh tú treabhdóireacht a dhéanamh i dtreo do chomharsa agus iomaire díreach a dhéanamh idir do phíosa talún agus píosa do chomharsa.” Tá an paintéar 30 slat ar fad agus timpeall 60 slat ar leithead. “Is féidir le hathruithe beaga do do tharracóir athruithe móra a dhéanamh do d’áit sa chomórtas. Is cuma i ndáiríre cén sórt tarracóir atá agat, is é mo tharracóir ceann de na tarracóirí is gairbhe sa chomórtas ach ní hé an ceann is measa sa chomórtas ach an oiread.” Tá Jarlath ag iomaíocht le timpeall is sé bliana agus anuraidh tháinig sé sa chúigiú háit ina chomórtas.

Iomaitheoir eile a tháinig sa chúigiú háit an uair dheireanach a ghlac sé páirt sa chomórtas ná Martin Reilly ó Chontae an Longfoirt. Tá sé ag iomaíocht sa Chomórtas Náisiúnta le 17 bliain, cé nach raibh sé in ann a bheith páirteach anuraidh mar go raibh sé ag pósadh. “Tá mise sa chatagóir sóisearach ina bhfuil timpeall scór duine sa chatagóir. Níl aon bhaint ag aois leis an chatagóir ach braitheann sé ar chaighdeán treabhdóireacht. Má éiríonn liom i mbliana bogfaidh mé ar aghaidh chuig an chatagóir idirmheánach an bhliain seo chugainn. Tá neart iomaíocht idir na hiomaitheoirí uile, mura raibh ní bheadh muid anseo ach is iomaíocht chairdiúil é chomh maith.”

Bhí sé i gceist ag Martin agus a bhean fanacht ar feadh na dtrí lá den fhéile chun saoire a bheith acu agus mar a deir sé féin, “tá sé an-*exotic* ar fad!”

Le Dearbhaile Flynn

Cúrsaí Gnó ag an Fhéile

William Allingham, ‘Allingham Quadorate Ltd.’

“Tá neart suim léirithe ag daoine sa ghnó, ach ó thaobh éarlais a fháil níl sé chomh maith le anuraidh. Ach, níl anseo ach an chéad lá d’fhéile trí lá mar sin tá muid ag súil go bpiocfaidh sé suas. Braitheann sé chomh maith ar an aimsir. Tá muid sách muiníneach go bhfaighidh muid sé nó seacht díolachán.”

Graeme Chopman, ‘Danso Machinery Ltd.’

“Is comhlacht nua muid agus go dtí seo tá cúrsaí gnó go maith. Dhíol muid roinnt mhaith meaisín go dtí seo, ach tá daoine amhrasach faoi airgead a chaitheamh.”

Na gnéithe is fearr agus is measa faoin Fhéile

Tony Robinson, Baile Átha Í, Contae Chill Dara

“Is é an rud is measa faoin chomórtas treabhdóireacht ná an pháirc shiamsaíochta agus an rud is fearr ná na mná.”

Tuttie Kelly, Baile Átha Í, Contae Chill Dara

“Cinnte, is iad na mná an rud is fearr faoin fhéile, an rud is measa na daoine a bheith ag troid agus tá na costais andaor.”

Ciarán Destafort, Contae na Mí

“Is aoibhinn liom na seastáin difriúla, tá an t-atmaisféar go maith agus an aimsir. Nuair a bhíonn a lán daoine anseo is dócha gurbh é an puiteach an rud is measa.”

Tuairim na bhfeirmeoirí ar cháin chumarsáide John Gormley

John Burke, Tiobraid Árann

“Aon dlí nach ndéanann ciall, ní sheasfaidh sé. Tá ár bhfeithicil deartha agus árachas curtha orthu go speisialta dár gcuid oibre agus tá muid i dteideal ár bhfeithicil dár gcuid oibre.”

Martin Dollard, Contae Laoise“Tá na costais uile craiceáilte ar fad, nightmare! Bheadh muid níos fearr as bheith ag tiomáint Mercedes 500. Níl aon údar leis in aon chor.”

Tomás O’Malone, Contae Cheatharlach

“Is disaster é nach mbeidh aon duine le veain in ann a pháistí a bhailiú ón scoil, nó go mbeadh sé mídhleathach bainne a cheannach ón siopa ar an mbealach abhaile. Bhí a lán daoine sa tionscal tógála sa tír seo le veain nach bhfuil ag obair anois agus nárbh fhéidir leo a veain a dhíol.

6 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

Star Trek agus stair an todhchaí

Diarmuid Ó Muirgheasa

CAD as a dtagann ár n-íomhá den todhchaí seachas ón bpopchultúr? Cuireann leithéidí *Star Trek* go háirithe leis an bpopíomhá atá againn den todhchaí. Tá sé iontach suimiúil súil a chaitheamh ar *Star Trek*, a craoladh an chéad uair in 1966, le léargas a fháil ar an teicneolaíocht atá againn inniu. Muna gcoimeádann tú súil ar an teicneolaíocht in *Star Trek*, ní thabharfá faoi deara cé chomh fada atáimid i ndiaidh teacht ó thaobh na teicneolaíochta de.

Smaoinigh ar *Google Earth*. Nó muna bhfuil tú eolach air, téigh agus féach air ag google.com/earth. (Is féidir na híomhánna saitilíte a fheiceáil gan aon rud a íoslódáil ag maps.google.com, agus 'satellite' sa chúinne ar bharr ar dheis a bhrú.) Is féidir íomhá shaitilíte a fháil de bheagnach gach áit ar domhan, agus cé nach bhfuil taifeach ard a dhóthain iontu le gur féidir daoine a aithint, is cinnte gur féidir gluaisteáin agus tithe a fheiceáil go soiléir. Agus cé nach féidir daoine a aithint ó na híomhánna saitilíte, le Google '*Street View*' tá an iliomad grianghraf ar fáil de bheagnach gach áit ar domhan, agus íomhánna 360° soláthraithe ag Google in anchuid áiteanna chomh maith.

Nó lasmuigh de sin, smaoinigh ar leithéidí *Skype* agus *Google Chat* a ligeann duit comhrá físe a bheith agat le daoine ar an taobh eile den domhan. Arís, muna bhfuil siad úsáidte agat, téigh agus bain triail astu. Tosaigh cuntas Google ag google.com/accounts agus is féidir glaoch a chur, saor in aisce, ar aon duine eile a bhfuil cuntas Google acu, chomh fada agus go bhfuil micreafón agus ceamara ar do ríomhaire. Agus níos mó ná sin, is féidir anois glaonna a chur saor in aisce ar aon fhón sna Stáit Aontaithe nó i gCeanada ó *Google Voice* chomh maith!

Agus ar bharr na rudaí sin, smaoinigh ar an rud a nglacaimid uilig leis mar ghnáthrud anois, sin é Google féin (nó Yahoo, nó Bing, is cuma i ndáiríre). Tá eolas uilig an domhain, beagnach, ar fáil anois d'aon duine ar mian leo é a aimsiú. Is féidir, más mian leat, '*The Odyssey*' de chuid Homer a léamh gan ach cúpla focal a bhrú isteach in Google. Is féidir, gan ach an iarracht chéanna, beagnach aon cheann eile de na leabhair chlasaiceacha a léamh chomh maith.

Más mian leat leabhar níos nua-aimseartha a léamh, ní gá, de ghnáth, bogadh ó do ríomhaire ach oiread, mar go bhfuil beagnach gach leabhar a smaoineofá air ar fáil mar ríomhleabhar ó Amazon nó a leithéid.

Agus tá dul chun cinn ag tarlú i gcónaí. Tá gach éinne tinn tuirseach anois de bheith ag cloisteáil faoin *iPad*, ach má bhreathnaíonn tú ar aon chlár nó scannán bunaithe sa todhchaí is cinnte go mbeidh ríomhaire taibléid ann in áit éigin. Féach an teicneolaíocht nua atá ag teacht chun margaidh anois, é sin atá bunaithe ar Android go háirithe, agus ní i bhfad uaidh sin atá sé. Tá feidhmchláir (*apps*) ar fáil anois don *iPhone* agus do ghléasanna *Android* le haithris a dhéanamh ar na '*Tricorders*' ó Star Trek, agus cé nach bhfuil an fheidhmiúlacht leighis ar fad acu tá siad úsáideach i suímh ar leith - agus cuma iontach ar fad orthu chomh maith!

Muna bhfuil cloiste agat faoi *Android*, is córas oibriúcháin é deartha ag Google atá in iomaíocht le córas oibriúcháin Apple, ar a dtugtar *iOS*. Go dtí seo is i bhfóin cosúil leis an *HTC Hero* agus an *Samsung Galaxy S* atá *Android* feicthe. Má fheiceann tú fón atá cosúil leis an iPhone, ach nach iPhone é, gach seans gur fón Android atá ann. Anois tá Samsung beagnach réidh le táirge nua a sheoladh, an *Galaxy Tab*, a bhfuil scáileán air atá 7" ó chúinne go cúinne agus an gléas iomlán iontach tanaí agus snasta. Tá sé cosúil leis an *iPad* - samhlaigh *iPhone* iontach mór, muna bhfuil iPad feicthe agat - ach níos fearr i slite áirithe chomh maith. Tá an scáileán níos deise, tá sé rud beag níos lú agus níos éadroime, gach seans go mbeidh sé níos saoire, tá ceamara air... Leanann an liosta ar aghaidh ar feadh i bhfad.

Le hiomaíocht anois sa mhargadh ní fada go mbeidh ríomhairí taibléid le feiceáil ar fud na háite, agus é sin mar chomhartha den todhchaí atá ag druidim linn. Samhlaigh na háiteanna uile a mbeadh taibléad 19cm x 12cm oiriúnach, nach mbeadh ríomhaire glúine. Is féidir go héasca bainisteoirí peile nó iomána a shamhlú ag baint úsáide as taibléid ar an taobhlíne, dochtúirí á n-úsáid le taifead leighis a choimeád, innealtóirí á n-úsáid le pleananna a sheiceáil agus iad ag bogadh mórthimpeall ionad tógála. N'fheadar an bhfeicimid deireadh iomlán le ríomhairí glúine riamh, ach níl dabht ar bith ach go bhfuil fón soghluaiste agus taibléidí ag éirí níos úsáidí i gcónaí ná riamh. De réir cosúlachta, tá an todhchaí linn anois!

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teoranta

Post: Oifigeach Forbartha Luathoideachais/Cúram Leanaí

Fáiltíonn Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo. roimh iarratais do phost mar Oifigeach Forbartha luathoideachais/Cúram leanaí. Post páirt aimseartha 20 uair a chloig sa tseachtain atá i gceist.

Beidh sár-chaighdeán oideachais, suas go tríú leibhéal, ag iarrthóirí maraon le taithí oiriúnach ar luathoideachas/cúram leanaí. Tá sár-chaighdeán Gaeilge, labhartha agus scríofa, ag teastáil maraon le scileanna ríomhaireachta.
Beidh an té a cheapfar freagrach as dualgais luathoideachas/cúram leanaí i nGaeltacht Chiarraí.

Beidh an post lonnaithe i nGaeltacht Chiarraí.

Seoltar iarratais mar aon le CV iomlán roimh an
Aoine, 1 Deireadh Fómhair, 2010 chuig:
An Bainisteoir
Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo.
Cuileán
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Blúiríní Gnó

Meadhbh Ní Eadhra

Óstán na Four Seasons le díol

Fógraíodh le déanaí go mbeidh Óstán na Four Seasons, ceann de mhóróstáin Bhaile Átha Cliath, á dhíol. Is óstán 5 réalta atá i gceist, agus is minic go ndéantar cur síos air mar shiombail an Tíogair Cheiltigh. Breathnaítear air mar óstán galánta agus costasach, ach mar gheall ar na cúinsí eacnamaíochta agus deacrachtaí in earnáil na n-óstán, bhí caillteanas de €2 mhilliún acu anuraidh. Costas €90 milliún a bhí ar an óstán ag an tús agus thug an Banc Angla-Éireannach €50 milliún de sin ar iasacht. Táthar ag ceapadh go ndíolfar an t-óstán ar phraghas i bhfad níos ísle ná sin.

Díol mhór ar charranna Nissan sa tSín

Tá an déantóir carr Seapánach, Nissan, ag méadú a gcuid spriocanna táirgeachta sa tSín. Beidh an mhonarcha nua in Zhengzhou ag táirgeadh dhá SUVanna, an X-Trail san áireamh. Deir an comhlacht go mbeidh an táirgeacht sa tSín ag méadú ó 670,000 aonad sa bhliain go 1.2 milliún aonad in 2012. Roimhe seo, bhí spriocanna táirgeachta d'aon mhilliún aonad acu do 2012. Tá Nissan chun tosaigh ar Toyota anois mar an déantóir carr Seapánach is mó díol sa tSín, agus tá siad ag forbairt a gcuid áiseanna sa tír faoi láthair. Tá siad ag iarraidh go mbeidh 10% de chion acu sa tSín, áit a bhfuil an margadh carr is mó ar domhan. Cheana féin, tá os cionn 660,000 carr díolta acu sa tSín in 2010.

£2 bhilliún le gearradh ó bhuiséad an Tuaiscirt

DEIR an tAire Airgeadais ó thuaidh, Sammy Wilson, go bhfuil siad ag súil go ngearrfar £2 bhilliún ó bhuiséad an Tuaiscirt sna ceithre bliana atá le teacht. Tá ciorruithe ollmhóra i ndán do chuid de na ranna, agus d'fhéadfadh siad a bheith andíomhálach don eacnamaíocht. Tá níos mó ná 10% den bhuiséad reatha, a thugann maoiniú do chláir rialtais, le gearradh. Gearrfar an buiséad caipitiúil, a mhaoiníonn bóithre agus foirgnimh, le 30%, nó £500 milliún.

Beidh gach rud níos soiléire ar an 20 Deireadh Fómhair, nuair a fhógróidh an seansailéir athbhreithniú caiteachais na Breataine. Ar an lá céanna, fógrófar méid na mblocdheontas a bheidh á bhfáil ag Tuaisceart na hÉireann.

Ardú ar an éileamh ar Óstáin Orlando

THÁINIG feabhas ar chúrsaí gnó do na hóstáin in Orlando, sna Stáit Aontaithe, an samhradh seo, i gcomparáid leis an mbliain seo caite. I mí Lúnasa, d'éirigh leis na hóstáin beagnach 60% dá gcuid seomraí a líonadh. Feabhas de 4.3% a bhí ansin ó anuraidh, dar le Taighde Smith Travel, a dhéanann monatóireacht ar mhargaí fáilteachais trasna na tíre.

Chomh maith leis sin, d'ardaigh lucht na n-óstán a gcuid praghsanna le 6.4% i gcomparáid le 2009, léiriú go raibh éileamh ar na seomraí. Bhí ardú ar na rátaí agus ar an éileamh i mí an Mheithimh agus i mí Iúil freisin. I mí Lúnasa, tharla an-chuid den bhorradh i gceantar International Drive, tuilleadh fianaise gur chuidigh sé go mór leis na hóstáin nuair a d'oscail an Wizarding World of Harry Potter in ionad siamsaíochta Universal Studios an samhradh seo. An t-aon fhomhargadh nár tháinig feabhas air san iomlán ná iarthar Kissimmee, atá suite siar ó Disney World. Tá go leor deacrachtaí ag Disney World le cúpla mí anuas mar gheall ar rátaí ag ísliú agus éileamh ag ísliú freisin.

Gaeilge chun cinn ag siopa "Tigh Bhreathnaigh"

Caroline Ní Chualáin

OSCLÓIDH Gearóid Breathnach, agus a bhean chéile Antoinette, a siopa faoin saincheadúnas Centra go hoifigiúil inniu ag a 12.30 in, i gCasla, Conamara. Beidh Seán Bán Breathnach ag oscailt an tsiopa nua go hoifigiúil agus beidh Raidió na Gaeltachta ag craoladh beo ón ócáid ag 2.00.

Cuirfear béim mhór ar an nGaeilge sa siopa mar gheall gurb í an Ghaeilge a bhíonn á labhairt ag 90% de chustaiméirí Thigh Bhreathnaigh, dar le Gearóid Breathnach (Máirtín Bán).

Nuair a d'aistrigh siad go Centra d'fhiafraigh siad díobh an mbeidís in ann na comharthaí atá sa siopa a aistriú go Gaeilge. Mhothaigh siad mar gheall go bhfuil siad sa Ghaeltacht go mbeadh sé tábhachtach comharthaí a bheith acu i nGaeilge.

Chomh maith leis sin, tá na comharthaí ar a gcuid veaineanna seachadta le feiceáil as Gaeilge.

Cuireann 26 fostaí an tsiopa go léir béim ar labhairt na Gaeilge le custaiméirí.

Tá Tigh Mháirtín Bán ar an bhfód le 60 bliain. D'oscail athair Ghearóid, Máirtín Breathnach, doirse an tsiopa den chéad uair sa bhliain 1950. Thosaigh a athair amach ag déanamh deisiúcháin ar rothair agus cairr.

Is mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta a thuig Gearóid agus Antoinette an tábhacht a bhí le luach a gcuid airgid a thabhairt dá gcustaiméirí. Bheartaigh siad aistriú chuig an saincheadúnas Centra mar gheall go dtugann an saincheadúnas deis dóibh earraí a dhíol níos saoire dá gcustaiméirí agus bíonn tairiscintí speisialta acu go seachtainiúil.

Tá Tigh Mháirtín Bán ar an bhfód le 60 bliain. D'oscail athair Ghearóid, Máirtín Breathnach, doirse an tsiopa den chéad uair sa bhliain 1950. Thosaigh a athair amach ag déanamh deisiúcháin ar rothair agus cairr.

Thosaigh Gearóid ag obair dá athair sa bhliain 1982 agus tháinig a bhean chéile Antoinette ag obair leis sa bhliain 1990.

Siopa Tigh Bhreathnaigh, Casla, Conamara.

Comharthaíocht Ghaeilge Tigh Bhreathnaigh.

Comortás



Deis casadh ar na Dubliners agus dhá thicéad a bhuachan don 'Gallery & VIP Area' sa Radisson Blu mar dhuais don cheolchoirm . Chomh maith leis sin, beidh 'goodie bag' le fáil ag na buaiteoirí le meascán d' ábhair Dubliners sínithe istigh ann: cd, dvd & leabhar....

Freagraigh an cheist seo: Cén bhlian a d'oscail an Taibhdhearc:

A 1928 B: 1929 C: 1930

Ainm .....

Seoladh .....

.....

.....

Uimhir Fóin .....

Sproicdháta don Chomortas
8 Deireadh Fomhair
Comórtas na Taibhdhearca, Gaelscéal, An Chnuasóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

7 COMHSHAOL

Rúid as an nua ar acmhainní na hAfraice

Tá na tionscadail dhomhanda a dhéanann truailliú mór ar fud na cruinne ag tabhairt rúide isteach san Afraic le seilbh a ghlacadh ar acmhainní na 'hIlchríche Dorcha' - díreach mar a rinne na hEorpaigh sa 19ú haois. Ach cén acmhainn a theastaíonn ón 'mzungu' an iarraidh seo? Tá, an carbón.

Bean sa Tansáin ag marcáil áit san fhoraois chun nach ndéanfar dífhoraoisiú air.

Pól Mac Cana

TÁ an coincheap faoi chreidmheas ar charbón bunaithe ar an phrionsabal 'íoctar mar a thruaillítear' (*the polluter pays*). Carbón i bhfoirm gáis, dé-ocsaíd charbóin (CO2), an gás ceaptha teasa (*greenhouse gas*), atá i gceist anseo.

Faoi láthair, tá dhá bhealach ann leis an fhadhb a bhaineann le dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar a fhuascailt. An chéad cheann ná níos lú den ghás a astú (.i. a chur amach) sna próisis thionsclaíochta. An dara féidearthacht, CO2 a leithlisiú (*sequester*) ar bhealach éigin, .i. é a cheapadh, a bhaint ón atmaisféar agus a chur i dtaisce. De réir tuarascála de chuid na Náisiún Aontaithe (NA), *Clean Development Mechanism*, is féidir le dreamanna a chuireann amach barraíocht carbóin creidmheas carbóin a cheannach ó dhreamanna nach gcuireann amach ach an beagán. Agus de réir na NA, is féidir daoine eile i dtíortha eile a íoc lena leithlisiú.

Go cinnte, is é an dara bealach a bhíonn mar rogha ag roinnt mhaith comhlachtaí móra. Agus ar ndóigh, is iad na tíortha tearcfhorbartha, na tíortha nach gcuireann amach ach beagán carbóin, a dhéanann an carbón a leithlisiú ar a son. Is é seo fáth na rúide nua isteach san Afraic - frithháireamh carbóin (*carbon offsetting*) ag na comhlachtaí móra.

Sa Tansáin, creideann an rialtas go bhfuil buntáiste acu sa mhargadh nua domhanda seo. Ní chruthaítear ach 1.2 tonna carbóin an duine gach bliain ansin. Cuirtear sin i gcomparáid le 10.7 tonna a chruthaíonn duine sa Ríocht Aontaithe, nó 23.5 tonna a chruthaíonn duine i SAM. Ar an ábhar seo, síleann an Tansáin go bhfuil barrachas acu i dtaca le carbón, agus gur acmhainn airgeadais é seo ar féidir é a dhíol.

Tá meicníocht shuntasach sa chóras leithlisithe carbóin, mar atá, '*Reducing Emissions from Deforestation and Degradation*' (REDD). I bhfocal eile, dul i ngleic leis an scrios a dhéantar ar fhoraoisí, rud is cúis le 17% de na hastuithe CO2 a dhéantar gach bliain. Creidtear go bhfuil luach $500M in aghaidh na bliana le baint as foraoisí na Tansáine tríd an mheicníocht seo. Ach is ar thailte na bpobal bocht atá na foraoisí - agus na foraoisí sin in úsáid ag na bpobail sin cheana. Tá cúiseanna imní ann dá réir sin. Cá leis an t-airgead a shaothrófar ar na foraoisí? Leis na pobail féin, nó leis an rialtas? Táthar buartha go gcruinneoidh an rialtas an t-airgead dó féin, gan ach conamar airgid a thabhairt do na pobail ar leo an talamh agus a shaothraíonn é.

In ainneoin dlíthe a bheith i bhfeidhm sa Tansáin lena chinntiú go mbaintear buntáiste as acmhainní nádúrtha na tíre go náisiúnta, go réigiúnach agus go logánta, creidtear nach ndearnadh a leithéid riamh go cothrom, agus go mbíonn na daoine áitiúla níos measa as i gcónaí. Is í an taithí seo a chothaíonn an bhuairt.

Bíonn pobail bhochta na Tansáine ag brath ar an talamh a bheidh de dhíth leis an charbón a leithlisiú. Faoi chóras REDD, tá coinníollacha áirithe ann maidir le bainistíocht na bhforaoisí, rud a chiallaíonn go gcaillfear deiseanna ó thaobh úsáid an talaimh de. Mar shampla, ní bheadh cead ann crainn a leagan le díol, nó clampaí a ghlanadh ar mhaithe le húsáidí eile talmhaíochta. Is rud maith ann féin é caomhnú na bhforaoisí. Ach muna dtugtar deis do na daoine is boichte teacht i dtír ar a dtailte féin, agus gan na buntáistí a roinnt orthu go cothrom, tá fabht ann. Mura bhfuiltear cothrom, d'fhéadfadh cás na ndaoine agus na tíre trí chéile dul in olcas. Má dhíolann an rialtas na foraoisí le comhlachtaí móra, agus muna mbíonn cumhacht ag na pobail níos mó lena gcuid tailte féin a stiúradh, tá an chontúirt ann go gcaillfidh siad seilbh ar na foraoisí. Is amhlaidh a tharla in abhantrach an Chongó. Tháinig dreamanna eachtrannacha isteach in áiteanna le lománaíocht (*logging*) a dhéanamh ar fhoraoisí na bpobal gan aon chead ó mhuintir na háite.

Tá leas le baint as seo, áfach, ach tabhairt faoi mar is ceart. Mar a dúirt feirmeoir Tansánach amháin: *"We people own this land, we own the trees, they are a tangible thing. This is easy for us in terms of conservation . . . From our experience with wildlife we understand the concept of communal management, and we see, trees bring communities benefits! . . . and if we can be paid to keep them standing rather than chopping them down, that's a good thing."*

Cibé drochréasúnaíocht atá taobh thiar de mhargadh an chreidmheasa ar charbón san Iarthar, is deis iontach é seo don Afraic, ach an chumhacht agus an brabús ó na díolacháin a dháileadh go cothrom ar na daoine is boichte ar leo an talamh.

Cad iad na gaschealla?

Agus cén fáth a bhfuil oiread spéise fúthu?

Conn Ó Muineacháin



Táimid go léir déanta as cealla. Gach duine agus ainmhí, agus fiú gach planda. Is brící tógála na beatha iad. Go deimhin thosaíomar amach mar chill amháin: an síogót, ubh na máthar, toirchithe le speirm an athar.

Roinneann an chill sin arís agus arís eile, agus fásann an t-orgánach. Ach ní mar a chéile iad na cealla go léir in ainmhí nó i bplanda ilchealllach. Tá cealla fola éagsúil go maith ó chealla súl.

Go deimhin ní mar a chéile iad na cealla go léir sa tsúil ach an oiread, mar shampla na cealla sa choirne agus sa reitine. Tá gach cill sa chorp curtha in oiriúint go speisialta don jab atá aige.

Istigh i lár gach cille tá an DNA, na géinte. Tá an DNA díreach mar an gcéanna i ngach aon chill sa chorp, gach aon chnuasach DNA ina chóip dhílis den DNA a bhí sa chéad chill, an síogót, a cruthaíodh nuair a nascadh crómasóim na dtuismitheoirí le chéile ag an dtoirchiú.

Rialaíonn an DNA an bhithcheimic, déantús na bpróitéiní a chuireann na tréithe dúchais in iúl: dath gruaige agus súl, neart agus sláinte, pearsantacht agus dealramh.

Ach ní nochtar gach tréith i ngach cill. Tá cóip iomlán den DNA i ngach aon chill; mar sin, tá "fios" ag cealla na glúine cén dath súl atá ag an nduine, ach ní léirítear an tréith sin sa ghlúin.

Tá an "fios" céanna ag cealla na súile conas cnámha agus loingeán (cartilage) a dhéanamh d'alt na glúine, ach ní hé a gcúram é.

Dá gcuirfeá cill súile isteach sa ghlúin, ní dhéanfadh sé rud ar bith. Tá speisialtóireacht déanta ag an gcill súile, agus ní mhúinfear cleasa nua di, ach oiread le sean-ghadhar.

Ach tá cealla ar leith sa chorp atá in ann foghlaim. Níl a dtréithe socraithe fós. Gaschealla a thugtar orthu seo. Tá ról an-tábhachtach ag na gaschealla. Má fhaigheann tú créacht mar shampla, cuidíonn na gaschealla leis an gcneasú. Tairgtear i smior na gcnámh iad agus iompraítear san fhuil iad go dtí an chréacht, áit a mbíonn ról tábhachtach acu in athghiniúint na bhfíochán.

Tá cumas athghiniúna i bhfad níos fearr ag plandaí agus fiú ag ainmhithe áirithe, cosúil leis an salamandar, ainmhí amfaibiach atá in ann cos nua a fhás!

Ní nach ionadh mar sin go bhfuil spéis mhór ag eolaithe, ag institiúidí agus ag comhlachtaí sa réimse ar a dtugtar Leigheas Athghiniúnach.

Is léir go bhfuil cumas ar leith ag na gaschealla, agus gur fiú staidéar a dhéanamh orthu. In Éirinn, tá an foras is mó don taighde seo in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag an Institiúid um Leigheas Athghiniúnach, nó Remedi.

Tá an Dr Kieran Ryan ina bhainisteoir clár le REMEDI. Luann sé dhá ghalar ar leith ar a bhfuil a gcuid taighde ag díriú: oisté-airtríteas, agus galar na soithí fola sna géaga.

Is galar ailt é an t-oisté-airtríteas. Ídítear an loingeán idir na cnámha, agus bíonn pian ar an nduine dá bharr. Tá trialacha ar bun ag eolaithe REMEDI, féachaint an féidir athghiniúint an loingeáin a spreagadh le cabhair na ngascheall.

Tógtar na gaschealla ó smior chnámh an duine féin agus ligtear dóibh saothrú agus atáirgeadh sa tsaotharlann. Ansin cuirtear isteach san alt tinn iad le hinstealladh. Deir an Dr Ryan go bhfuil siad sásta leis an dtaighde go dtí seo agus tá súil acu go mbeidh siad in ann trialacha a reáchtáil go luath i gcomhpháirt le hOispidéal na hOllscoile i nGaillimh.

Rud atá suntasach faoi chóir leighis den tsaghas seo ná gurb iad seo cealla an choirp féin. Níl aon athrú déanta orthu ach amháin go bhfuair siad lámh chúnta sa tsaotharlann, chun líon na gceall a mhéadú.

Tá bealaí eile ann chun úsáid a bhaint as gaschealla, mar shampla i gcomhar leis an ngéinteiripe.

Sa chás seo athraítear an DNA féin, chun máchail nó locht éigin a cheartú. Ansin cuirtear na gaschealla leasaithe seo ar ais i gcolainn an duine, ag súil go dtosóidh siadsan, agus na cealla a shíolróidh uathu, ag feidhmiú mar ba chóir.

Cuireadh an-chuid spéise i dtorthaí trialacha a rinneadh ag tús an chéid seo le buachaillí óga nach raibh frithsheasmhacht acu in aghaidh aon ghalar, toisc nach raibh siad in ann T-chealla a dhéanamh de bharr easnaimh ina gcuid DNA.

Leigheasadh an naonúr buachaill ach fuair ceathrar acu leukaemia, agus cailleadh duine amháin. 11 bliain in ndiaidh na dtrialacha, tá ochtar fós beo agus folláin.

Deir an dochtúir Ryan nach ndéanann REMEDI aon trialacha daonna le gaschealla géinathraithe. Ní úsáideann siad gaschealla suthacha (embryonic) ach an oiread.

Tá an-chuid daoine a d'fhéadfadh faoiseamh a fháil ó chóir leighis bunaithe ar ghaschealla.

Mar shampla tá 400,000 duine anseo in Éirinn atá ag fulaingt leis an oisté-airtríteas. Ach tá go leor taighde fós le déanamh. Go háirithe, molann na saineolaithe do dhaoine a bheith cúramach má tá siad ag roghnú cóir leighis gaschealla thar lear. Deir an Dr Stephen O'Sullivan ón Irish Stem Cell Foundation go bhfuil comhlachtaí áirithe thar lear ag cur "cóir leighis" ar fáil gan an rialú ná an cruthúnas cuí.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó irishstemcellfoundation.org, agus cloisfear agallamh leis an Dr Kieran Ryan ó Remedi amárach ar an gclár raidió.

"Ar Strae sa tSaotharlann", clár na heolaíochta agus na timpeallachta ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, Dé Sathairn, 10:30rn.

Gluais

gaschealla : stem cells
oisté-airtríteas : ostio-arthritis
leigheas athghiniúnach: regenerative medicine

Tuilleadh feirmeacha gaoithe i dTír Chonaill

Anton Mac Cába

TÁ cead pleanála tugtha ag Comhairle Chontae Dhún na nGall faoi choinne feirm ghaoithe eile sa Ghaeltacht. Tá sí seo sa bhreis ar an 29 feirm ghaoithe atá sa chontae cheana féin, an líon is mó i gcontae ar bith.

Beidh an ceann seo lonnaithe soir ó na Gleannta, ar imeall na gCruach Gorm. Is i mbailte fearainn Ghrafaidh, Mín an Ghriobaigh agus i gcodanna d'ocht mbaile fearainn eile a bheidh sí. Beidh 35 tuirbín ann, iad 125 méadar in airde ón talamh go barr na lann. Clúdóidh an fheirm ghaoithe 61.6 heicteár (151.2 acra) san iomlán.

Ba é PJ Molloy ón Dubhais a chuir isteach an t-iarratas pleanála. Tá seisean ina stiúrthóir ar chúig chomhlacht a bhaineann le forbairt pobail i nDún na nGall. San iarratas, deir sé go bhfuil sé ag feidhmiú thar ceann scór úinéir talún.

Thug sé 'fiontar pobail' ar an fheirm ghaoithe.

Tá Coiste Timpeallachta Ghaoth Barra go láidir in éadan an fhiontair. Bhí thart ar 200 duine ar chruinniú i scoil Éadan Anfa, a dtromlach in éadan na feirme.

Chuir An Taisce, Coiste Timpeallachta Ghaoth Barra, Bord Iascaigh Réigiún an Tuaiscirt agus 48 duine aonair aighneachtaí chuig an Chomhairle Contae.

8 BEATHA

Taisteal

Turas go Hallaig

Diarmuid Johnson

I dir An tOileán Sciathánach agus mórthír na hAlban atá Oileán Ratharsair (*Rassay*), ainm Lochlannach: 'oileán na gcapall'. Oileán caol fada atá ann, an ceann theas faoi choillte glasa, agus an ceann thuaidh ina leacracha garbha. Is ar Ratharsar atá seanbhaile Hallaig, an áit arbh as sinsear Shomhairle Mhic Ghill-Eain (1911-1996). Thug mé cuairt inné ar Ratharsar, agus ar Hallaig féin, baile ar scríobh Somhairle Mac Gill-Eain ceann dá chuid dánta móra mar gheall air.

Turas báid leathuaire atá ann ón Oileán Sciathánach anonn. Is seanchara le Somhairle a bhí i mbun tiomána dúinn ar an eachtra. “Beidh orainn an carr a fhágáil tuairim 's trí mhíle ó Hallaig,” arsa Maoilios Caimbeul. “Níl ag dul isteach ann ach bóithrín sléibhe.” Is gearr go raibh muid ar an mbóithrín céanna. Siar ó dheas bhí sléibhte Chuillinn ina gcodladh go hársa. Soir ó dheas bhí sléibhte móra na hAlban ag dréim le spéir droim le chéile.

Lean muid an cosán soir le haill ar feadh uair a' chloig. San áit a raibh cor sa sliabh, tháinig muid chomh fada le leacht cuimhneacháin a raibh sliocht as an dán 'Hallaig' scríofa air. Léigh Maoilios an téacs os ard. Tamall siúil uainn, bhí móinéar le feiceáil, móinéar Hallaig, agus eas á theilgean féin i bhfarraige. Ar aghaidh linn arís. Idir an leacht agus an móinéar, bhí gleanntán ciúin agus sruthán ann. Bhí tuile sa sruthán agus b'éigean dúinn an t-áth a lorg. D'aimsigh muid seanchrann a bhí ina luí idir an dá bhruach, agus rinne muid droichead den chrann. Is gearr go raibh muid thall.

Is baile iargúlta é Hallaig. Go deimhin ní baile é ach clochán: a sé nó a seacht de thithe i mbéal a chéile ar bharr aille, craig ollmhór tamall ar a gcúl, agus coill mionchrann agus saileach i ngleanntán foscúil gar don bhaile. Ag bun na haille tá trá ghainimh agus áit le bád a tharraingt i dtír. Ach is crochta an cosán scailpe atá ag dul síos chuig an gcladach, agus is cinnte go mbíodh turas anróiteach ann nuair a bhíodh ualach le tarraingt ag na daoine chuig na tithe. Tá radharc ón mbaile ar chuan fairsing, maorga, na haillte ag éirí aníos ón bhfarraige chomh díreach le slat.

Shín muid fúinn ar an bhféar nuair a tháinig muid go ceann scríbe. D'oscail mé an leabhar *Reothairt 's Contràigh*. Bhí taibhsí na seanaimsire ina steillebheatha i mo thimpeall: “Na fir ina luí ar an léana ag ceann gach tí dá raibh ann, na mná óga ina gcrainn beithe, díreach an droim, crom an ceann,” arsa an dán. “Tá siad ann fós, Clann Ghill-Eain 's Clann MhicLeoid, gach éinne a bhí ann le linn Mhic Ghille Chaluim, facthas ann na mairbh beo.”

“Tá boird 's tairní ar an bhfuinneog” arsa líne eile fós. Is amhlaidh atá. Go deimhin, is fothracha gan díon gan doras atá sna tithe anois. Baineann scéal na háite leis an díbirt a rinne na tiarnaí talún ar a gcuid tionóntaí sa 19ú aois. Rainey an sloinne a bhí ar an tiarna talún a dhíbir na daoine as Hallaig. Bhí 14 baile fearainn sna tailte a cheannaigh sé i 1824. Dhíbir sé na daoine astu ar fad. Chuir cuid acu fúthu i dtuaisceart an oileáin ar an leic, agus thug tuilleadh acu an iasacht orthu féin.

Bhí cuid mhaith den lá caite faoin am seo. In iarthar an oileáin, bhí na daoine ag cruinniú arís ar an gcé. In oirthear an oileán, bhí tost i réim. D'imigh muid. Ar an mbealach ar ais, chuaigh muid thar an sruthán glórach arís. Chrom mé san áit a bhfaca mé lorg fia sa láib. “Tá fia an ama sa choill i Hallaig,” arsa Somhairle. B'fhíor dó.

Somhairle MacGill-Eain



Is féidir níos mó a fhoghlaim faoi Shomhairle MacGill-Eain (1911-1996) agus an dán Hallaig a léamh ar an suíomh ‘Somhairle MacGill-Eain Air-Loidhne’, ag sorleymaclean.org.

NUACHT Litríochta

Le Meadhbh Ní Eadhra

'From Cleits to Castles – A St Kildan Looks Back'

Anton Mac Cába

Tá leabhar a scríobh oileánach faoin saol ar an oileán ab iargúlta den saol Ceilteach, Hiort (*St Kilda*) na hAlban, i ndiaidh a fhoilsiú. Is é an leabhar ná '*From Cleits to Castles – A St Kildan Looks Back*' le Calum Mac Donald. Tá an leabhar ar cheann den bheagán cuntas atá againn de bhunadh Hiort, oileán 40 míle siar ó Inse Ghall. D'fhág Calum MacDonald Hiort in 1928, agus é 16. B'shin dhá bhliain sular tréigeadh an t-oileán.

Tá cónaí ar mhac Calum MacDonald, John MacDonald, i gCionn tSáile, Corcaigh, agus labhair sé le Gaelscéal faoin saothar.

Thosaigh meath Hiort leis an Chéad Chogadh Mór. Bhí buíon ón Chabhlach Ríoga ann. "Bhí siad ag insint do na daoine cé chomh maith agus a bhí an saol ar thír mhór," arsa John MacDonald.

"Thosaigh daoine óga ag imeacht. Gan méid áirithe daoine, níorbh fhéidir na croiteanna a oibriú mar ba cheart, nó seilg a dhéanamh ar éin ar na beannta."

Dar le John MacDonald go raibh cosúlachtaí agus difríochtaí ann leis an Bhlascaod. "Bhí gaol idir na teaghlaigh uilig," ar seisean. "Bhí sé níos faide amach ná an Blascaod, ceathracha míle ó na Hearadh."

Dála an Bhlascaoid, Gaeilge ar fad a bhí ar Hiort. "Ní raibh Béarla ag m'athair go dtí go raibh sé deich mbliana d'aois," arsa John MacDonald. "Ba bheag duine a bhí ábalta Béarla a labhairt. Má bhí siad ag caint (Gaeilge) le duine ó Leòdhas nó na Hearadh, thuig siad a chéile. Bhí an blas difriúil. Bhí roinnt abairtí agus focail a bhí difriúil."

Thug Calum MacDonald le fios dá mhac nach raibh de rogha ag na hoileánaigh ach imeacht, dála an Bhlascaoid. "Ba chuma leis an rialtas," arsa John MacDonald. "Níor chuir siad airgead isteach. Dá mbeadh duine tinn, ní raibh dochtúir, ní raibh ann ach banaltra."

Ba dhrochgheimhreadh in 1929-30 an buille báis. Bhí bia gann. "Shuigh an bhanaltra leis na seanóirí, shocraigh siad nach dtiocfadh leo fanacht," arsa John MacDonald. "Thosaigh siad achainí le go n-aistreofaí amach ón oileán iad."

D'inis Calum MacDonald scéalta dá mhac faoin gcruatan ar Hiort. In 1863, d'fhág seanmháthair Calum MacDonald, Betsy Scott, Hiort le dul chun na Hearadh. Bhí ochtar fear sa bhád rámhaíochta. Ní bhfuarthas riamh tasc ná tuairisc ar an naonúr. Bhí an pobal beo ar na héin a fuair siad ar na beannta, agus na caoraigh ar an talamh. Bhí an fharraige chomh garbh nach ndearnadh mórán iascaireachta. Sa gheimhreadh, dhéanadh na fir bréidín a fhí. Ba idir bhréidín, chleití agus ola na n-éan a dhíol an cíos don tiarna talún.

Scríobh Calum MacDonald, '*From Cleits to Castles*' sna lár-70idí. Bhí sé tar éis a shaol a chaitheamh fá Londain. Bhí lagar spride air nuair a chuaigh sé ar pinsean. Dúirt a iníon leis: "Cad chuige nach scríobhann tú faoi do shaol? Tá sé leithleach go maith. Nuair a bheidh tú marbh, tig linn é a thabhairt don chéad ghlúin eile." Bhí Calum MacDonald 30 bliain marbh nuair a fuair an teaghlach foilsitheoir, *The Islands Trust*.



Thuas, an baile beag ar Hiort. Ar chlé, fir Hiort i mbun díospóireachta ar ghnó an oileáin.

Ceardlann Scríbhneoireachta le Gréagóir Ó Dúill

BEIDH Ceardlann Scríbhneoireachta le Gréagóir Ó Dúill á heagrú ag Éigse Cholm Cille san Fhómhar. Ní hamháin gur file ardcháile é Ó Dúill a bhfuil naoi gcnuasach filíochta curtha i gcló aige, is fairsing a chuid taithí ar ábhar scríbhneoirí a oiliúint.

Beidh an cheardlann ar siúl i gColáiste Mhig Aoidh, Ollscoil Uladh i nDoire, 10rn - 5.30in ar 9 Deireadh Fómhair agus costas £20 air. Beidh an cheardlann dírithe ar dhaoine a bhfuil tús éigin déanta acu ar scríobh cruthaitheach na Gaeilge agus dúil acu níos mó a bhaint amach. Féachfaidh an Dúilleach le cuidiú praiticiúil a thabhairt do na rannpháirtithe, go háirithe i ngné thábhachtach an athdhréachtaithe. Tá fáilte roimh scríbhneoirí a bhíonn ag scríobh i seánraí éagsúla litríochta, bíodh filíocht, gearrscéalaíocht, úrscéalaíocht, cuimhní cinn, stair áitiúil nó eile i gceist. Beidh eagarthóir An tUltach, Gráinne Ní Ghilín i láthair le heolas a thabhairt ar dheiseanna foilsithe. **Caithfidh scríbhneoirí clárú roimh ré trí theagmháil a dhéanamh le Gráinne Ní Ghilín (grainne_work@yahoo.ie). Iarrtar orthu sampla dá gcuid saothair a chur ar fáil faoi 4 Deireadh Fómhair (mar shampla, 3 dhán, gearrscéal, sliocht as úrscéal srl).**

Ócáid bhronnta do scríbhneoirí na Gaeilge

Meadhbh Ní Eadhra

FÓGRÓFAR buaiteoirí Chomórtais Liteartha an Oireachtais i mBaile Átha Cliath Dé Máirt seo chugainn. Beidh Ócáid Bhronnta na nDuaiseanna ar siúl san Ionad Comhdhála i bPáirc an Chrócaigh, agus tosóidh sé ag 5.30in. Chomh maith le buaiteoirí na gcomórtas liteartha, beidh buaiteoirí Leabhar na Bliana do Dhaoine Fásta agus Leabhar na Bliana do Dhaoine Óga á bhfógairt freisin. Is í seo an chéad uair a mbeidh an dá rud ag tarlú mar chuid den ócáid chéanna agus táthar ag súil go mbeidh neart daoine i láthair chun ceiliúradh a dhéanamh ar scríbhneoireacht na Gaeilge in aon áit amháin. Beidh grianghraif agus tuairisc ón oíche le feiceáil in eagrán na seachtaine seo chugainn de *Gaelscéal*.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair, 2010

TEILIFÍS agus RAIDIÓ

Dúnmharú, Gnéas, agus Cúlchaint sa tsraith nua de Ros na Rún

TREASA BHREATHNACH

Cuireadh tús spleodrach le sraith nua de chuid Ros na Rún an tseachtain seo le dúnmharú agus le féinmharú agus tá deireadh tagtha le carachtair Daniel agus Dhonncha. Níl anseo ach an tús mar go mbeidh an tsraith seo de Ros na Rún linn ar feadh an gheimhridh uile a fhad agus atá na hoícheanta dorcha ann agus muid ag feitheamh leis an samhradh.

Leis an méid sin charachtar ag fáil bháis, níl le déanamh ach dochtúir nua a thabhairt isteach go Ros na Rún. Beidh carachtar nua an Dr Cathal Doherty linn sa tsraith seo agus is cinnte go mbeidh éifeacht anmhór aige ar mhná an bhaile bhig. Mar dhochtúir tá sé i mbarr a réime ach go pearsanta tá rudaí níos casta dó an séasúr seo agus feicfidh muid go mbeidh triantán grá idir é féin agus Tina agus Dara. Beidh an bhaintreach Ruth linn an séasúr seo chomh maith agus í go maith in ann an fód a sheasamh sna margaí a n-oibríonn sí iontu. Is cniotálaí í agus díolann sí a táirgí ach níl fadhb ar bith aici cúpla Euro a chur le praghas a táirge nuair a fheiceann sí na Yanks ag teacht.

Beidh muid ag súil le neart scéalta suimiúla ón aos óg ar an sráidbhaile an séasúr seo chomh maith le teacht iníon John Joe, Katy. Tá Katy 16 agus cé go bhfuil sí cliste agus dathúil tá sí glic agus níl uaithi ach a bheith ag cruthú conspóide. Bíonn ar Katy bogadh go Ros na Rún tar éis di líomhaintí bréagacha a dhéanamh in aghaidh pháirtí a máthar, Ferdia, do mhí-úsáid fhisiciúil. Is iad joyriding, ól, ag caitheamh raithneach agus buachaillí na caitheamh aimsirí is fearr léi. Agus muid ag caint ar bhuachaillí, beidh beagán *eye-candy* ann do dhaltaí idirbhliana leis an gcarachtar nua Aodán atá 17 bliain d'aois. Is leaid lán muiníne é Aodán nach mbeidh aon fhadhb aige leis na cailíní. B'fhiú go mór a bheith ag coinneáil súile amach do scéal suimiúil idir Aodán agus Lee le linn na sraithe seo. Ní hamháin go mbeidh carachtar nua againn an séasúr seo ach beidh na carachtair uile ar ais ar chuir muid aithne orthu anuraidh.

Tá os cionn 170 duine fostaithe i Ros na Rún, idir aisteoirí, stiúrthóirí agus scríbhneoirí. Tá seisear scríbhneoir fostaithe go lánaimseartha acu le timpeall is cúigear eile fostaithe ar bhonn pháirtaimseartha. Cé nach bhfuil an tsraith úr ach díreach tosaithe ar an scáileán, beidh an rannóg scripte ag plé scripteanna don tsraith seo chugainn an tseachtain seo chugainn. Oibríonn siad timpeall is bliain chun tosaigh orthu féin, tósaíonn an proiséas scripte go hiondúil i Mí Mheán Fómhair. Deir Anne McCabe, duine den deichniúr stiúrthóir ar an tsraith, "Bíonn mise ag stiúradh trí huaire in aghaidh na bliana agus déanaim stiúradh ar 9 gcinn den 72 clár sa tsraith." Le gach uile thimthriall de chúig seachtainí i Ros na Rún bíonn coicís ullmhúcháin i gceist, coicís de thaifeadadh agus seachtain amháin eagarthóireachta don stiúrthóir. "I lá amháin bíonn suas le 15 radharc á dtaifeadadh againn, beagnach leath de chlár amháin. Ach braitheann sé i ndáiríre ar an radharc a bhfuil tú ag obair air, mar shampla an tseachtain seo chugainn tá radharc mór againn i dTigh Thaidhg le suas le dhá aisteoir déag i gceist.

Bíonn brú ollmhór orainn i seit Thigh Thaidhg mar go mbíonn sé iontach busy mar gheall ar an méid sin daoine i gceist." Is stiúrthóir í Anne McCabe bhfuil riar mór taithí aici óna bheith ag stiúradh Fair City , Glenroe agus scannáin fhada chomh maith agus bhí sí mar choimisinéir in TG4 nuair a coimisiúnaíodh Ros na Rún an chéad lá riamh. Is scríbhneoir í Anne chomh maith a scríobh an dráma 'Jack Taylor' a bhí le feiceáil ar TV3 le déanaí. Síleann Anne gurb é an rud is difriúla le bheith ag stiúradh sobaldhrama ná, mar shampla, i Ros na Rún tá Stiúideo A agus B i gceist, áit a mbíonn taifeadadh ar bun sa dá stiúideo ag an am céanna. Deir Anne, "Uaireanta bíonn sé greannmhar má bhíonn an dá criú amuigh ar an tsráid go gcaithfidh muid a bheith ciúin nuair atá criú A ag taifeadadh nó má tá siadsan ag fanacht ar aisteoir atá ag obair linne. Tá an-chomhoibriú idir na stiúrthóirí agus cé go mbíonn muid ag obair go dian bíonn an-chraic againn chomh maith. Bíonn brú ama i gceist le gach sobaldhráma ach i Ros na Rún táim ag obair le daoine iontacha atá réchúiseach agus suaimhneach agus a dhéanann mo lá oibre cosúil le caitheamh aimsire."

Thuas ar chlé: Stiúideó A,
Thuas Ar Dheis: Stiúideó B i mbun taifead
Bun, ar dheis: Stiúrthóir Anne McCabe

Féach ar:

BBC Alba: 'Cladaigh Chonamara'. Má chaill sibh Cladaigh Chonamara nuair a bhí sé á thaispeáint ar TG4, seo do sheans súil a chaitheamh air anois. Beidh Donncha agus Cillín ag seoladh timpeall chósta Chonamara ina mbád 'Maggie' . Dé Domhnaigh @ 8.30in

BBC 2: 'Telly Scéalta' sraith do dhaoine óga é seo. Leagan Gaeilge den tsraith theilifíse 'Tellytales' a dhéanann finnscéalta ó thíortha ar fud an domhain a chur i láthair ar dhóigh spreagúil agus spraíúil. Tá idir scéalta clúiteacha ar nós 'Cinnín Óir agus na Trí Bhéar' agus scéalta nach bhfuil chomh haitheanta sa tsraith. Luan - Aoine 11rn go 11.10rn

TG4: 'Nuacht TG4' Tá seit agus dealramh nua ar Nuacht TG4. Craolfar clár gairid nuachta ag 1.55in gach lá Luan-Aoine. Beidh Cathal Mac Coille ar Nuacht TG4 agus é ag cur pearsa mór nuachta faoi agallamh gach Aoine in **Agallamh na Seachtaine**. Cuirfidh Loretta Ní Ghabháin dialann imeachtaí agus ócáidí i láthair in **Ar Siúl**. Cuirfidh lucht féachana Nuacht TG4 eolas ar scéalta as Gaeltacht na hAlban in **As Albain**. Beidh mórscéal de chuid Nuacht TG4 ar An Lá, clár nuachta BBC Alba, gach seachtain. Gach oíche @ 7in

Éist le:



RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'An Caife Ceoil' Beidh an scannánóir Bob Quinn mar chomhláithreoir ar an chlár anocht mar chuid de sheachtain de sceideal speisialta 'Aois na hÓige. Dé Céadaoin @ 9in

Raidió an Life: 'Éalúchas' Beidh ceol reggae, grime, hiphop, dubstep, func agus i bhfad níos mó á chur i láthair ag DJanna Colz agus Halfdutch. Roinneann Colz agus Halfdutch cúraimí láithreoireachta eatarthu mar sin ní bhíonn a fhios agat cé a bheidh i mbun na ndeiceanna. Dé Sathairn @ 9in

RTÉ Lyric Fm: 'Jazz Alley' Is iad an dá cheolfhoireann a bheidh faoi chaibidil an mhí seo ná an banna 'West Coast' ó na 1950í agus ceolfhoireann 'New Paul Whiteman' ó na 1970í. Dé Céadaoin 7in

Johnny McEvoy, ar ais arís!

Treasa Bhreathnach

BHÍ Johnny McEvoy 21 bliain d'aois nuair a shroich a amhrán *'Mursheen Durkin'* uimhir a haon i gcairteacha na hÉireann. An mhí seo chugainn beidh sé ar ais arís le leagan nua den amhrán céanna, i dteannta Sharon Shannon.

Tá os cionn dhá scór bliain caite ag Johnny ag obair sa tionscal ceoil, é níos gnóthaí anois ná mar a bhí le blianta fada. Tá albam nua á eisiúint aige ar 22 Deireadh Fómhair, beidh clár faisnéise faoina shaol le feiceáil ar RTÉ 1 ar 29 Deireadh Fómhair, agus tá sé chun tús a chur lena chamchuairt náisiúnta ar 30 Deireadh Fómhair in Óstán na Páirce sa Spidéal i gContae na Gaillimhe.

Tá Johnny i mbun oibre le breis agus 40 bliain. Deir sé, "Ar feadh tamaill fhada ní raibh mé in ann an chothromaíocht cheart a fháil idir mo shaol gairmiúil agus mo shaol pearsanta. Go dtí timpeall cúig bliana ó shin bhí mé ar an mbóthar an t-am uilig ach thar tréimhse na Nollag 2005 shocraigh mé go dtógfainn beagán ama dom féin. Is ag an am seo ar thuig mé den chéad uair riamh cé mhéid ar chaill mé amach air, agus an méid ócáidí clainne a chaill mé síos tríd na blianta. Ní raibh fágtha agamsa ach grianghraif le féachaint siar orthu, rud nach raibh pioc mar an gcéanna le bheith i láthair ag ócáid chlainne. Ó shin i leith tá mo bhainisteoir athraithe agam agus tá mo chur chuige iomlán athraithe agus anois ní dhéanaim ach ceolchoirmeacha agus dátaí áirithe. Faoi láthair sílim go bhfuilim ag baint níos mó taitnimh as ná riamh cheana agus sílim go dtaispeánann an togra nua seo a bhfuil mé ag obair uirthi a lán de na hathruithe atá déanta agam."

Roinnt blianta ó shin d'fhógair Johnny McEvoy go poiblí go raibh sé ag fulaingt le máindúlagar (manic depression) ar feadh a shaoil. Caithfear an cheist a chur, an gcaithfidh ealaíontóir fulaingt chun bheith ina ealaíontóir? Deir Johnny, "Sílim go scríobhaim níos mó nuair atáim ag fulaingt leis an máindúlagar nó in amanna d'fhéadfainn an máindúlagar a aireachtáil ag teacht orm nuair a thosaím ag scríobh." Deir sé chomh maith, "Is rud é seo a gcaithfidh mé a bheith an-chúramach faoi mar is féidir leis na lagraigh (lows) a bheith andeacair ina dhiaidh."

Tá meascán ollmhór d'amhráin scríofa ag Johnny, mar shampla *'Michael'* bunaithe ar Michael Collins, *'Going to California'* agus *'Long before your time'*. Dar le Johnny níl aon phróiseas ar leith

aige chun amhrán a scríobh. "D'fheadfadh focal nó frása mé a chur ag scríobh, rud a tharla dom le deireanas. Bhí mé ag féachaint ar an scannán *'Jaws'* agus bhuail smaoineamh iontach mé d'amhrán. Is é 'Boston Ladies' an t-ainm atá ar an amhrán agus tháinig an smaoineamh ón bpíosa nuair a thosaíonn Robert Shaw, atá ag aisteoireacht i bpáirt Quint , ag canadh 'Farewell and adieu to you fair Spanish ladies'. Níl aon bhaint dhíreach ag an amhrán leis an scannán ach ba é an ceoilín féin a chuir ar an mbóthar sin mé agus anois beidh an t-amhrán sin le fáil ar an albam nua. Tagann an chuid is mó de mo chuid amhrán chugam go spontáineach, ach cosúil le gach rud bíonn eisceachtaí i gceist, mar shampla an t-amhrán *'Michael'* bunaithe ar shaol Michael Collins - fear, a shílim, ar dhuine é de na hÉireannaigh ba iontaí a mhair riamh."

Rugadh Johnny i mBeannchar in Uíbh Fhailí agus bhog a mhuintir go Baile Átha Cliath nuair a bhí sé 6 bliana d'aois. Is ann a thit sé i ngrá le ceol tíre tríd an stáisiún Radio Luxembourg. Nuair a bhí sé ina dhéagóir bhunaigh sé banna darb ainm *'The Ramblers Two'* lena chara Michael Crotty, ach tar éis tamaill shocraigh Johnny ar dhul amach leis féin agus is ag an am seo, in 1966, a chuir sé tús ceart lena ghairm sa tionscal ceoil. "Domsa tá an tionscal ceoil athraithe go mór ó thosaigh mé, le teacht na ré digití go háirithe," a deir Johnny. "Ceapaim gurb é a leithéid X-Factor, thar aon rud eile, atá tar éis an tionscal ceoil a athrú, agus nílim cinnte an athrú chun feabhais é. Nuair a thosaigh mise amach bhí orainn ár gceird a fhoghlaim óna bheith ag obair i bpubanna agus i gclubanna agus bhí orainn a fhoghlaim cén chaoi le déileáil leis an lucht féachana. Sa lá atá inniu ann is cosúil gur féidir leo aon duine a thógáil agus léiriúchán mór a chur ar a gcúl agus sin é - is réalta iad. Is é an fhadhb a bhaineann le clú a bhaint amach ar an dóigh shaorga seo ná nuair a bhíonn siad i gcruachás níl a fhios acu cén bealach le déileáil leis. Nílim a rá nach bhfuil aon tallann ag na daoine seo ach ní fhoghlaimíonn siad a gceird go cinnte agus d'fhéadfadh sé gurb é seo an fáth nach gcloisimis uathu tar éis cúpla bliain."

Ós rud é go bhfuil Johnny tar éis a bheith ag streachailt ar feadh 45 bliain tá rud nó dhó foghlamtha aige maidir lena cheird. "Tá roinnt ceoltóirí a bhfuilim ag coinneáil súil orthu le cúpla bliain anuas, Dáithí Rua, arb as Contae Uíbh Fháilí é ina measc. Chas mé leis sa Bheilg agus bhain mé an-taitneamh as a sheit. Duine eile gurbh fhiú súil a choinneáil uirthi ná scríbhneoir agus amhránaí ó Bhaile Átha Cliath, Michele Ann Kelly. Tá sí díreach tar éis síniú leis an lipéad ceoil céanna agus ar shínigh mise leis agus sílim gur fiú súil a choinneáil amach di sa todhchaí."

Cuirfear tús le camchuairt náisiúnta Johnny McEvoy in Óstán na Páirce sa Spidéal ar 30 Deireadh Fómhair. Seolfaidh sé an suíomh idirlín 'Conamara Theas' go hoifigiúil ag an ócáid chéanna. Is féidir tuilleadh a léamh faoin suíomh seo ar Lch 8.

9 OIDEACHAS

Comhdháil an Fhorais Pátrúnachta ag teacht aníos

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH comhdháil agus cruinniú cinn bhliana Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge teo. ar siúl sa Tower Hotel i bPort Láirge ón 8 go 9 Deireadh Fómhair 2010. Is é téama na Comhdhála i mbliana *Fís, Forbairt agus Todhchaí Scoileanna an Fhorais*. I mbliana beidh aoi-chainteoirí ón Roinn Oideachais agus Scileanna ann le labhairt ar sholáthar cóiríochta buaine do scoileanna.

Freisin beidh tuairisc á cur i láthair ar scoileanna idirchreidmheacha chomh maith le pléghrúpaí ar scoileanna ilchreidmheacha agus an mheánscolaíocht.

Chomh maith leis sin seolfar suíomh gréasáin nua an Fhorais. Is pátrúnacht náisiúnta í an Foras do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge le freagrachtaí pátrúnachta agus bainistíochta, a bunaíodh in 1993.

Bunaíodh é ionas go mbeadh rogha eile ag scoileanna maidir le pátrúnacht.

Tá an Foras ina phátrún ar Ghaelscoileanna a bhfuil éiteas creidmheach, ilchreidmheach, agus idirchreidmheach (Caitliceach / Protastúnach) acu agus, dá bharr, a fhreastalaíonn ar thuismitheoirí a dteastaíonn uathu oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí is cuma cén cúlra creidimh atá acu.

Tá fás ag teacht ar líon na scoileanna faoin bhForas Pátrúnachta i gcónaí. Tá 58 Gaelscoil agus trí Ghaelcholáiste faoina bpátrúnacht faoi láthair.

Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait mar gheall ar an gComhdháil is féidir teagmháil a dhéanamh le Siobhán Seoighe ar 01-8057740 nó ríomhphost a sheoladh chuig siobhan.seoighe@mie.ie.

Daltaí ón Dominican College i mBaile Átha Cliath lena dtorthaí Teastas Sóisearach an tseachtain seo caite.

Seirbhísí do pháistí agus do theaghlaigh le plé i nGaillimh

Meadhbh Ní Eadhra

BEIDH seimineár faoi sheirbhísí do pháistí agus do theaghlaigh in Éirinn ar siúl in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Dé Máirt seo chugainn ar 8.00 san oíche. An teideal atá ar an seimineár seo ná "Ag forbairt paraidím nua - iontaobhas agus muinín as seirbhísí do pháistí".

Beidh painéal i láthair agus déanfar plé oscailte ar na dúshláin a bhaineann le seirbhísí do pháistí agus do theaghlaigh in Éirinn, agus na réitigh gur féidir teacht orthu.

Ar an bpainéal tá Michelle Clarke ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Geoff Costello, Oibrí Sóisialta, Fergus Finlay ó Charthanacht Pháistí Barnardos, Jennifer Gargan ón Eagraíocht Éireannach do Dhaoine Óga faoi chúram (IAYPC) agus Ursula Kilkelly, léachtóir dlí in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh.

Beidh an seimineár seo úsáideach do dhaoine a bhfuil spéis acu i gcúrsaí páistí agus teaghlaigh in Éirinn. Deis a bheidh ann smaoineamh agus caint a dhéanamh ar an ábhar seo ag am cinniúnach a bhfuil go leor athruithe i ndán do sheirbhísí do pháistí sa tír seo.

Bríd Featherstone, atá mar Ollamh le Obair Shóisialta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheidh mar chathaoirleach ar an seimineár.

Acmhainn nua mheabhairshláinte seolta

Meadhbh Ní Eadhra

SHEOL an Taoiseach Brian Cowen agus an tAire Oideachais Máire Ní Chochláin Tionscadal Forbartha Ghráinseach Ghormáin in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) Dé Máirt. Bhí an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney, i láthair ag an ócáid freisin, mar go gcuirfear tús le bunobair ar sheirbhísí d'othair mheabhairshláinte ar an láthair.

Mórfhorbairt infreastruchtúir uirbigh atá i gceist leis an tionscadal seo, a bheidh mar chuid lárnach den infreastruchtúr náisiúnta eacnamaíoch. Cuirfidh an togra le sochaí an eolais, le taighde agus forbairt, le cruthú caipitil intleachtúil, le scileanna an lucht oibre a fheabhsú agus le nuálaíocht fiontraíochta.

Comhdhlúthú ollmhór atá ann ar earnáil an ardoideachais. Tabharfar gach gníomhaíocht de chuid DIT, atá ar 39 láthair éagsúil, le chéile. San iomlán, beidh os cionn 20,000 mac léinn agus 2,000 comhalta foirne i gceist, chomh maith le saoráidí oideachais, taighde, aistriú teicneolaíochta, spóirt, gníomhaíochtaí cultúrtha agus tuilleadh.

Mar chuid den tionscnamh tá scoth na n-acmhainní nua meabhairshláinte den scoth sa tír seo. Athlonnóidh áitritheoirí agus comhaltaí foirne ospidéal Naomh Breandán ón gcóiríocht ina bhfuil siad faoi láthair, atá as dáta, chuig saoráid shaintógtha ina mbeidh 54 leaba agus atá le hoscailt go luath in 2012.

Fostófar 450 duine in aghaidh na bliana thar tréimhse 10 mbliana le bheith chun obair thógála a dhéanamh go lánaimseartha. Is ionann é sin agus 4,500 post san iomlán, agus beidh 1,161 post lánaimseartha breise ann i raon réimsí nuair a chríochnófar an tionscadal.

Tá sé seo ar scála comhionann le dhá Ionad Dhún Droma.

Príomhoide Scoil Phobail Douglas i gCorcaigh, Jim Long, in éineacht le Kevin Twomey, a bhain 11 A amach sa Teastas Sóisearach.

Crosfhocal 24.09.2010



NODANNA

TRASNA

3 Capall ag rith (5)
6 Mothúchán trócaireach (4)
7 Airgead a thabhairt chun rud a cheannach (3)
9 'Uirlis' le do chuid gruaige a dhéanamh slachtmhar (4)
10 Ní ar thaobh amháin ná ar thaobh eile: i lár (4)
13 Tá péire acu agat, le do mhéara agus ordóga orthu (5)
14 Ainmhí beag le heireaball ór a itheann cnóanna (4)
15 Siombail cosúil le seamróg ar chártaí imeartha (5)
17 Mian, ar rud gur mhaith leat a dhéanamh (4)
18 Iompar dána, go háirithe ó phaiste (5)
20 Áit sábháilte, foscadh ó bhagairt (8)
22 Formad (3)
23 Na polaiteoirí tofa san Oireachtas (8)
24 Capall (4)
26 An t-alt san iolra (2)
30 Tá ceithre chinn acu i ngach mí... agus 52 sa bhliain (10)
31 An gníomh de ghluaiseacht ar do chosa (4)

SÍOS

1 Cuspóir, ciall, neart (3)
2 An chuid is ísle, an áit a thosaíonn aon ní (3)
4 Créatúr na mara.. Funghí mar shampla (5)
5 Rialóir tíre a chaitheann coróin? (2)
6 Tréimhse gairid (6)
8 Fáth, míniú (5)
9 Feithid (4)
11 Abair (2)
12 Ostlann do thurasóirí ar bhuiséad teoranta (3)
16 An mhéid go gcaithfidh duine a iompar (6)
17 Meastachán, buille faoi thuairim (6)
18 Cinnte, deimhneach (6)
19 Cineál crainn Éireannach: d'úsáidtí slat ón chraobh tráth le gasúir scoile a smachtú (5)
20 Ag dul ó thaobh amháin go dtí an taobh eile (6)
21 Éadach chun do bhéal a ghlanadh, i mbialann (7)
24 Áit in abhainn a thiteann uisce ó leibhéal amháin go leibhéal eile go tobann (3)
25 Cáil, an scéal a insítear faoi dhuine cháiliúil (3)
27 Focal beag coinníollach i lár abairte (3)
28 Aiféaltas (3)
29 Bia a fhaightear ó choirceog agus beacha (3)

Crosfhocal 17.09.2010



Buaiteoir na Seachtaine seo:
Caitlin Ni Luasaigh,
Seskin West, Beanntrai,
Co. Chorcaigh

Duais na seachtaine

Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.

Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 29 Meán Fómhair, 2010 chuig: Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm .....

Seoladh .....

.....

Fón..... Rphost.....

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

Obair Dheonach in OÉ Gaillimh

Meadhbh Ní Eadhra

DEN naoú bliain as a chéile, beidh Aonach um Obair Dheonach ar siúl i Halla Bailey Allen, Áras na Mac Léinn, OÉ Gaillimh Dé Céadaoin seo chugainn idir 1 agus 5 a chlog tráthnóna. Meastar go bhfreastlóidh breis agus 2,000 duine - mic léinn, comhaltaí foirne agus daoine ón bpobal áitiúil - ar an Aonach. Is é Méara Chathair na Gaillimhe, Michael Crowe, a dhéanfaidh an tAonach a oscailt go hoifigiúil.

Beidh os cionn 70 carthanas agus eagraíocht phobail i láthair chun na deiseanna atá ann le hobair dheonach a dhéanamh a léiriú. Is ceiliúradh é an tAonach ar an obair dheonach a dhéantar in OÉ Gaillimh, agus cuirfear clabhsúr leis an Aonach ar an Lá Náisiúnta um Obair Dheonach Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair.

Is í Lorraine Tansey Comhordaitheoir Obair Dheonach na Mac Léinn in OÉ Gaillimh, agus bhí an méid seo a leanas le rá aici: "Tá mic léinn ar a ndícheall ag iarraidh obair dheonach a dhéanamh i gclubanna obair bhaile i scoileanna áitiúla, ag bailiú airgid do charthanais náisiúnta, a bheith ina gcara ag daoine faoi mhíchumas, nó obair dheonach a dhéanamh thar lear. Baineann mic léinn an-tairbhe as obair dheonach a dhéanamh agus is an-deis taithí í dóibh, agus chomh maith leis sin bíonn siad lán fuinnimh agus brí agus bíonn siad breá sásta a bheith ag foghlaim." I measc an lucht taispeántais ag an Aonach um Obair Dheoneach beidh: Big Brother/Big Sister, Foróige, Clann Shíomóin na Gaillimhe, Enable Ireland, Bráithre na Carthanachta, COPE na Gaillimhe agus Positive Mental Health.

"Táimid thar a bheith sásta fáilte a chur roimh eagraíochtaí pobail le haird a tharraingt ar a gcuid oibre agus ar na deiseanna atá ann d'oibrithe deonacha agus le fáilte a chur roimh an bpobal teacht ar an gcampas chomh maith," a deir Lorraine Tansey.

Trí chlár oibre deonaí OÉ Gaillimh, ALIVE, tá teacht ag mic léinn ar bhunachar sonraí ar líne de dheiseanna atá ann obair dheonach a dhéanamh. Gné eile den chlár is ea an tsraith ceardlann a eagraítear le cabhrú le mic léinn an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an obair dheonach a dhéanann siad.

Ag deireadh na bliana acadúla féadfaidh mic léinn iarratas a dhéanamh Teastas ALIVE a fháil. Bronnann Uachtarán OÉ Gaillimh, an Dr James J Browne an teastas seo orthu ag searmanas speisialta a eagraítear mar chomhartha ómóis dóibh as cloí leis an obair dheonach.

Le seastán a chur in áirithe nó le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le hOifig ALIVE ag 091 493823 nó cuir ríomhphost chuig cki@nuigalway.ie.

Gàidhlig in ionad na Gearmáinise mar dhara teanga

Anton Mac Cába

TÁ daltaí meánscoile i gceantar Comhairle na Gàidhealtachd in Albain anois ag roghnú *Gàidhlig* in ionad Gearmáinise mar dhara teanga.

B'shin a dheimhnigh Stiúrthóir Oideachais, Cultúir agus Spóirt na Comhairle i dtuarascáil a chuir sé faoi bhráid choiste na Comhairle céanna. Tá Gaeilge na hAlban anois á teagasc i 15 den 29 meánscoil atá ag an Chomhairle, an líon céanna meánscoileanna agus a dhéanann an Ghearmáinis a theagasc.

Is *Gàidhlig* d' Fhoghlaimeoirí atá i gceist, ábhar faoi leith i scrúduithe ardleibhéil na hAlban, na 'Highers'. Cuireann roinnt scoileanna idir Ghearmáinis agus Ghaeilge d'Fhoghlaimeoirí ar fáil).

Le cúig bliana anuas tá laghdú 33% tagtha ar líon na ndaltaí atá ag gabháil don Ghearmáinis. Tá sé seo ag tarlú ag an am céanna a bhfuil borradh faoin Ghaeilge.

Tá an Ghearmáinis chun tosaigh, ach an Ghaeilge ag teannadh léi. Tá 136 mac léinn ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge mar foghlaimeoirí sa cheathrú bliain ar an mheánscoil, le hais 151 atá ag gabháil don Ghearmáinis.

Dúirt Robert Ross, múinteoir i scoil Bhàgh an Chaistil i gceantar Comhairle nan Eilean Siar, nár chuir an scéal seo aon iontas air. Le cúig bliana anuas tá níos mó daltaí ag déanamh staidéir ar an chúrsa Ghaeilge d'Fhoghlaimeoirí ar an scoil. Is daltaí iad seo a thagann ó theaghlaigh nach labhraíonn Gaeilge sa bhaile.

Coláiste Phádraig,
Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.
COLÁISTE DE CHUID OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Scríbhneoir Cónaithe i Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig 2010-2011

the arts council an chomhairle ealaíon

comhurraithe ag an gComhairle Ealaíon agus ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Fáilteofar roimh iarratais ó scríbhneoirí Gaeilge ar an bpost mar Scríbhneoir Cónaithe don bhliain acadúil 2010-2011. Beidh an Scríbhneoir Cónaithe ag obair i Roinn na Gaeilge sa Choláiste agus tabharfaidh sé/sí léachtaí, ranganna agus ceardlanna ar ghnéithe éagsúla de scríbhneoireacht chomhaimseartha na Gaeilge. Chomh maith leis sin, cuirfidh an scríbhneoir le hobair Roinn an Oideachais, Roinn an Bhéarla, agus Léann Litríocht na bPáistí, de réir mar is cuí. Tabharfaidh an scríbhneoir tacaíocht do scríbhneoirí cruthaitheacha phobal an Choláiste agus déanfar teagmháil leis an bpobal áitiúil agus le pobal na tíre trí léamha poiblí agus rannpháirtíocht in imeachtaí litríochta eile a eagrófar. Tá sé i gceist go gcuirfeadh an tréimhse mar Scríbhneoir Cónaithe deis luachmhar ar fáil don scríbhneoir a s(h)aothar cruthaitheach féin a fhorbairt agus a chur chun cinn i suíomh tacúil oideachais.

Íocaíocht: €20,000 sa bhliain.

Modh Iarratais: Le cur isteach ar an bpost mar Scríbhneoir Cónaithe i gColáiste Phádraig, níor mhór d'iarratasóirí litir iarratais, in éineacht le Cúrsa Beatha ina mbeidh cur síos ar thaithí an iarratasóra i suíomh oideachasúil, a sheoladh chuig:

Mary Donnelly, Bainisteoir Acmhainní Daonna,
Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

Teil: 01-8842023, Facs: 8842243, R-phost: Mary.Donnelly@spd.dcu.ie

Tuilleadh eolais le fáil ag: **www.spd.dcu.ie/vacancies**

Níor mhór don iarratas a bheith istigh faoi:
12.00 meán lae ar an Aoine 8 Deireadh Fómhair 2010.

D' fhéadfadh sé go gcuirfí iarratasóirí faoi agallamh mar chuid den phróiseas roghnaithe.
Glacfaidh an Chomhairle Ealaíon páirt sa phróiseas roghnaithe.

Fostóir comhionannais is ea Coláiste Phádraig

St Patrick's College,
Drumcondra, Dublin 9.
A COLLEGE OF DUBLIN CITY UNIVERSITY

DCU

Gaelscéal Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta, Spórt na nÓg, Cúltaca agus Ár Scéal Féin

Bricfeasta leis an Ambasadóir

An réalta theilifíse, Ryan Tubridy le Dara O'Loughnane (3),Sean Bela (4) agus Fintan Ballard (4) ag seoladh 'Cheerios Seachtain Bhricfeasta le Chéile'. Grianghraf: Leon Farrell Photocall Ireland.

TÁ CHEERIOS® Childline Seachtain Bhricfeasta le Chéile ag iarraidh ar dhaoine aonair, cairde, naíolanna, clanna, scoileanna & comhlachtaí bricfeasta a eagrú le hairgead a bhailiú do Childline. Beidh an t-airgead dhá úsáid le cabhrú le páistí leochaileacha ar fud na hÉireann.

Beidh CHEERIOS® Childline Seachtain Bhricfeasta le Chéile ar siúl ón 4-10 Deireadh Fómhair, 2010. Tá sé an-éasca bricfeasta a eagrú. Is féidir le duine ar bith páirt a ghlacadh ann, tugann siad síntiúis beag agus tugann tusa do Childline é. Is féidir eolas breise a fháil ag www.ispcc.ie/breakfast.

Tá an ISPCC ann chun cinntiú go bhfuil seans ag gach páiste grá agus áthas a mhothú, chun deireadh a chur le leithcheal agus imeallú páistí agus chun deireadh a chur le cruálacht agus éagóir i gcoinne páistí. Is é Ryan Tubridy an tAmbasadóir is nua atá ag Childline agus tá seans ag duine ar bith a eagraíonn Bricfeasta nó a thugann síntiúis tríd téacs, bricfeasta a bhuachan lena rogha Ambasadóir ISPCC.

! Gluais

Naíolanna - creches
Leochaileach - Vulnerable
Síntiúis - Donations
Leithcheal - Cruelty
Imeallú - Marginalization
Cruálacht - Cruelty
Éagóir - Injustice

Batt & Bóthar do Mhic Léinn

Ball d'Aontas na Mac Léinn in Éirinn gléasta cosúil leis an Aire Fiontar, Trádála & Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, lena Roinn a athainmniú mar dhea.
Grianghraf: Sasko Lazarov/Photocall Ireland

TÁ Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) míshásta leis an Rialtas mar nach bhfuil siad ag déanamh go leor faoin dífhostaíocht nó chun poist a chruthú. An tseachtain seo caite mhol siad go n-athrófaí ainm na Roinne Fiontar, Trádála & Nuálaíochta mar 'an Roinn Dífhostaíochta agus Eisimirce'. Bhí siad ag iarraidh aird a tharraingt ar líon ard na mac léinn atá ag fágáil na tíre mar nach bhfuil obair le fáil dóibh sa bhaile. Ghléas ball den Aontas mar Batt O'Keeffe agus chroch siad comhartha bréagach ag doras na Roinne.

Tá USI ag impí ar an Rialtas gníomhú láithreach chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht atá ag cur brú ar chéimithe dul thar sáile ar thóir oibre.

Dúirt Uachtarán an Aontais, Gary Redmond, "tá beagnach 100,000 duine faoi 25 bliain ar an gclár dífhostaíochta, agus meastar go bhfágfaidh 70,000 céimí Éireann i mbliana."

Tá an ghéarchéim fostaíochta ag cur brú ar cheannródaithe an 'Eacnamaíocht Chliste' chun an tír a thréigean.", deir sé. "Tá na mílte céimí luachmhar tar éis imeacht agus tá na mílte eile chun iad a leanúint."

Tá an USI ag moladh go gcuirfear scéim intéirneacht do chéimithe ar bun chun cuidiú le borradh a chur faoin eacnamaíocht arís.



Foghlaim & Fiosraigh

DONNA Quinn & John Roberts ag casadh le Stephen Kelly ón gCeoláras Náisiúnta. Tá siad ag glacadh páirt sa chlár 'Foghlaim & Fiosraigh' ag ionad 'Enable Ireland' i gCromghlinn i mBaile Átha Cliath. Bhí an rannóg 'Foghlaim & Fiosraigh' ón gCeoláras Náisiúnta ag déanamh Seisiún Samba mar chuid dá chlár seachtrach le daoine le riachtanais speisialta.
Grianghraf: Mark Stedman/ Photocall Ireland

Torthaí, ól & ceiliúradh

BHÍ údar ceiliúradh ag daltaí meánscoile an tseachtain seo caite nuair a fuair siad torthaí an Teastas Sóisearach. Rinne os cionn 56,000 duine in Éirinn an scrúdú i mbliana. Ach bíonn imní ar dhaoine áirithe go dtéann na daoine óga i muinín an alcóil agus iad ag dul amach chun ceiliúradh.

Bhí curaí dornálaíochta na cruinne, Katie Taylor ar dhuine de na daoine a bhí ag moladh do na mic léinn ceiliúradh a dhéanamh gan alcól. Rinne sí seo i gcomhar leis an eagraíocht náisiúnta óige an 'Club Gan Ainm'.

D'eagraigh an eagraíocht sin oícheanta ceiliúrtha gan alcól ar fud na tíre. Ach, ina ainneoin sin, tá imní orthu go mbíonn roinnt daoine óga idir 15 & 16 ag ól deochanna meisciúla ar a leithéid d'oíche.

Dúirt Katie Taylor, nach n-ólann deochanna meisciúla í féin, go dtuigeann sí an sonas gur féidir a bheith ag duine nach mbíonn ag ól alcól.

! Gluais

Torthaí - Results
Curaí - Champion
Alcól - Alcohol
Ceiliúradh - Celebration
Ina ainneoin sin - Despite that
Deochanna Meisciúla - Alcoholic beverages

Mic Léinn amuigh don oíche ag ceiliúradh, tar éis dóibh torthaí an Teastas Sóisearach a fháil. Pic: Sasko Lazarov/Photocall Ireland

Cúltaca

Ceannlínte Nuacht na nÓg Tá Nuacht na nÓg le fáil i bhfoirm podchraoladh gur féidir úsáid ó thaobh cluastuisceana de nó do dhaoine le riachtanais speisialta. Íoslódáil é ag **www.gaelsceal.ie/oideachas**

Nuacht na nÓg

OSSP – Dínit an Duine



'DÍNIT an Duine' atá faoi chaibidil againn san ábhar cúltaca don OSSP ar www.gaelsceal.ie/oideachas an tseachtain seo. Tugann an t-ábhar cabhair le hachoimre a dhéanamh ar an gcoincheap OSSP seo tríd cur i láthair sleamhnáin agus bileog oibre.

Ar na sleamhnáin tá eolas simplí faoi céard is 'dínit' ann agus na cearta bunúsacha atá ag daoine faoi Dhearbhú na Náisiún Aontaithe, m.sh an ceart chuig oideachas agus an ceart chuig bia, éadach agus foscadh.

Tá bileog oibre ar fáil ann freisin ina ndéanann tú príomh théarmaí an coincheap seo a mheaitseáil leis an míniú ceart - an ciníochas mar shampla, ciallaíonn sé sin nuair a chaitear go dona le duine mar gheall ar a ndath nó an grúpa a bhfuil siad páirteach iontu.

Chomh maith leis seo tá nótaí faoi na trí phríomheagraíocht in Éirinn a chabhraíonn le daoine gan dídean - Focus Ireland, Simon Community agus The Peter McVerry Trust. Tugann na nótaí seo léargas ar obair na heagraíochtaí chomh maith. Cabhraíonn an Peter McVerry Trust le déagóirí go háirithe iad siúd atá gan dídean.

Le húsáid a bhaint as an ábhar seo téigh chuig www.gaelsceal.ie/oideachas

Gaeilge - An Scoláire agus a Thimpeallacht



TÁ muid ag féachaint ar an scoláire agus an saol timpeall orthu san ábhar a bhaineann leis an Ghaeilge ar www.gaelsceal.ie/oideachas an tseachtain seo. Tá taispeántas sleamhnáin ar fáil a chuirfidh le stór nathanna cainte mic léinn ar nós - "chomh bréagach leis an diabhal" agus " Tá barúil aici di féin". Tá tuilleadh acu seo le fáil ar líne. Tá pictiúir leis na focail chun cabhrú chun iad a mhíniú. Freisin, tá nathanna curtha in abairtí chun cabhair a thabhairt don na mic léinn an nath cainte a chur i gcomhthéacs.

Tá cleachtaí gramadach le fáil ar líne chomh maith, a dhíríonn isteach ar an ainmfhocal agus an uimhir iolra d'ainmfhocal, cosúil le 'iníon, iníonacha,' 'mac, mic.'

Tá cleachtaí léamhthuiscint bunaithe ar Robbie Keane le fáil ar líne agus obair 'líon isteach na bearnaí' bunaithe ar Cheryl Cole.

OSPS – Ag Déileáil leis an Athrú

AG Déileáil leis an Athrú atá muid ag plé leis an tseachtain seo ar www.gaelsceal.ie/oideachas don ábhar OSPS. Tá ábhar againn bunaithe ar an 'cibearbhulaíocht'. Leis an méadú mór atá tagtha i dteicneolaíochtaí idirghníomhacha cosúil leis an idirlíon agus na fóin póca i measc daoine óga, tá méadú tagtha chomh maith ar an fhoirm nua bulaíochta seo.

Tá nótaí le fáil ar céard is cibearbhulaíocht ann. Beidh cur síos ar chineálacha éagsúla cibearbhulaíocht. Ceann de na samplaí atá le fáil ar líne ná nuair a ghoideann duine pasfhocal do chuntas gréasán meán sóisialta.

Tugann muid sonraí faoin na céimeanna gur féidir a thógáil nuair a tharlaíonn cibearbhulaíocht agus tá eolas ar fáil faoin gcaidreamh atá idir tuismitheoirí agus an scoil maidir le cibearbhulaíocht. An rud atá suimiúil faoin ábhar ná nach bhfuil an oiread sin gur féidir leis an scoil a dhéanamh i gcás cibearbhulaíocht mar gheall go dtarlaíonn sé taobh amuigh d'uaireanta scoile.

Nuacht na nÓg

Scéalta na Réalta

RAIDIÓ Rí-Rá

Hi agus fáilte go PopNuacht na seachtaine ó RRR.ie!

LE 13 ainmniúchán do ghradaim na bhfíseán ceoil de chuid MTV i mbliana, ba í Lady Gaga an chéad cheoltóir riamh leis an oiread sin ainmniúchán a fháil in aon bhliain amháin agus d'éirigh léi 8 ngradam dóibh siúd a thógáil abhaile léi ón searmanas i Los Angeles an tseachtain seo caite. Bhí sí ag gol agus í ag glacadh mhórghradam na hoíche - gradam d'fhíseán ceoil na bliana - ó Cher i dtreo dheireadh an bhronnta.

Ach chothaigh sí conspóid go leor ag an ócáid, mar is gnách di, trí ghúna déanta go huile 's go hiomlán de feoil a chaitheamh! Thug sí le fios gurb é Born This Way an t-ainm den albam úr atá sí ag obair air faoi láthair agus chan sí giota ón amhrán den ainm céanna ón albam. D'éirigh le Eminem 2 ghradam a fháil ar an oíche, bhuaigh Jared Leto agus a bhanna 30 Seconds To Mars gradam as an bhfíseán raic is fearr, agus thug Muse agus Florence + The Machine gradaim abhaile chun na Breataine leo freisin. Comhghairdeas leis na ceoltóirí iontacha ar fad a bhuaigh agus tá súil againn go leanann siad le scoth an cheoil a sholáthar dúinn amach anseo!

TÁ áthas orainn anseo i bPopNuacht a chloisteáil go bhfuil Zac Efron ag dul ó neart go neart ina shaol gairmiúil! Tá an t-aisteoir óg, de cháil na scannán High School Musical, tar éis comhlacht léiriúcháin dá chuid féin a chur ar bun agus Ninjas Runnin' Wild is ainm dó. Is léir go bhfuil Zac ag déanamh dianmhachnamh ar na róil a ghlacann sé anois freisin, agus é ag iarraidh a chinntiú nach Troy Bolton a bheas ann go deo na ndeor. I ndiaidh dó cúpla scannán dá leithéid 17 Again agus Hairspray a dhéanamh, ghlac sé an phríomhpháirt sa scannán níos dáiríre, Me and Orson Welles, i 2008 agus chríochnaigh sé obair ar an scannán Charlie St. Cloud níos luaithe i mbliana. Is oth linn gur tharraing sé siar ó athdhéanamh den scannán Footloose áfach, ag rá nach bhféadfadh sé barr feabhais a chur ar an jab a rinne Kevin Bacon den ról sa chéad leagan den scannán i 1984. Ní bheidh Footloose 2 chomh maith céanna gan é ach is léir go bhfuil rudaí móra i ndán d'Efron agus ní féidir linn fanacht len'é a fheiceáil ar ais ar an scáileán mór arís gan mhoill!

IN ainneoin go raibh ráflaí ann gur chuir an rapcheoltóir fearg uirthi arís i mbliana - é ag tagairt don achrainn eatarthu ag bronnadh na ngradam fhíseán ceoil



MTV anuraidh chun poiblíocht a ghiniúint dá albam nua, de réir dealraimh - is cosúil go bhfuil gach rud ina cheart idir Kanye West agus Taylor Swift anois, buíochas mór le pop! An cuimhin libh nuair a sciob sé an micreafón ó Swift ar an stáitse, ag rá go raibh sé de cheart ag Beyoncé an gradam don bhfíseán is fearr a bhuachan thairsti?

Bhuel tá maithiúnas tugtha ag Taylor do Kanye, más fíor go raibh sí ag canadh faoin gceoltóir conspóideach ina hamhrán nua Innocent, a chas sí ag gradam na bhfíseán ceoil i mbliana. Agus ní hí Taylor an t-aon amhránaí atá ag léiriú cineáltachta do Kanye na laethanta seo ach oiread - deirtear go bhfuil é féin agus iaramhránaí de chuid na Pussycat Dolls, Melody Thorton, ag siúl amach le chéile le cúpla seachtain. Nach deas é a fheiceáil go bhfuil na ceoltóirí ar fad cairdiúil le chéile arís?!

DEIRTEAR linn i bPopNuacht gur mheall Ben Affleck na réaltaí móra ó Hollywood chun na hIodáile le déanaí chun an scannán is déanaí dá chuid a léiriú don chéad uair! D'fhreastail leithéidí Natalie Portman, Michelle Williams agus Jessica Alba ar an bhFéile Scannánaíochta i Venice ag tús na míosa, áit gurb é saothar Ben ceann de na scannáin is mó a bhí á léiriú ann.

The Town is ainm den scannán agus seo an dara uair d'Affleck suíochán an stiúrthóra a ghlacadh, cé go ndearna sé aisteoireacht taobh le Jon Hamm, Jeremy Renner agus Rebecca Hall sa saothar freisin. Scéinséir póilíní agus robálaithe atá ann, lonnaithe i mBoston, Massachusetts, agus tá léirmheasanna maithe tuillte ag an scannán go dtí seo. Níorbh fhéidir le Jennifer Garner, aisteoir agus bean chéile Ben, a bheith i láthair ag an léiriú Eorpach toisc go raibh sí ar ais in LA lena mbeirt iníon, ach táimid cinnte go bhfuil sí an-bhródúil as! Sroichfidh The Town na pictiúrlanna anseo in Éirinn ar an 24 Meán Fómhair agus táimidne i Raidió Rí-Rá ag tnúth go mór len'é a fheiceáil.

CÉ a chreidfeadh é ach tá an pluiméir is cáiliúla i saol na gcluichí ríomhaire25 bliana d'aois i mbliana! Chuir Nintendo na Super Mario Bros in aithne don domhan mór ar an 13 Meán Fómhair 1985 agus dhíol an cluiche breis agus 40 million cóip ar fud na cruinne.

Tá an-éileamh ar Mario agus ar a dheartháir Luigi go fóill freisin,



áit go bhfuil ag éirí thar cionn leis an gcluiche is déanaí sa tsraith, Super Mario Galaxy 2 ar an Nintendo Wii. Seans nach bhfuil duine ar bith againn gur imir cluiche ríomhaire éigin i gcaitheamh an ama nach bhfuil tar éis bualadh le Mario agus é ar thóir na mbeacán, ag teacht i gcabhair ar an mBanphrionsa Toadstool, agus ag bailiú bhoinn óir! Ach tá cloiste againn go bhfuil an dallamullóg á cur aige orainn le fada - bhí an fear beag leis an gcroiméal mór le feiceáil don chéad uair riamh sa chluiche Donkey Kong mar shiúinéir i 1981. Is cosúil go bhfuil Mario ag iarraidh an fhíor-aois s'aige a cheilt orainn mar sin!

Éist leis an bpopnuacht seo mar Audio MP3 nó íoschóipeáil anseo é
Listen to this popgossip as an Audio MP3 or download it here
www.rrr.ie/popnuacht-17-mean-fomhair-2010/

Comórtas Nuacht na nÓg

TÁ Gaelscéal i gcomhair le Screenway ag tabhairt seans duitse iPod Shuffle a bhuachan. Tá muid ag iarraidh scéalta nuachta ó do cheantar. Is féidir iad a chur chugainn mar alt nuachta, podchraoladh nó físeán. Piocfaidh muid an chuid is fearr le foilsiú ar an nuachtán agus le cur ar ár suíomh gréasán gach seachtain. Buafaidh an ceann is fearr duais gach seachtain agus beidh na buaiteoirí seachtainiúil san áireamh le haghaidh duais mhór a bhuachan ag deireadh na scoilbhliana, scoláireacht do cheann do Choláistí Samhraidh Gael Linn. D'fhéadfá scéal a dhéanamh faoi rud éigin atá ag tarlú i do scoil, i do cheantar, sna clubanna nó cumainn go háitiúil. B'fhéidir go bhfuil nuacht shuimiúil agat faoi imeacht nó ócáid atá ar siúl nó duine a bhfuil rud faoi leith bainte amach, nó ar siúl acu. Cibé ceann acu é, teastaíonn bhur scéalta uainn! Ní mór ailt nuachta a bheith idir 200-30 focal agus físeáin nó podchraoltaí a bheith idir 3-7 nóiméad.

Seol iarratas chuig: eolas@gaelsceal.ie agus cur 'Comórtas Nuacht na nÓg ' mar cheannteideal air.
Is féidir iarratais a chur sa phost chomh maith chuig:
'Comórtas Nuacht na nÓg', Gaelscéal, Baile Ard, An Spidéal, Co, na Gaillimhe.

Gael Linn

Coláistí Samhraidh atá difriúil

- Béim ar labhairt na Gaeilge
- Cúrsa bunaithe ar **TEG** [Teastas Eorpach na Gaeilge]
- Béim ar ghníomhaíochtaí praiticiúla
- Rogha de chúrsaí coicíse agus 3 seachtaine

Coláiste Gael Linn Riocaird Bairéid
Eachléim, Co. Mhaigh Eo.
- modúl scannánaíochta

Coláiste Gael Linn Bhaile Bhúirne
Baile Bhúirne, Co. Chorcaí.
- Béim ar na spóirt dhúchasacha

Coláiste Gael Linn Bhun an Inbhir
Bun an Inbhir, Co. Dhún na nGall.
- modúl roghnach spórt uisce

Bróisiúir ar fáil anois gach eolas: Teil: 1890 675 675
www.gael-linn.ie

Spórt

Do scéal féin Ba bhreá linn bhur scéalta a chloisteáil. Má tá ócáidí, imeachtaí nó aon rud mar sin ar siúl agaibh, bí i dteagmháil linn. Cur nuacht , pictiúir agus ábhar eile chugainn ag **eolas@gaelsceal.ie**

Nuacht na nÓg

Ding Dong Katie

BHUAIGH Katie Taylor bonn óir don tríú huair i gCraobhacha Domhanda Dornálaíochta an AIBA sa chraobh cheannais éadrom-mheáchan, 60 cileagram. Fuair sí an ceann is fearr ar Cheng Dong ón tSín ag na cluichí domhanda i mBarbadós.

Bhí Taylor chun tosaigh ón tús ar a céile comhraic, díreach mar a bhí sí dhá bhliain ó shoin i Ningbo. Seo an tríú huair a bhuail sí Dong, cé go bhfuil sise sé throigh ar airde i gcomparáid le Taylor atá cúig throigh agus cúig orlach. Bhí sí chun tosaigh ón tús agus nuair a bhuail an clog deiridh thit sí chun a glúine, craobh eile buaite aici agus stádas bainte amach aici mar laoch Éireannach mór le rá. D'éirigh sí ansin agus thug barróg dá athair agus traenálaí Peter.

Dúirt Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa go bhfuil 'éacht dochreidte spóirt bainte amach ag Katie agus gur chóir do mhuintir na hÉireann a bheith iontach bródúil aisti.'

Pic.: Stephen McCarthy / SPORTSFILE

Gluais

Bonn óir - Gold Medal
Craobhacha Domhanda Dornálaíochta - World Boxing Championships
Éadrom-mheáchan - Lightweight
Céile comhraic - opponent
Sé throigh ar airde - Six feet high
Chun tosaigh - Ahead
Laoch - Hero
Barróg - Hug
Éacht dochreidte - Amazing Achievement
Bródúil - Proud

Údar Gaisce sa Sacar

FOIREANN Idirnáisiúnta Sacar faoi 17 na mBan, a tháinig ar ais ó Chraobhacha Chorn an Domhan ar Oileán na Tríonóide agus Tobága. D'éirigh an-mhaith leis na mná óga cé gur bhuail an tSeapáin iad 2-1 sa chluiche ceathrú ceannais. Cluiche cothrom go maith a bhí ann ach gur tugadh cic pionóis bog go leor do na Seapánaigh. Sin ráite, chruthaigh foireann Noel King go maith agus beidh muid ag súil le héachtaí eile uathu amach anseo.

Grianghraf: Paul Mohan / SPORTSFILE

Corcaigh Abú!

SEO Paudie Kissane as Corcaigh ag ceiliúradh le Corn Sam Mhic Uidhir tar éis do na Reibiliúnaithe an ceann is fearr a fháil ar chontae an Dúin i bPáirc an Chrócaigh. Cluiche cothrom a bhí ann agus bhí an Dún trí phointe chun tosaigh ag leath am. Ach thaispeáin fir an Deisceart a gcuid scil sa dara leath agus chinntigh ocht bpointe ó Cathal Goulding agus Donncha O'Connor go mbeadh an lá le foireann Conor Counihan, cé nach raibh idir na foirne ar deireadh ach aon phointe amháin.

Ach, ní raibh an t-ádh céanna le foireann mionúir Chorcaigh mar chaill siadsan a gcluiche craoibhe siúd le pointe amháin chomh maith i gcoinne Tír Eoghain.

Grianghraf: Paul Mohan / SPORTSFILE

Gluais

Ceiliúradh - celebrating
Chun tosaigh - Ahead
Deisceart - South
Go mbeadh an lá le - The day would be theirs
Cluiche craoibhe - Final

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair, 2010

Cóitseálaí Cosanta ag déanamh difríochta

Gráinne McElwain

GO dtí le déanaí, bhí Cúige Chonnacht níos aitheanta as an méid úd a bhí siad a ghéilleadh ná na cinn a bhí siad a aimsiú. Bhí sé feiceálach mar sin go raibh fadhb millteanach mór acu agus tugadh cóitseálaí cosanta nua isteach as an Astráil, Brian Melrose, chun díriú ar an fhadhb seo.

Is as Sydney san Astráil é Brian agus tá taithí na mblianta aige mar chóitseálaí. Chaith sé bliain leis an chlub rugbaí Eastwood ag obair mar chóitseálaí sinsearach agus bhí sé i gceannas ar fhoireann na hAstráile f-20 nuair a chuaigh siad go dtí an Corn Domhanda sa Bhreatain Bheag dhá bhliain ó shin.

"Tháinig mé anseo go Cúige Chonnacht mar bhí dúil agam oibriú sa tSraith Magners agus plé le rugbaí ar an taobh seo don domhan" a deir Brian. "Ceapann daoine nuair a thagann cóitseálaí nua isteach go mbíonn siad ag iarraidh rudaí teicniúla a athrú ach leis an ghrúpa seo, bhí muid ag iarraidh díriú isteach ar an mheon aigne a bhí acu."

"Bhí daoine den tuairim go raibh Cúige Chonnacht ina cheap magaidh agus nach raibh siad maith go leor. Cuireann tuairimí mar sin isteach ar imreoirí agus theastaigh uainn é sin a athrú, bhí muid ag iarraidh feabhsú i mbliana" a deir Brian.

Is ag dul i bhfeabhas atá siad mar faoi láthair tá siad sa cheathrú háit ar bharr an tábla Magners. Bhí bua maith acu sa Sportsground in aghaidh Dragons sa chéad bhabhta agus bhí mí-ádh orthu nach bhfuair siad an lámh in uachtar ar na Scarletts sa dara babhta agus iad as baile nuair a chaill siad le trí phointe sna bomaití deireanacha.

Ach cuireadh barr feabhais ar rudaí i mbabhta 3 an deireadh seachtaine seo caite nuair a bhuaigh siad den chéad uair le dhá bhliain go leith agus iad ag imirt as baile. Ba é Ian Keatley a d'aimsigh an cic éirice cinniúnach in aghaidh Ghlaschú agus tháinig deireadh le gorta fada. Chomh maith leis sin, ba é an chéad bhua é ag Connacht in Albain ó mhí Mheán Fómhair 2006.

Tá an cliathánaí, Fionn Carr, ag imirt thar barr faoi láthair agus ceithre úd aimsithe aige le dhá chluiche anuas. Má leanann sé ar aghaidh mar sin, ní chuirfidh se aon iontas ar aon duine má thugtar isteach ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann é i mí na Samhna.

Brian Melrose ag cuidiú le meon Chonnacht a athrú. (PIC. BARRY CREGG / SPORTSFILE)

Babtha 4 de Shraith Mhagners

Gráinne McElwain

D'ÉIRIGH thar cionn le trí cinn d'fhoirne na hÉireann i mbabhta na seachtaine seo caite, go háirid Cúige Chonnacht, ach is beag sásamh a bhí le baint ag lucht tacaíochta Chúige Laighean as an taispéantas a bhí acu i Treviso na hIodáile nuair a chaill siad go dona.

Tá Cúige Mumhan ar bharr na sraithe ar 13 pointe as trí chluiche agus níl aon chluiche caillte acu. Bhí an-bhua acu in aghaidh na seaimpíní, na Ospreys (22-10), i bPáirc Thuamhan agus a bhuíochas sin do Doug Howlett a d'aimsigh an t-aon úd a fuair siad agus Ronan O'Gara le 17 pointe óna bhróig. Ach chaill siad roinnt imreoirí le gortuithe, Felix Jones (ballnasc croiseach) agus Ian Dowling (cromán) agus chuaigh Denis Fogarty faoi scian (gualainn). I mbabhta 1, chaill Cúige Laighean in Firhill in aghaidh na Glasgow Warriors (22-19), an t-aon chluiche atá buaite ag club Ghlaschú go dtí seo. Chaill siad in aghaidh Chúige Chonnacht (17-19) an deireadh seachtaine seo caite. Níor bhuaigh Cúige Mumhan ansin ach aon uair amháin le cúig chluiche.

Bua: Cúige Mumhan

Seans maith gur fada le himreoirí Chúige Laighean go mbeidh siad ag dul chun páirce arís agus deis acu dearmad a dhéanamh ar an chluiche a chaill siad in aghaidh Benetton Treviso (29-13) an deireadh seachtaine seo caite. Níl buaite acu ach aon chluiche amháin go dtí seo sa tsraith in aghaidh na Cardiff Blues (34-23) i mbabhta 2 ach chaith siad uathu na cluichí eile mar bhí deiseanna acu iad a bhuachan ach níor imir siad go maith. Cá bhfuil na deacrachtaí atá acu? Is cinnte go bhfuil neart le baint as na fístéipeanna ag an chóitseálaí Joe Schmidt agus nach mbeidh aon easpa ábhar cainte idir é agus a fhoireann mar go bhfuil siad san ochtú háit ar an tábla. As na sé chluiche dheireanacha atá imeartha ag Cúige Laighean in aghaidh Edinburgh, níl ach ceann amháin acu caillte ag foireann na hÉireann. Go dtí seo níl aon chluiche buaite ag Edinburgh sa tsraith agus chaill siad as baile in aghaidh Chúige Ulaidh (29-21) agus Chúige Mumhan (13-16). Níl acu ach pointe bónais amháin ar chlár na bpointí, gan fúthu ar an tábla ach Aironi na hIodáile.

Bua: Cúige Laighean

Den chéad uair le dhá bhliain go leith, bhuaigh Cúige Chonnacht cluiche as baile i Sraith Mhagner nuair a fuair siad an ceann is fearr ar na Glasgow Warriors (19-17). Bhí siad chun cinn ag leath ama agus, cé gur tháinig na Warriors ar ais, d'éirigh le Connachta na pointí a chrochadh leo. Fágann sin go bhfuil siad sa cheathrú háit ar chlár na bpointí agus beidh an-mhisneach acu agus iad ag filleadh ar na Sportsgrounds. Tá dhá chluiche buaite acu agus beagnach an tríú ceann chomh maith in aghaidh na Scarletts (35-33) ach beidh tionchar ag na gortuithe orthu le John Muldoon, Ezra Taylor agus Johnny O'Connor fós le teacht ar ais. Fiú agus iad sa bhaile sa Sportsground, ní bheidh sé easca in aghaidh Chúige Uladh a bhfuil trí chluiche as a chéile buaite acu agus iad sa dara háit ar chlár na bpointí agus foireann acu a mbíonn an-spiorad le brath uathu nuair a chuireann siad chun páirce. Le David Humphreys agus Brian McLachlin ar an stiúir agus imreoirí móra tugtha isteach as an Afraic Theas, ar nós Ruan Pienaar nach bhfuil ar fáil fós, tá lucht tacaíochta na foirne dóchasach faoin bhfoireann seo agus iad ag féachaint ní amháin ar an Magners ach ar dhul chun cinn suntasach a dhéanamh i gCorn na hEorpa chomh maith. Cé nach bhfuil ach aon chluiche amháin as seacht gcinn caillte ag Connachta, níor chaill Cúige Uladh ina n-aghaidh ach aon uair amháin ó 2003.

Bua: Cúige Uladh

Dé hAoine, 24 Meán Fómhair
Edinburgh v CÚIGE LAIGHEAN
Murrayfield @ 7.05 - Beo ar RTÉ2/BBC ALBA
Glasgow Warriors v CÚIGE MUMHAN
Firhill Stadium @ 7.30

Dé Sathairn, 25 Meán Fómhair
CONNACHT v CÚIGE ULADH
Sportsgrounds, Gaillimh @ 7.30 - Beo ar TG4

Seachtain amháin fágtha – ansin faic ar feadh trí lá

Páidí Ó Lionáird

Seachtain amháin eile. Sin an méid atá le dul. I gceann seacht lá, stopfaidh go leor daoine in Éirinn agus mórthimpeall na hEorpa ag obair go luath. Stopfaidh siad mar go mbeidh siad ag iarraidh a chinntiú nach gcaillfidh siad oiread agus buille amháin ó mháistrí an chluiche gailf idir imreoirí na hEorpa agus imreoirí SAM. Sea, beidh an Corn Ryder farainn arís ó chúrsa Celtic Manor na Breataine Bige.

Tá na himreoirí roghnaithe ag na captaein, Colin Montgomerie na hEorpa agus Corey Pavin Mheiriceá. Níl le déanamh anois ach na himreoirí a phiocadh le cur in aghaidh a chéile – cleas atá deacair ionas nach mbeidh a fhios ag captaen amháin cad atá ar intinn an chaptaein eile. Mar sin tá níos mó áidh ná scil i gceist sa chás seo. Ádh agus síceolaíocht. Ach beidh cabhair den scoth ag na captaein.

Le Monty, beidh na hÉireannaigh Paul McGinley agus Darren Clarke, an Danmhargach Thomas Bjorn agus an Spáinneach Sergio Garcia.

Agus is iad uachtar na foirne Eorpaí na himreoirí seo a leanas: Lee Westwood na Breataine (má thagann sé slán in am ó ghortú), Rory McIlroy, Graeme McDowell (buaiteoir an Chomórtais Oscailte in Pebble Beach agus Chomórtas Oscailte na Breataine Bige a tionóladh anseo an samhradh seo caite), Pádraig Harrington, atá ag streachailt lena chluiche siúd, Luke Donald na Breataine, Martin Kaymer na Gearmáine, Ross Fisher na Breataine, Peter Hansen na Sualainne agus na dearthóireacha Iodálacha Francesco agus Edoardo Molinari. Foireann fhíor-láidir agus toisc gur sa Bhreatain Bheag atá an dúshlán, ceaptar go mbeidh leo.

Ní bhuafar an comórtas go héasca áfach. Go háirithe agus sinn ag féachaint ar cé hiad atá ar a fhoireann ag Pavin. Le Paul Goydos, Jeff Sluman, Davis Love III agus iarchaptaen na foirne SAM Tom Lehman mar leas-chaptaen aige, ní bheidh aon easpa taithí ann ná easpa súil chomhairleach ach an oiread.

Ansin tá imreoirí SAM. Tá an uimhir a 1 agus a 2 ar domhan acu – Tiger Woods agus Phil Mickelson fá seach. Tá Steve Stricker, agus Jim Furyk, uimhir a 4 agus a 6 fá seach ar domhan. Mar bharr air sin tá Bubba Watson, Hunter Mahan, Dustin Johnson, Jeff Overton, Mat Kuchar, Ricky Fowler agus Zach Johnson ann. Foireann scafánta.



Tosóidh an spleodar le trí lá cleachtaidh ón Mháirt seo chugainn go dtí an Déardaoin agus ansin, ar an Aoine, cuirfear tús i ndáiríre leis an gcoimhlint – *four-balls* (dhá phéire de bheirt in aghaidh a chéile – cách ag bualadh a liathróide féin agus an té as an mbeirt leis an scór is ísle ag buachan an phoill) ar maidin agus foursomes (beirt in aghaidh beirte ach ag bualadh gach re buille ar an aon liathróid amháin) um thráthnóna. Dé Sathairn agus is mar a chéile a bheidh an comórtas.

Ansin ar an nDomhnach beidh an comórtas singil, ina bhfaigheann gach ball foirne deis dul in aghaidh céile comhraic.

An soitheach naofa don dá fhoireann ná 14½ pointe. Beidh iomlán na himeartha spleodrach agus gan sárú. Caithfear faire.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair, 2010

Tánaistí 2009, Seaimpíní 2010?

Gráinne McElwain

Is ait an mac é an saol. Ag deireadh Shraith Peile na mBan i mbliana, is beag duine i mBaile Átha Cliath a cheap go mbeadh siad san iomaíocht fá choinne Chraobh na hÉireann, craobh nach bhfuil bainte acu riamh. Chaill siad ceithre chluiche agus dícháilíodh iad go roinn a dó don bhliain seo chugainn. "Bhí rudaí go dona tar éis na sraithe agus bhí bearna mór ama ann idir sin agus tús na craoibhe. Shocraigh muid síos arís, rinne muid iarracht rudaí a chur le chéile agus díriú ar muid féin a fheabhsú" a deir Gerry McGill, Bainisteoir Bhaile Átha Cliath.

"Tháinig Liam Moggan isteach, síceolaí a bhfuil obair déanta aige le hiománaithe agus peileadóirí na bhfear i mBaile Átha Cliath, chun cúpla seisiún síceolaíochta a dhéanamh agus bhí sé sin iontach dúinn. Guth difriúil a bhí ann agus bhí sé an-mhaith" a deir Gerry.

Seo an ceathrú huair le seacht mbliana anuas go bhfuil Baile Átha Cliath sa chluiche ceannais ag iarraidh Corn Bhreandáin Uí Mháirtín a bhaint. An gcuireann sin leis an bhrú mar sin?

"Ní mhothaím féin brú agus níl aon bhrú ar na cailíní ach amháin an brú a chuireann siad orthu féin. Deir daoine linn go bhfuil Craobh Uile-Éireann tuillte againn anois ach tá a fhios agat féin, ní bhíonn aon rud tuillte agat sa spórt. Le seachtain anuas, tá daoine ag déanamh comparáid idir muid féin agus Tiobraid Árann san iomáint agus peileadóirí na bhfear as Corcaigh, mar gur chaill an dá fhoireann sin Cluichí Ceannais na hÉireann anuraidh, ach ní fheicfidh mé féin an chosúlacht sin go dtí go mbeidh an lá linn ar an Domhnach."

An féidir le Gerry McGill agus Baile Átha Cliath Craobh na hÉireann a bhaint ar an cheathrú hiarracht? (PIC. BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)

"Is ócáid thar a bheith mór é seo do na cailíní agus iad ag dul amach ar Pháirc an Chrócaigh. Gach cluiche eile, tarlaíonn an rud céanna. Téann tú amach leathuair an chloig roimh ré chun téamh suas agus téann tú ar ais arís go dtí na seomraí feistis agus ansin amach fá choinne Amhrán na bhFiann agus tús an chluiche. Ar an Domhnach, beidh muid amuigh go luath agus beidh an mórshiúl ann agus na foirne ag bualadh le hUachtarán Cumann Peil Gael na mBan agus an Taoiseach. Is féidir leis sin cur isteach ar na cailíní. Ach tá taithí againn ar an ócáid sin ó anuraidh agus tá sé sin tábhachtach."

Ár ndóigh seo an chéad uair ag Tír Eoghain i gCluiche Ceannais na hÉireann ach arsa Gerry, "Is foireann láidir iad. Tá cosaint den scoth acu. Bhí Maura Kelly ar fheabhas in aghaidh Ciara McAnespie agus Valarie Mulcahy i mbliana. Tá lár na páirce cumasach agus is maith leo dul ar ruathar agus tá a fhios againn ar fad cé chomh maith is atá na tosaithe."

Ach in aghaidh Chiarraí, bhí an chosaint ciontach as feallanna a dhéanamh agus pointí furasta ó chiceanna saora a chur ar phláta do Louise Ní Mhuircheartaigh.

"Rinne siad é sin an chéad lá ach d'fheabhsaigh siad don athimirt agus ní dhearna siad na botúin céanna. Sheas na himreoirí móra suas nuair a bhí siad ag teastáil, imreoirí ar nós Gemma Begley, Jolene Donnelly agus Aisling O'Kane. Beidh cogadh ann Dé Domhnaigh, bí cinnte dó sin", a deir Gerry.

"Bhuaigh muid Craobh Laighean go furasta agus thosaigh an chaint ina dhiaidh sin go mbeadh sé furasta go leor dúinn in aghaidh an Chláir i gCluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann. Bhí a fhios agam nach mbeadh sé chomh héasca sin ach nuair a bhíonn daoine á rá sin leis na cailíní, bíonn sé deacair éalú óna dtuairimí sin agus bíonn tionchar acu ar na himreoirí. Tharla an rud céanna in aghaidh Laoise ach níor imir muid ar feadh seasca nóiméad. D'imir muid ar feadh tréimhse áirithe sa chluiche sin ach ní bheadh an taispeántas sin maith go leor chun Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint."

"Thaispeáin muid an-charachtar sa chluiche sin in aghaidh Laoise. Bhí muid trí phointe taobh thiar le deich bomaite le dul sa dara leath nuair a tháinig muid ar ais. Tá painéal níos láidre againn agus bhí muid in ann imreoirí ar nós Bernie Finlay agus Niamh McEvoy a thabhairt isteach. Níor imir na cailíní sin ón tsraith ach rinne siad difríocht. Tá seisear cailíní eile ar an phainéal nach bhfuil tar éis imirt sa chraobh go dtí seo ach ní bheadh drogall ar bith orm iad a úsáid más gá. Táim an-mhuiníneach as an fhoireann agus an painéal atá againn i mbliana".

Bean nach mbeidh ag imirt ar an Domhnach ná Noelle Comyn a ghortaigh a glúin (ballnosc croiseach) in aghaidh an Chláir. "Is bean iontach í Noelle agus tá sí ag caint cheana féin faoi theacht ar ais an bhliain seo chugainn", a deir Gerry.

Tá céad is fiche seisiún traenála déanta ag Baile Átha Cliath idir chruinnithe, sheisiún meáchan agus traenáil agus le roinnt míonna anuas, tá siad ag traenáil faoi thrí in aghaidh na seachtaine le dhá sheisiún meáchan ann chomh maith.

"Bíonn go leor oibre i gceist ach tá roghnóirí iontacha agam fosta. B'fhiú go mór é má bhíonn an lá linn ar an Domhnach", a deir Gerry le gáire ina ghlór.

Cluiche Ceannais Sinsir Peile na mBan
Páirc an Chrócaigh @ 4.00in
Baile Átha Cliath v Tír Eoghain

Cad a cheapfá?

Cluiche Ceannais Sinir na hÉireann: Tír Eoghain nó Baile Átha Cliath
Tá sé seo an-deacair a ghlaoch. Níor imir Baile Átha Cliath go maith in aghaidh an Chláir ná in aghaidh Laoise agus beidh deacrachtaí móra acu má imríonn siad an dóigh ar imir siad in aghaidh Laoise i gCluiche Leathcheannais na hÉireann. Ar an lá sin, bhí gluaiseachtaí malla leadránacha acu agus in aghaidh Thír Eoghain, caithfidh siad sin a athrú. Caithfidh siad liathróid dhíreach a chur isteach chuig na tosaithe ach níl lán-tosaí acu mar "target" istigh sa chearnóg mar atá ag Tír Eoghain. Tá brú ar Bhaile Átha Cliath agus níl an líne lán-chúil socraithe ó d'imigh Noelle Comyn le gortú glúine. Ní dóigh liom go bhfuil an lár páirce is láidre sa tír acu agus beidh orthu feabhsú go mór chun an cluiche seo a bhaint.

Níl brú ar bith ar Thír Eoghain agus, le linn na craoibhe, chonaic muid cé chomh maith is atá na tosaithe atá acu. Tá Maura Kelly agus Sinéad McLaughlin ag déanamh sár-obair sa chosaint agus sílim go ndéanfaidh siad an-jab ar Shinéad Aherne agus Lyndsey Davey, na mná is contúirtí ag Baile Átha Cliath. Níl an taithí chéanna ag Tír Eoghain agus atá ag Baile Átha Cliath ar an lá mór ach muna gcuirfidh an ócáid isteach ar Thír Eoghain, sílim go mbeidh anseans acu.

Cén sórt taicticí a bheas ann?
Sílim go mbeidh cluiche foscailte againn ach ní dóigh liom go mbeidh ardscór ann ag an deireadh. Bheifeá ag súil go mbeidh Gemma Begley ag cruthú go leor deiseanna agus ag bogadh timpeall lár na páirce. Caithfidh Baile Átha Cliath a gcuid seansanna a thógáil agus gan faitíos a bheith orthu. Sílim go mbeidh an chosaint dian ach má leanann Baile Átha Cliath ar aghaidh leis an chluiche mall a bhí acu go dtí seo, beidh siad i dtrioblóid.

Cluiche Ceannais Idirmheánach na hÉireann: Dún na nGall nó Port Láirge
Ba chóir go mbeadh an bua ag Dún na nGall. Seo foireann láidir a dícháilíodh anuraidh ach a bhuaigh Cluiche Ceannais Mionúir na hÉireann anuraidh agus Cluiche Ceannais na Sraithe roinn a dó i mbliana. Tá tosaithe den scoth acu agus beidh siad ró-chliste do Phort Láirge.

D'imir Port Láirge go maith in aghaidh an Chabháin i gCluiche Leathcheannais na hÉireann ach níor imir an Cabhán go maith ar an lá. Beidh an bua ag Dún na nGall, éasca go leor sílim.

Cluiche Ceannais Sóisir na hÉireann: Lú nó Luimneach
Tá Lú tar éis éacht a dhéanamh teacht chomh fada le Cluiche Ceannais na hÉireann. Ach tá taithí ag Luimneach. Chaill siad in aghaidh Aontroma anuraidh agus tá foireann níos láidre acu i mbliana.

Is sár-imreoir í Dympna O'Brien agus beidh sé deacair ag Lú í a stopadh. Déarfainn go mbeidh an lá ag Luimneach faoi dheireadh.

Timpeallán na mbainisteoirí tosaithe arís

John Allen

Tá deireadh déanta sa pheil idirchontae agus seaimpíní nua, Corcaigh, ag tabhairt baile fáilteach do chorn Sam Mhic Uidhir go dtí an chéad Mheán Fómhair eile. Tá an timpeallán bainisteoirí tosaithe cheana féin. Agus fós i measc an tslua seasann ainm amháin amach agus sin é Mick O'Dwyer agus é ag leanúint leis i gcomhair bliain eile le peileadóirí Chill Mhantáin.

Thosaigh an bhliain pheile amach maith go leor dó agus bua deich gcúilín ar Cheatharlach ach faraor ní raibh an t-ádh leo an chéad lá eile agus iad cúilín chun deiridh ar Chontae na hIarmhí nuair a séideadh an fheadóg dheiridh.

Dár ndóigh bhí críoch thar a bheith conspóideach le Craobh Laighean nuair a ceadaíodh "cúl" déanach sin na Mí, a chuir deireadh thar a bheith dian le foireann Lú.

Ó thuaidh bhí cúilín amháin le spáráil ina gcéad chluiche craoibhe ag leaideanna an Dúin i gcoinne fhir Dhún na nGall ach chuir saineolaithe an Chúige, Tír Eoghain, deireadh lena rás sa leath-chraobh agus iad ag leanúint ar aghaidh chuig bua éasca go leor sa chraobh agus Muineachán mar fhreasúra acu. Is iad Sligeach a bhí ag fáil na gceannteideal go léir agus iad ag leagan sheolta Mhaigh Eo agus na Gaillimhe agus iad ag déanamh a mbealaigh chuig an gcluiche craoibhe i gCúige Chonnacht ach bhí Ros Comáin ag feitheamh leo san fhéar fada agus bua stairiúil gan choinne acu. Ó dheas tháinig na seannaimhde le chéile sa leath-chraobh agus an bua ag fir na Ríochta i ndiaidh athimirt . Sa chraobh chuir foireann Luimnigh mórán ceisteanna ar fhoireann Jack O'Connor agus ní raibh ach trí chúilín eatarthu ag an deireadh agus Ciarraí ag bogadh ar aghaidh arís.

Bhí cuid maith cluichí sármhaithe sna cluichí cáilithe do chomórtas Sam Mhic Uidhir i mbliana. Ach ar deireadh shroich Corcaigh agus an Dún an craobhchluiche. Bhí sé thar a bheith suimiúil (ach gan mórán grinn ag baint leis) gur chaill gach foireann a d'imir sna craobhacha cúige cluiche cáilithe nó ceathrú ceannais in aghaidh contae a bhí buailte níos luaithe sa bhliain agus a rinne dul chun cinn deas réidh sna cluichí cáilithe i rith an tsamhraidh.

Imreoirí Chorcaí, Daniel Goulding, Paul Kerrigan, agus Anthony Lynch in éineacht le Max Doyle, atá ceithre bliana d'aois, as an Chrois Dearg, Cill Mhantáin, agus iad ar cuairt ar Ospidéal Naomh Muire um Leanaí Breoite, Croimghlinn, Baile Átha Cliath. Bhain foireann Chorcaí Corn Sam Mhic Uidhir Dé Domhnaigh le bua 0-16 0-15 ar fhoireann an Dúin. (PIC BARRY CREGG / SPORTSFILE)

I mo thuairim caithfidh lucht eagraithe na gcluichí rud éigin a dhéanamh chun an fhadhb sin a réiteach (nach bhfuil an dara seans ag an fhoireann a bhuann a gcraobh chúige).

Bhí sár-chraobh againn agus ní raibh ach caitheamh na pingine eatarthu ag an deireadh. Rinne Conor Counihan agus a roghnóirí an cinneadh ceart leis an gcaptaen Graham Canty, gan é a thosú . Bhí an-áthas orm gur tháinig sé ar an bpáirc sa dara leath agus gur imir sé chomh maith san go dtí an deireadh. Is iontach an t-imreoir é agus tá seirbhís den scoth tugtha aige do Chorcaigh le deich mbliana anuas. I mo thuairim, ní raibh aon duine níos fearr chun an corn cáiliúil a ghlacadh ná Canty. Rinne fear na Gaeltachta Nollaig Ó Laoire sárjab ar Martin Clarke.

Mar sin féin, bhí sár-chraobh againn agus ní raibh ach caitheamh na pingine eatarthu ag an deireadh. Rinne Conor Counihan agus a roghnóirí an cinneadh ceart leis an gcaptaen Graham Canty, gan é a thosú . Bhí an-áthas orm gur tháinig sé ar an bpáirc sa dara leath agus gur imir sé chomh maith san go dtí an deireadh. Is iontach an t-imreoir é agus tá seirbhís den scoth tugtha aige do Chorcaigh le deich mbliana anuas. I mo thuairim, ní raibh aon duine níos fearr chun an corn cáiliúil a ghlacadh ná Canty. Rinne fear na Gaeltachta Nollaig Ó Laoire sárjab ar Martin Clarke. Is laoch amach is amach é Nollaig agus bonn chraobh na hÉireann tuillte aige agus ag an sean-fhondúir Nicholas Murphy atá ag treabhadh leis ar feadh na mblianta.

Bhí an-trua agam don laoch Gaeltachta eile Antóin Ó Loinsigh nach raibh ábalta a chuid a dhéanamh ar an ócáid bhuacach stairiúil. Is iomaí gaisce atá déanta ag an Loinseach le blianta beaga anuas agus is mór an trua nach raibh sé ábalta aon pháirt a ghlacadh inné.

D'imir foireann an Dúin go hiontach agus b'fhéidir go raibh an dara seans tuillte acu ach rith an clog amach orthu. Tá súil agam go mbeidh siad ann arís an bhliain seo chugainn ach beidh sé deacair orthu. B'fhéidir go gcuirfidh an syndrome dara séasúr isteach orthu agus cinnte beidh na contaetha eile ag faire go géar orthu nuair a thosóidh an séasúr nua tar éis bhriseadh na Nollag.

Ach tá Sam cois Laoi agus súil agam go bhfanfaidh sé bliain nó dhó eile ina chontae dúchais .

Fógraíodh le déanaí go bhfuil an craoltóir cáiliúil Mícheál Ó Muircheartaigh ag crochadh suas an microphone sara i bhfad. Luaigh mé an tseachtain seo caite go rabhas i measc na n-aíonna a chaith oíche speisialta ina chomhluadar in Ostán an Galway Bay coicís ó shin ach níor thug sé aon nod dúinn go raibh sé chun éirí as .

I ndiaidh níos mó ná trí scór bliain a chaitheamh ag cruthú pictiúir iontacha ar an raidió dúinn tá sé sásta dul amach agus é i mbarr a cheirde agus é fós ag baint an-taitneamh as.

Ní líonfar a bhróga go deo. Bhí a stíl féin aige, bhí a ghuth féin aige . Bhí a chanúint féin aige agus níos mó ná aon rud bhí a phearsantacht mhacánta, réchúiseach aige nár athraigh riamh. Go maire sé céad.

Bhí an-ionadh orm nuair a fógraíodh iar-bhainisteoir iomána Chorcaí Dónal Ó Gráda mar bhainisteoir nua iománaithe Luimnigh. I ndiaidh bliain chonspóideach bhí ceannaire ag teastáil le taithí agus duine atá eagraithe agus dian . Comhlíonann Ó Gráda na riachtanais sin ach fós is cailís nimhithe de shórt é.

É sin ráite is duine é Ó Gráda nach luíonn síos ró-éasca agus nach dtógann leithscéalta. Is cóitseálaí den scoth é agus má éiríonn leis na himreoirí is fearr sa chontae a mhealladh ar ais ag imirt chomh maith leis na leaideanna is fearr a d'imir i mbliana beidh tosach maith déanta aige . An sprioc is tábhachtaí atá aige anois ná traenálaí fisicúil den chéad scoth a fháil.

Ansin an chéad sprioc eile ná teacht amach as roinn a dó na sraithe agus b'fhéidir nach mbeidh sé sin ró-éasca ach an oiread. Guím gach rath air.

Beir Bua.

Comhghairdeas leat a Katie! (PIC. PAUL MOHAN / SPORTSFILE)

Seaimpín den scóth

Gráinne McElwain

Nach iontach an bhean í an dornálaí, Katie Taylor. D'fhill sí abhaile ar Bhaile Átha Cliath i dtús na seachtaine seo agus an tríú bonn óir atá buaite aici ag Craobh an Domhain timpeall ar a muineál.

Ní amháin gur bhuaigh sí an bonn sin, ach roghnaíodh í mar Dhornálaí an Chomórtais i mBarbadós chomh maith, an dara huair go bhfuil an gradam sin buaite aici, mar gur bhuaigh sí sa tSín é ag Craobh an Domhain in 2008 chomh maith. Nuair a thuirling sí in Aerfórt Bhaile Átha Cliath bhí suas le céad duine ansin chun fáilte a chur roimpi, ina measc Kenny Egan agus daoine eile atá chomh bródúil sin as an méid atá bainte amach aici agus iad uilig ár ndóigh ag súil go mór leis na Cluichí Oilimpeacha a bheidh i Londain in 2012.

Trí bliana is fiche atá an dornálaí as Bré i gCo. Chill Mhantáin agus dúirt sí go raibh an bonn seo níos milse ná na boinn eile mar go raibh an comórtas chomh dian an uair seo, go háirithe sa bhabhtha leathcheannais in aghaidh Queen Underwood as Meiriceá.

Ní raibh an babhta ceannais chomh crua céanna nuair a bhuail sí Cheng Dong as an tSín (18-5). Is chuig a hathair agus oiliúnóir, Peter Taylor, a bhí ina cúinne, a rith sí chomh luath agus a bhí an troid thart agus thosaigh an ceiliúradh.

Cúig seachtaine saoire atá anois aici agus déanfar roinnt ceiliúrtha chomh maith, ach tá ocht mí dhéag traenála agus comórtaisí eile roimpi ina dhiaidh sin agus mar bhuaic air sin ar fad beidh na Cluichí Oilimpeacha.

Mar is iondúil, déanfar go leor cainte fúithi idir an dá linn ach is bóthar fada é an bóthar atá roimpi agus tá súil agam nach gcuirfidh aon ghortú ná aon rud eile isteach ar an réiteach a bheidh le déanamh aici. Faoi cheann ocht mí dhéag beidh Craobh na hEorpa ar siúl, ina dhiaidh sin Craobh an Domhain arís a bheidh sa tSín agus a bheidh mar bhabhta cáilithe do na Cluichí Oilimpeacha i Londain.

Dea-scéala eile a fuair sí le déanaí chomh maith ná go bhfuil an fear gnó, Denis O'Brien, le hurraíocht a dhéanamh uirthi ar feadh trí bliana go dtí 2012 agus deirtear go mbeidh sé flaithiúil go maith léi.

Tá sé tuillte go maith aici nach mbeidh uirthi a bheith ag smaoineamh ar chúrsaí airgid, agus go mbeidh sí ann díriú ar cheird na dornálaíochta. Go n-éirí leat a Khatie.